



Uimhir 33 de 2013

**AN tACHT UM THITHE AN OIREACHTAIS
(FIOSRÚCHÁIN, PRIBHLÉIDÍ AGUS NÓSANNA
IMEACHTA), 2013**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA NALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú — ginearálta.
3. Caiteachais.
4. Rialacháin a leagan.
5. Aisghairm.

CUID 2

CINEÁLACHA FIOSRÚCHÁN A FHÉADFAR A SHEOLADH

CAIBIDIL 1

Fiosrúcháin de chuid alt 7, alt 8, alt 9, alt 10 agus alt 11, etc.

6. Feidhm *Chaibidil 1*.
7. Cumhacht coiste chun fiosrúchán a sheoladh ar mhodh fianaise a thaifeadh, etc.
8. Cumhacht coiste chun fiosrúchán a sheoladh i dtaobh feidhmeanna reachtacha ceachtar Tí nó an dá Theach.
9. Cumhacht coiste chun fiosrúchán a sheoladh i dtaobh sealbhóirí oifige áirithe a chur as oifig etc.
10. Cumhacht coiste chun fiosrúchán a sheoladh i dtaobh iompar comhalta de Theach.
11. Cumhacht coiste chun fiosrúchán a sheoladh i dtaobh iompar sealbhóirí oifige áirithe, etc.

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

12. Togra ó choiste chun fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a sheoladh.
13. Téarmaí tagartha a shocrú le haghaidh fiosrúchán de chuid *Chuid 2*.
14. Cinneadh gur mainníodh comhoibriú le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*.

CAIBIDIL 2

Fiosrúchán de chuid alt 16

15. Feidhm *alt 16*.
16. Féadfaidh coiste imscrúdú a sheoladh i dtaobh cúiseamh faoi Airteagal 12.10 den Bhunreacht.

CUID 3

URRAMÓFAR NÓSANNA IMEACHTA CÓRA I BHFIOSRÚCHÁIN DE CHUID *Chuid 2*

17. Ní chaithfear amhras go díreach ar dhea-chlú duine seachas daoine áirithe de bharr cinntí fórais.
18. Pribhléidí agus díolúintí finnéithe.
19. Treoirlínte i ndáil le nósanna imeachta fiosrúcháin de chuid *Chuid 2*.
20. Cumhacht cathaoirligh coiste chun ordacháin a thabhairt, etc.
21. Ní bheidh comhalta ina chomhalta nó ina comhalta coiste i gcás go bhféadfaí a bhrath go bhfuil claontacht i gceist.
22. Cearta finn é i bhfiosrúchán de chuid *Chuid 2*, etc.
23. Gníomh a bheidh le déanamh i gcás go gcaithfear amhras go díreach ar dhea-chlú duine.
24. Ceart chun dea-chlú ag duine a bhfuil an coiste i dteideal ina leith cinneadh a dhéanamh lena gcaithfear amhras go díreach ar a dhea-chlú nó a dea-chlú.
25. Daoine eile a shaináithnítear i bhfianaise.
26. Fógra go bhfuil ar intinn cumhachtaí faoi *Chuid 6* maidir le hinordaitheacht a fheidhmiú.
27. Caighdeán cruthúnais.
28. Dualgas cumhachtaí an choiste a chur in iúl d'fhinné agus nithe a chur in iúl d'fhinné, etc.
29. Ní bheidh fianaise a thabharfar do choiste nó a chuirfear chuig coiste inghlactha in imeachtaí áirithe.
30. Ábhar iomchuí a chaomhnú.
31. Is go poiblí a sheolfar an fiosrúchán.
32. Cionta — *Cuid 3*.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CUID 4

TUARASCÁLACHA AGUS DOICIMÉID ÁIRITHE FAOI RÚN MAIDIR LE
FIOSRÚCHÁIN DE CHUID *Chuid 2*

33. Tuarascálacha críochnaitheacha.
34. Tuarascálacha eatramhacha.
35. Tabharfar dréacht de thuarascáil iomchuí do dhaoine áirithe.
36. Rúndacht dréacht-tuarascálacha.
37. Rúndacht doiciméad eile.
38. Caomhnú rúndachta i dtaca le faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de.
39. Dréacht-tuarascálacha a leasú.
40. Foilsiú na tuarascála críochnaithí agus tuarascálacha eatramhacha.
41. Cionta — *Cuid 4*.

CUID 5

COSTAIS DLÍ I NDÁIL LE FIOSRÚCHÁN DE CHUID *Chuid 2*, CAITEACHAIS
I NDÁIL LE FIOSRÚCHÁN DE CHUID *Chuid 2* AGUS COSTAIS DLÍ BILLE
PHRÍOBHÁIDIGH

CAIBIDIL 1

Míithe, meastachán ar chostais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid
Chuid 2 agus ar chaiteachais i ndáil le fiosrúchán de chuid Chuid 2
agus breithneoirí costas dlí parlaiminteach

42. Míithe — *Cuid 5*.
43. Meastachán ar shuim na gcostas dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* agus na gcaiteachas i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*.
44. Breithneoir costas dlí parlaiminteach.
45. Cumhachtaí breithneora costas dlí parlaiminteach.

CAIBIDIL 2

Costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid Chuid 2

46. Eiseoidh Coimisiún an Oireachtais treoirlínte i leith costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*.
47. Costais dlí tríú páirtí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* in imeachtaí fiosrúcháin de chuid *Chuid 2*.
48. Costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a dhámhadh in aghaidh tríú páirtithe.
49. Coimisiún an Oireachtais d'íoc costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, etc.

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

50. Imeachtaí chun costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a chúiteamh.
51. Iarratas ar mheasúnacht ar chostais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*.
52. Deimhniú costas.

CAIBIDIL 3

Caiteachais i ndáil le fiosrúchán de chuid Chuid 2

53. Eiseoidh Coimisiún an Oireachtais treoirlínte i leith caiteachais i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*.
54. Coimisiún an Oireachtais d'íoc caiteachais i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*.
55. Caiteachais i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a dhámhachtain in aghaidh tríú páirtithe, etc.

CAIBIDIL 4

Costais dlí bille phríobháidigh

56. Éisíodh Coimisiún an Oireachtais treoirlínte i leith costais dlí bille phríobháidigh.
57. Costais dlí bille phríobháidigh (tionscnóir) a dhámhachtain ar thionscnóirí.
58. Costais dlí bille phríobháidigh (achainíoch) a dhámhachtain ar achainígh.
59. Imeachtaí chun costais dlí bille phríobháidigh a chúiteamh.
60. Forálacha d'fhorlónadh *ailt 57* agus *58*.
61. Deimhniú costas.

CAIBIDIL 5

Ilghnéitheach

62. Feidhmiú breise *Chuid 5*.
63. Cumhacht Choimisiún an Oireachtais chun foirm doiciméad a shonrú.
64. Cionta — *Cuid 5*.

CUID 6

INORDAITHEACHT, PRIBHLÉIDÍ AGUS DÍOLÚINTÍ I NDÁIL LE FIOSRÚCHÁIN DE CHUID *Chuid 2*

65. Míniú ar “ordachán”.
66. Feidhm *Chuid 6*.
67. Cumhachtaí coiste chun fianaise a fháil.
68. Raon *alt 67*.
69. Feidhm *alt 67* maidir le comhaltaí den bhreithiúnacht, etc.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

70. Fianaise iomchuí.
71. Faisnéis áirithe, etc. a bheith díolmhaithe ó *alt 67*.
72. Dearbhuithe i ndáil le hordacháin.
73. Forálacha d'fhorlíonadh *alt 67*.
74. Cosaint agus srian ar an Acht um Rúin Oifigiúla, 1963.
75. Cionta — *Cuid 6*.

CUID 7

INORDAITHEACHT, PRIBHLÉIDÍ AGUS DÍOLÚINTÍ I NDÁIL LE GNÓ EILE
COISTE

CAIBIDIL 1

Mínithe agus feidhm Chaibidlí 2 agus 3

76. Mínithe — *Cuid 7*.
77. Feidhm *Chaibidlí 2* agus *3*.

CAIBIDIL 2

Pribhléidí agus díolúintí, etc.

78. Pribhléidí agus díolúintí finnétithe.
79. Treoirínte i ndáil le nósanna imeachta i dtaobh gnó eile coiste.
80. Daoine eile a shainaithnítear i bhfianaise.
81. Fianaise arna tabhairt do choiste nó arna cur chuige gan bheith inghlactha in imeachtaí áirithe.
82. Cionta — *Caibidil 2*.

CAIBIDIL 3

Ordacháin a fhéadfaidh coiste a bheidh ag seoladh gnó eile coiste a thabhairt agus nithe gaolmhara

83. Cumhachtaí coiste chun fianaise a fháil.
84. Raon *alt 83*.
85. Fianaise iomchuí.
86. Fianaise áirithe, etc., a dhíolmhú ó *alt 83*.
87. Dearbhuithe i ndáil le hordacháin.
88. Forálacha d'fhorlíonadh *alt 83*.
89. Cosaint agus srian ar an Acht um Rúin Oifigiúla, 1963.
90. Cionta — *Caibidil 3*.

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CAIBIDIL 4

Féadfaidh Coimisiún an Oireachtais caiteachais finnêithe, etc. a íoc

91. Féadfaidh Coimisiún an Oireachtais caiteachais réasúnacha finnêithe, etc. a íoc.

CUID 8

PRIBHLÉID AGUS DÍOLÚINE NA gCOISTÍ AGUS CHOMHALTAÍ NA dTITHE
AGUS SRIAN AR FHIANAISE DAOINE ÁIRITHE

92. Pribhléid agus díolúine coistí, etc.
93. Srian ar fhianaise, etc., daoine áirithe.

CUID 9

IARRATAIS CHUN NA hARD-CHÚIRTE I NDÁIL LE HÍMEACHTAÍ IOMCHUÍ,
ETC.

94. Iarratas chun na Cúirte ar ordacháin maidir le ní a bhaineann le himeachtaí iomchuí.
95. Forálacha a bhfuil feidhm leo i gcás go mbeartaíonn coiste le rún go bhféadfaí dochar a dhéanamh d'imeachtaí coiriúla, etc. le foilsiú tuarascála iomchuí.
96. Ról na Cúirte le linn costais dlí tríú páirtí a dhámhachtain faoi *ailt 48, 55, 57 agus 58*.
97. Féadfaidh Cúirt *alt 50* nó *59* a chur ar ceal.
98. Tarchur chuig an gCúirt i dtaca le costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* nó costais dlí bille phríobháidigh.
99. Iarratas chun na Cúirte i gcás go mainníonn duine déanamh de réir ordachán faoi *alt 67(1)* nó *83(1)*.
100. Achomharc chun na Cúirte i gcoinne ordachán áirithe faoi *alt 67(1)* nó *83(1)*.
101. Dífheidhmiú *alt 94(5)(a)* nó *(b)* nó *100(2)(b)*, maidir le coiste in imthosca áirithe.
102. Rogha na Cúirte chun nithe áirithe a éisteacht ar shlí eile seachas go poiblí.
103. Forálacha d'fhorlíonadh *ailt 94 go 102*.

CUID 10

PRIBHLÉID I NDÁIL LE PÁIPÉIR PHRÍOBHÁIDEACHA AGUS CUMARSÁIDÍ
RÚNDA

104. Léiriú — *Cuid 10*.
105. Cumarsáidí cosanta comhalta.
106. Cumarsáid a nochtadh.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Níosanna*
Imeachta), 2013.

107. An ní is páipéar príobháideach nó cumarsáid faoi rún ann a chinneadh.
108. Treoirlínte.
109. Iarchomhalta nó comhalta éagtha den Teach.
110. Páipéar príobháideach a nochtadh ar mhodh fianaise.
111. Cionta — *Cuid 10*.

CUID 11

PRIBHLÉID I nDÁIL LE DOICIMÉID OIFIGIÚLA

112. Léiriú — *Cuid 11*.
113. Ordacháin maidir le doiciméid oifigiúla.
114. Srian le rochtain gan údarú ar dhoiciméid oifigiúla.
115. Doiciméad oifigiúil a nochtadh ar mhodh fianaise.
116. Cionta — *Cuid 11*.

CUID 12

FIANAISE FAOI MHIONN

117. Cumhacht chun finnétithe a cheistiú agus a chur faoi mhionn.
118. Cumhacht chun fianaise faoi mhionn a éileamh.
119. Cionta — *Cuid 12*.

CUID 13

DOICIMÉID A LEAGAN

120. Míniú ar “reacht”.
121. An nós imeachta chun doiciméid a leagan.
122. Tréimhse íosta maidir le doiciméid áirithe a leagan faoi bhráid Tí.

CUID 14

ILGHNÉITHEACH

123. Cionta ag comhlachtaí corpraithe.
124. Imeachtaí sa Chúirt, etc.
125. Ionchúisimh.
126. Ní thitfidh imeachtaí dlí ar lár ar fhiosrúchán, etc. a scor.
127. Srian leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.
128. Leasú ar an *Witnesses (Public Inquiries) Protection Act*, 1892.

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

129. Leasú ar alt 21 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.
130. Leasú ar alt 46 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997.
131. Leasú ar alt 13 den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998.
132. Leasú ar alt 17 den Acht um Chlúmhillleadh, 2009.
133. Cionta — *Cuid 14*.

AN SCEIDEAL

AISGHAIRM

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna
Imeachta), 2013.

NA hAchtanna na dTagraítear

<i>Bill of Rights</i> , 1688	1688 (1 Will. & Mary sess. 2) c. 2
An tAcht Craolacháin, 2009	2009, Uimh. 18
An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998	1998, Uimh. 22
Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956	1956, Uimh. 46
An tAcht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004	2004, Uimh. 23
An tAcht fán gCoiste um Chuntais Phoiblí Dháil Éireann (Pribhléid agus Nós Imeachta), 1970	1970, Uimh. 22
An tAcht um Choistí Thithe an Oireachtais (Inordaitheacht, Pribhléidí agus Díolúintí Finnéithe), 1997	1997, Uimh. 17
An tAcht um Choistí Thithe an Oireachtais (Inordaitheacht, Pribhléidí agus Díolúintí Finnéithe), 2004	2004, Uimh. 16
An tAcht um Choistí Thithe an Oireachtais (Pribhléid agus Nós Imeachta), 1976	1976, Uimh. 10
Acht na gCuideachtaí, 1963	1963, Uimh. 33
Acht na gCuideachtaí, 1990	1990, Uimh. 33
Achtanna na gCuideachtaí	
An tAcht um an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus um Choistí Thithe an Oireachtais (Forálacha Speisialta), 1998	1998, Uimh. 47
An tAcht Oifigigh Cúirte, 1926	1926, Uimh. 27
An tAcht Cúirteanna Breithiúnais (An Chúirt Dúiche), 1946	1946, Uimh. 21
An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1924	1924, Uimh. 10
An tAcht um Chlúmhilleadh, 2009	2009, Uimh. 31
An tAcht Cosanta, 1954	1954, Uimh. 18
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995	1995, Uimh. 22
An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997	1997, Uimh. 13
Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003	
Acht an Gharda Síochána, 2005	2005, Uimh. 20
<i>House of Commons Costs Taxation Act</i> , 1847	1847 (10 & 11 Vict.) c. 69
<i>House of Commons Costs Taxation Act</i> , 1879	1879 (42 & 43 Vict.) c. 17
<i>House of Lords Costs Taxation Act</i> , 1849	1849 (12 & 13 Vict.) c. 78
An tAcht um Thithe an Oireachtais (Doiciméid a Leagan faoina mBráid), 1966	1966, Uimh. 10
An tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993	1993, Uimh. 10
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001	2001, Uimh. 37
Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003	2003, Uimh. 32
An tAcht um Rúin Oifigiúla, 1963	1963, Uimh. 1
An tAcht Mionnaí Finnithe Oireachtais, 1924	1924, Uimh. 53
An tAcht Ombudsman, 1980	1980, Uimh. 26
<i>Parliamentary Attendance Act</i> , 1514	1514 (6 Hen. 8) c. 16
<i>Parliamentary Costs Act</i> , 1865	1865 (28 & 29 Vict.) c. 27
<i>Parliamentary Costs Act</i> , 1867	1867 (30 & 31 Vict.) c. 136
<i>Parliamentary Costs Act</i> , 1871	1871 (34 & 35 Vict.) c. 3
<i>Parliamentary Privilege Act</i> , 1471	1471-72 (11 & 12 Edw. 4) c. 80 [P.R.O. vol. 3]
<i>Parliamentary Privilege Act</i> , 1512	1512 (4 Hen. 8) c. 8
<i>Parliamentary Privilege Act</i> , 1603	1603 (1 Jas. 1) c. 13

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna
Imeachta), 2013.

<i>Parliamentary Privilege Act, 1737</i>	1737 (11 Geo. 2) c. 24
<i>Parliamentary Privilege Act, 1770</i>	1770 (10 Geo. 3) c. 50
<i>Parliamentary Witnesses Act, 1858</i>	1858 (21 & 22 Vict.) c. 78
<i>Parliamentary Witnesses Oaths Act, 1871</i>	1871 (34 & 35 Vict.) c. 83
An tAcht um Chostaisí Billí Príobháideacha, 1924	1924, Uimh. 52
An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997	1997, Uimh. 27
Acht Roghchoiste um Reachtaíocht agus Slándáil Dháil Éireann (Pribhléid agus Díolúine), 1994	1994, Uimh. 32
An tAcht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil, 2007	2007, Uimh. 28
An tAcht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil, 2009	2009, Uimh. 46
An tAcht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil, 2012	2012, Uimh. 19
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997	1997, Uimh. 39
Na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise), 1921 go 2011	
<i>Witnesses (Public Inquiries) Protection Act, 1892</i>	1892 (55 & 56 Vict.) c. 64



Uimhir 33 de 2013

**AN tACHT UM THITHE AN OIREACHTAIS
(FIOSRÚCHÁIN, PRIBHLÉIDÍ AGUS NÓSANNA
IMEACHTA), 2013**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE CEACHTAR TEACH NÓ AN DÁ THEACH DEN OIREACHTAS (NÓ COISTE DE CHEACHTAR TEACH NÓ DEN DÁ THEACH) D'FHEIDHMIÚ CUMHACHTA CHUN FIOSRÚCHÁN A SHEOLADH AR NITHE SONRAITHE, DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE A BHAINNEAN LE hINORDAITHEACHT, PRIBHLÉID AGUS NÓS IMEACHTA SNA TITHE (AGUS I gCOISTÍ DE CHEACHTAR TEACH NÓ DEN DÁ THEACH), AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[24 Iúil 2013]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

(3) I gcás go mbeartaíonn an tAire ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (2)*—

- (a) cuirfidh sé nó sí faoi deara dréacht den ordú a bheartaítear a leagan faoi bhráid gach Tí, agus
- (b) ní dhéanfaidh sé nó í an t-ordú mura mbeidh, agus go dtí go mbeidh, rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach.

Cd.1 [Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

Léiriú — ginearálta. 2.—(1) San Acht seo—

folaíonn “cathaoirleach” i ndáil le coiste, aon chomhalta coiste a bheidh, de thuras na huaire, ag gníomhú mar chathaoirleach an choiste de bhun *alt 21(6)*;

ciallaíonn “státseirbhíseach” stát-sheirbhíseach de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956;

ciallaíonn “coimisiún” coimisiún arna bhunú faoin Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004;

ciallaíonn “coiste” ceachtar Teach agus é ag suí mar choiste, coiste arna cheapadh ag ceachtar Teach nó comhchoiste, agus foláíonn sé fochoiste de chuid aon choiste den sórt sin agus, i ndáil le himeachtaí iomchuí, ciallaíonn sé an coiste a bheidh ag seoladh na n-imeachtaí;

ciallaíonn “comhalta coiste”, i ndáil le coiste, comhalta den choiste;

ciallaíonn “Coiste um Chuntais Phoiblí” an coiste de Dháil Éireann arna bhunú faoi rialacha agus bhuanorduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann ar an gcéanna;

foláíonn “rialú”, i ndáil le doiciméad, an cumas an doiciméad a fháil;

ciallaíonn “cuideachta nó comhlacht rialaithe” cuideachta nó comhlacht faoi rialú aon cheann díobh seo a leanas de réir bhrí alt 11 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997—

- (a) cuideachta lena mbaineann *mír (a)* den mhíniú ar “comhlacht iomchuí”,
- (b) fochuideachta lena mbaineann *mír (b)* den mhíniú sin,
- (c) comhlacht lena mbaineann *mír (c)* den mhíniú sin, nó
- (d) comhlacht seirbhíse poiblí lena mbaineann *mír (d)* nó *(e)* den mhíniú ar “comhlacht poiblí”;

ciallaíonn “Cúirt” Ard-Chúirt;

foláíonn “doiciméad”—

- (a) leabhar, taifead nó ábhar scríofa nó clóite eile i bhfoirm ar bith (lena n-áirítear in aon fheiste leictreonach),
- (b) léarscáil, plean nó líníocht,
- (c) diosca, téip nó feiste mheicniúil nó leictreonach eile ina gcorpraítear sonraí seachas amharciómhánna ionas gur féidir, le cúnaimh nó gan cúnaimh trealaimh mheicniúil nó leictreonaigh éigin eile, iad a atáirgeadh ón diosca, ón téip nó ón bhfeiste eile,
- (d) scannán, diosca, téip nó feiste mheicniúil nó leictreonach eile ina gcorpraítear amharciómhánna ionas gur féidir, le cúnaimh nó gan cúnaimh trealaimh mheicniúil nó leictreonaigh éigin eile, iad a atáirgeadh ón scannán, ón diosca, ón téip nó ón bhfeiste eile, agus

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

Cd.1 A.2

(e) cóip d'aon ní a thagann faoi réim *mhír* (a), (b), (c) nó (d);

folaíonn “feiste leictreonach” aon fheiste a úsáideann aon mheán leictreach, digiteach, maighnéadach, optúil, leictreamaighnéadach, bithmhéadrach, nó fótónach, nó saghsanna eile teicneolaíochta gaolmhaire, nó aon teaghlaim den chéanna, chun sonraí a stóráil nó a tharchur, nó chun sonraí a stóráil agus a tharchur ar aon;

ciallaíonn “achtachán” Acht nó ionstraim reachtúil nó aon chuid d’Acht nó d’ionstraim reachtúil;

folaíonn “fianaise”, i ndáil le himeachtaí iomchuí, aon nochtadh tuairime, creidimh nó intinne, cibé acu ó bhéal, i scríbhinn nó ar shlí eile, a dhéanfar i leith na n-imeachtaí;

ciallaíonn “tuarascáil chríochnaitheach”, i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, an tuarascáil chríochnaitheach faoi *alt 33(1)* ón gcoiste i leith an ní is ábhar don fhiosrúchán (agus foláíonn sé aon fhianaise a bheidh fágtha ar lár as an leagan clóite den tuarascáil chríochnaitheach de bhun *alt 33(4)*);

ciallaíonn “tabhairt”, i leith doiciméid, an doiciméad a chur nó é a thabhairt ar aird;

ciallaíonn “Teach” Teach den Oireachtas agus, i ndáil le coiste (seachas Teach a bheidh ag suí mar choiste), ciallaíonn sé—

(a) faoi réir *mhír* (b), an Teach den Oireachtas a cheap an coiste, agus

(b) más comhchoiste an coiste, dhá Theach an Oireachtais;

ciallaíonn “tuarascáil eatramhach”, i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, tuarascáil eatramhach faoi *alt 34(1)* ón gcoiste i leith an ní is ábhar don fhiosrúchán (agus foláíonn sé aon fhianaise a bheidh fágtha ar lár as an leagan clóite den tuarascáil eatramhach de bhun *alt 33(4)* arna léamh le *halt 34(2)*);

ciallaíonn “comhchoiste”—

(a) coiste arna cheapadh ag an dá Theach de réir téarmaí comhionanna, nó

(b) coiste arna cheapadh ag Teach agus arna chomhcheangal le coiste eile arna cheapadh ag an Teach eile;

ciallaíonn “cleachtóir dlí” duine is abhcóide cleachtach nó aturnae cleachtach agus foláíonn tagairt d’aturnae tagairt do ghnólacht aturnaetha;

ciallaíonn “Aire” an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;

ciallaíonn “Coimisiún an Oireachtais” Coimisiún Thithe an Oireachtais;

ciallaíonn “gnó eile coiste” aon ghnó, seachas fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, a bheidh arna sheoladh nó le seoladh ag coiste;

tá le “breithneoir costas dlí parlaiminteach” an bhrí a shanntar dó le *halt 42*;

[*Uimh. 33.*] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

ciallaíonn “fiosrúchán de chuid *Chuid 2*” fiosrúchán de chuid *alt 7*, fiosrúchán de chuid *alt 8*, fiosrúchán de chuid *alt 9*, fiosrúchán de chuid *alt 10*, fiosrúchán de chuid *alt 11* nó fiosrúchán de chuid *alt 16*, arna sheoladh nó le seoladh ag coiste;

ciallaíonn “comhlacht poiblí”—

- (a) Roinn Stáit,
- (b) An Garda Síochána,
- (c) na Buan-Óglaigh de réir bhrí an Achta Cosanta, 1954,
- (d) údarás áitiúil de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001,
- (e) comhlacht arna bhunú le haon achtachán nó cairt, nó faoi aon achtachán nó cairt, seachas Achtanna na gCuideachtaí, nó
- (f) comhlacht iomchuí a shonróidh an tAire, i rialacháin a dhéanfar faoi *fho-alt (8)*, mar chomhlacht iomchuí a thagann faoi réim na míre seo;

ciallaíonn “foilsíú”, i ndáil le ráiteas, caint, líomhain nó doiciméad, foilsíú don phobal nó d’aicme den phobal;

ciallaíonn “comhlacht iomchuí”—

- (a) cuideachta arna bunú faoi Achtanna na gCuideachtaí, is cuideachta a bhfuil tromlach a scaireanna á sealbhú—
 - (i) ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas, nó
 - (ii) ag stiúrthóirí arna gceapadh ag Aire den Rialtas,
- (b) fochuideachta, de réir bhrí *alt 155* d’Acht na gCuideachtaí, 1963, de chuideachta lena mbaineann *mír (a)*,
- (c) comhlacht a mhaoinítear, go hiomlán nó go páirteach—
 - (i) as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas, nó
 - (ii) as airgead ón bPríomh-Chiste nó a thoradh fáis, nó
- (d) cuideachta nó comhlacht rialaithe a bheidh sonraithe ag an Aire, i rialacháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (9)*, mar chuideachta nó comhlacht rialaithe a thagann faoi réim na míre seo;

ciallaíonn “mí-iompar iomchuí”, i ndáil leis an gcoiste a bheidh ag seoladh fiosrúcháin de chuid *Chuid 2*, cinneadh fíorais ag an gcoiste is cinneadh fíorais a thagann faoi réim aon cheann de *mhíreanna (a)* go (*h*) d’*alt 14*;

ciallaíonn “imeachtaí iomchuí”—

- (a) fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, nó
- (b) gnó eile coiste;

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

Cd.1 A.2

ciallaíonn “tuarascáil iomchuí”, i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, tuarascáil eatramhach nó an tuarascáil chríochnaitheach;

ciallaíonn “rialacha agus buanorduithe” na rialacha agus na buanorduithe a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire is rialacha agus buanorduithe ceachtar Tí i dtaobh gnó poiblí arna ndéanamh ag gach Teach de bhun Airteagal 15.10 den Bhunreacht;

ciallaíonn “fiosrúchán de chuid *alt 7*” fiosrúchán dá dtagraítear in *alt 7(1)*;

ciallaíonn “fiosrúchán de chuid *alt 8*” fiosrúchán dá dtagraítear in *alt 8(1)*;

ciallaíonn “fiosrúchán de chuid *alt 9*” fiosrúchán dá dtagraítear in *alt 9(1)*;

ciallaíonn “fiosrúchán de chuid *alt 10*” fiosrúchán dá dtagraítear in *alt 10(1)*;

ciallaíonn “fiosrúchán de chuid *alt 11*” fiosrúchán dá dtagraítear in *alt 11(1)*;

ciallaíonn “fiosrúchán de chuid *alt 16*” imscrúdú dá dtagraítear in *alt 16(1)(a)*;

folaíonn “foirceannadh”, i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, an fiosrúchán a fhoirceannadh tríd an Teach do dhíscaoileadh an choiste;

ciallaíonn “téarmaí tagartha”, i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* nach fiosrúchán de chuid *alt 16*, na téarmaí tagartha don fhiosrúchán arna leagan síos faoi *alt 13*;

ciallaíonn “binse” binse lena mbaineann na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise), 1921 go 2011;

folaíonn “finné”, i ndáil le himeachtaí iomchuí, finné ionchasach.

(2) Chun críocha an Achta seo, meastar, maidir le doiciméad atá i seilbh nó faoi rialú comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe de chineál ar bith, cheal fianaise ar a mhalairt, é a bheith freisin i seilbh nó faoi rialú aon phearsa aonair, ar féidir a bheith ag súil leis, le réasún, mar gheall ar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna nó a phost nó a post laistigh den chomhlacht corpraithe nó den chomhlacht neamhchorpraithe, de réir mar a bheidh, go bhfuil an doiciméad ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú.

(3) Ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a choisceann ar dhuine (lena n-áirítear an coiste) atá i dteideal faoin Acht seo finné a cheistiú i gcúrsa imeachtaí fiosrúcháin de chuid *Chuid 2*, an finné a cheistiú amhlaidh go díreach nó trí chleachtóir dlí an duine (más ann).

(4) (a) Aon toiliú a thugann Teach do choiste faoin Acht seo (seachas Teach a bheidh ag suí mar choiste), féadfar é a thabhairt faoi réir cibé coinníollacha agus ordacháin a shonróidh an Teach an tráth a thabharfar an toiliú.

Cd.1 A.2

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

(b) Aon toiliú a thabharfaidh coiste faoin Acht seo, féadfar é a thabhairt faoi réir cibé coinníollacha agus ordacháin a shonróidh an coiste an tráth a thabharfar an toiliú.

(5) Aon tagairt san Acht seo do dhuine (cibé tuairisc atá air nó uirthi) do chur ní in iúl do choiste, nó thairis sin do thabhairt fógra do choiste i dtaobh ní, comhlíontar í nuair a chuirtear an ní in iúl amhlaidh do chathaoirleach an choiste, nó nuair a thugtar fógra dó nó di ina thaobh, agus comhlíontar í amhlaidh is cuma an ndéantar nó nach ndéantar an ní a chur in iúl amhlaidh do chomhaltaí eile an choiste nó fógra a thabhairt dóibh ina thaobh an tráth céanna nó tráth eile.

(6) Aon tagairt san Acht seo d'aon ní is ábhar d'imeachtaí iomchuí, folaíonn sí tagairt do dhuine is ábhar do na himeachtaí.

(7) Aon tagairt san Acht seo do dhoiciméad a nochtadh nó a fhoilsiú (cibé tuairisc atá air), folaíonn sí tagairt do chuid den doiciméad, nó don lánas uile atá sa doiciméad nó do chuid de, a nochtadh nó a fhoilsiú, de réir mar a bheidh.

(8) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh ina sonrú gur comhlacht iomchuí a thagann faoi réim *mhír (f)* den mhíniú ar “comhlacht poiblí” i *bhfo-alt (1)* comhlacht iomchuí.

(9) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh ina sonrú gur cuideachta nó comhlacht rialaithe a thagann faoi réim *mhír (d)* den mhíniú ar “comhlacht poiblí” i *bhfo-alt (1)* cuideachta nó comhlacht rialaithe.

(10) Ní fhorléireofar aon ní atá san Acht seo mar ní a dhéanann dochar do chumhacht gach Tí chun rialacha agus buanorduithe a bheidh ar comhréir leis an Acht seo a dhéanamh.

(11) A mhéid is indéanta, forléireofar rialacha agus buanorduithe ar mhodh atá ar comhréir leis an Acht seo.

Caiteachais.

3.—Déanfar na caiteachais a thabhófar ag riaradh an Achta seo a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Rialacháin a leagan.

4.—Déanfar gach rialachán a dhéanfar faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialachán, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Aisghairm.

5.—Déantar na hachtacháin atá sonraithe i *gcolúin (1)* agus *(2)* den *Sceideal* a aisghairm a mhéid a shonraítear i *gcolúin (3)* den *Sceideal*.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CUID 2

CINEÁLACHA FIOSRÚCHÁN A FHÉADFAR A SHEOLADH

CAIBIDIL 1

Fiosrúcháin de chuid alt 7, alt 8, alt 9, alt 10 agus alt 11, etc.

6.—Ní fholaíonn tagairt sa Chaibidil seo d'fhiosrúchán de chuid *Chuid 2* tagairt d'fhiosrúchán de chuid *Chuid 2* ar fiosrúchán de chuid *alt 16* é. Feidhm *Chaibidil 1*.

7.—(1) Faoi réir *ailt 12(1)* agus *13(1)*, féadfaidh coiste fiosrúchán a sheoladh i dtaobh aon ní i gcás, i leith an ní, nach mbeidh san fhiosrúchán ach— Cumhacht coiste chun fiosrúchán a sheoladh ar mhodh fianaise a thaifeadadh, etc.

- (a) fianaise a thaifeadadh,
- (b) an fhianaise a thuairisciú,
- (c) faoi réir *fho-ailt (2)* agus *(3)*, cinntí fíorais (más ann) a dhéanamh, lena n-áirítear cinntí fíorais i dtaobh mí-iompar iomchuí, agus
- (d) faoi réir *fho-alt (3)*, moltaí (más ann) a dhéanamh a eascróidh as ceann amháin den dá ní seo a leanas nó astu araon:
 - (i) na cinntí fíorais sin;
 - (ii) cinntí fíorais arna ndéanamh ag coiste eile le linn dó fiosrúchán eile de chuid *Chuid 2* a sheoladh, más rud é go luaitear go sainráite sna téarmaí tagartha don fhiosrúchán eile sin de chuid *Chuid 2* go bhféadfar a chinntí fíorais a úsáid i bhfiosrúcháin eile de chuid *Chuid 2*.

(2) Faoi réir *fho-alt (5)*, ní dhéanfaidh an coiste, i bhfeidhmiú na cumhachta chun fiosrúchán de chuid *alt 7* a sheoladh, aon chinntí fíorais ach amháin maidir le fíorais nach mbreagnóidh aon fhinné nó aon duine eile a thabharfaidh fianaise—

- (a) i gcúrsa imeachtaí an fhiosrúcháin, nó
- (b) i gcúrsa imeachtaí cúirte, binse nó coimisiúin, ar imeachtaí iad a bhfuil an coiste ar an eolas fúthu.

(3) Ní bheidh an chumhacht dá dtagraítear i *mír (c)* nó *(d)(i)* nó *(ii) d'fho-alt (1)* ag an gcoiste mura rud é go luaitear go sainráite sna téarmaí tagartha don fhiosrúchán de chuid *alt 7* go bhfuil an chumhacht sin ag an gcoiste.

(4) Faoi réir *alt 66*, ní bheidh an chumhacht ag an gcoiste chun fios a chur ar dhaoine, páipéir ná taifid, mura rud é—

- (a) gur tugadh an chumhacht sin dó de bhun na rialacha agus na mbuanorduithe is infheidhme, agus

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

(b) go sonraítear sa rún faoi *alt (13)(1)* le haghaidh an fhiosrúcháin de chuid *alt 7* gur tugadh, nó go dtabharfar, an chumhacht sin don choiste.

(5) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (2)* maidir le cinneadh fíorais is mí-iompar iomchuí.

Cumhacht coiste chun fiosrúchán a sheoladh i dtaobh feidhmeanna reachtacha ceachtar Tí nó an dá Theach.

8.—(1) Faoi réir *ailt 12(1)* agus *13(1)*, féadfaidh coiste fiosrúchán a sheoladh a bhaineann le feidhmiú ceann amháin nó níos mó d'fheidhmeanna reachtacha an Tí nó, más comhchoiste an coiste, an dá Theach, lena n-áirítear an amhlaidh atá gá le reachtaíocht nua.

(2) Féadfaidh an coiste, i bhfeidhmiú na cumhachta chun fiosrúchán de chuid *alt 8* a sheoladh—

(a) fianaise a thairfeadh,

(b) an fhianaise a thairiscí,

(c) faoi réir *fho-alt (3)*, cinntí fíorais (más ann) a dhéanamh, lena n-áirítear, cinntí i dtaobh mí-iompar iomchuí, agus

(d) faoi réir *fho-alt (3)*, moltaí (más ann) a dhéanamh a eascróidh as ceann amháin den dá ní seo a leanas nó astu araon:

(i) na cinntí fíorais sin (lena n-áirítear moladh lena n-éilítear go bhfeidhmeofar aon cheann amháin nó níos mó de na feidhmeanna reachtacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* is ábhar don fhiosrúchán, nó go modhnófar nó go srianfar an feidhmiú sin);

(ii) cinntí fíorais arna ndéanamh ag coiste eile le linn dó fiosrúchán eile de chuid *Chuid 2* a sheoladh, más rud é go luaitear go sainráite sna téarmaí tagartha don fhiosrúchán eile sin de chuid *Chuid 2* go bhféadfar a chinntí fíorais a úsáid i bhfiosrúcháin eile de chuid *Chuid 2*.

(3) Ní bheidh an chumhacht dá dtagraítear i *mír (c)* nó *(d)(i)* nó *(ii) d'fho-alt (2)* ag an gcoiste mura rud é go luaitear go sainráite sna téarmaí tagartha don fhiosrúchán de chuid *alt 8* go bhfuil an chumhacht sin ag an gcoiste.

(4) Faoi réir *alt 66*, ní bheidh an chumhacht ag an gcoiste chun fios a chur ar dhaoine, páipéir ná taifid, mura rud é—

(a) gur tugadh an chumhacht sin dó de bhun na rialacha agus na mbuanorduithe is infheidhme, agus

(b) go sonraítear sa rún faoi *alt 13(1)* le haghaidh an fhiosrúcháin de chuid *alt 8* gur tugadh, nó go dtabharfar, an chumhacht sin don choiste.

Cumhacht coiste chun fiosrúchán a sheoladh i dtaobh sealbhóirí oifige áirithe a chur as oifig etc.

9.—(1) Faoi réir *ailt 12(1)* agus *13(1)*, féadfaidh coiste fiosrúchán a sheoladh i dtaobh cur as oifig nó cur as oifig beartaithe sealbhóra oifige (cibé tuairisc atá uirthi nó air) de bhun foráil iomchuí.

(2) Féadfaidh an coiste, i bhfeidhmiú na cumhachta chun fiosrúchán de chuid *alt 9* a sheoladh—

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

Cd.2 A.9

- (a) fianaise a thaifeadadh,
- (b) an fhianaise a thuairisciú,
- (c) faoi réir *fho-alt (4)*, cinntí fíorais (más ann) a dhéanamh, lena n-áirítear cinntí fíorais lena gcaitear amhras go díreach ar dhea-chlú an tsealbhóra oifige lena mbaineann an fiosrúchán nó cinntí i dtaobh mí-iompar iomchuí, agus
- (d) faoi réir *fho-alt (4)*, moltaí (más ann) a dhéanamh a eascróidh as ceann amháin den dá ní seo a leanas nó astu araon:
 - (i) na cinntí fíorais sin;
 - (ii) cinntí fíorais arna ndéanamh ag coiste eile le linn dó fiosrúchán eile de chuid *Chuid 2* a sheoladh, más rud é go luaitear go sainráite sna téarmaí tagartha don fhiosrúchán eile sin de chuid *Chuid 2* go bhféadfar a chinntí fíorais a úsáid i bhfiosrúcháin eile de chuid *Chuid 2*.

(3) Ní cheanglófar le haon ní san alt seo go seolfar fiosrúchán de chuid *alt 9* sula ndéanfar rún dá dtagraítear i bhforáil iomchuí a rith in imthosca nach sárófaí aon nósanna imeachta córa de bhíthin gan an fiosrúchán a sheoladh.

(4) Ní bheidh an chumhacht dá dtagraítear i *mír (c)* nó *(d)(i)* nó *(ii) d'fho-alt (2)* ag an gcoiste mura rud é go luaitear go sainráite sna téarmaí tagartha don fhiosrúchán de chuid *alt 9* go bhfuil an chumhacht sin ag an gcoiste.

(5) Faoi réir *alt 66*, ní bheidh an chumhacht ag an gcoiste chun fios a chur ar dhaoine, páipéir ná taifid, mura rud é—

- (a) gur tugadh an chumhacht sin dó de bhun na rialacha agus na mbuanorduithe is infheidhme, agus
- (b) go sonraítear sa rún faoi *alt 13(1)* le haghaidh an fhiosrúcháin de chuid *alt 9* gur tugadh, nó go dtabharfar, an chumhacht sin don choiste.

(6) San alt seo, ciallaíonn “foráil iomchuí”—

- (a) Airteagal 33.5 den Bhunreacht,
- (b) Airteagal 35 den Bhunreacht,
- (c) alt 39 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, alt 20 den Acht Cúirteanna Breithiúnais (An Chúirt Dúiche), 1946 nó aon achtachán eile a bhaineann le breitheamh a chur as oifig ina cháil nó ina cáil mar bhreitheamh,
- (d) alt 2(3)(b) den Acht Ombudsman, 1980,
- (e) alt 9(2)(f) den Acht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993,
- (f) alt 21 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995,

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

- (g) mír 2(b) den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997,
- (h) mír 2(b) den Dara Sceideal a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003,
- (i) alt 68(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005,
- (j) alt 10(5) nó 84(5) den Acht Craolacháin, 2009, nó
- (k) aon achtachán eile a bhaineann le sealbhóir oifige a chur as oifig agus lena gceanglaítear rún ó cheachtar Teach nó ón dá Theach chun an cur as oifig sin a dhéanamh, is cuma an bhféadfar an sealbhóir oifige freisin a chur as oifig lena mbaineann de bhua foráil dá dtagraítear in aon cheann de *mhíreanna* (a) go (j) nó nach féidir.

Cumhacht coiste chun fiosrúchán a sheoladh i dtaobh iompar comhalta de Theach.

10.—(1) Faoi réir *ailt 12(1)* agus *13(1)*, féadfaidh coiste fiosrúchán a sheoladh i dtaobh iompar comhalta den Teach (lena n-áirítear comhalta a fhéadfar a chur as a oifig nó as a hoifig mar chomhalta den sórt sin de bhun foráil iomchuí de réir bhrí *alt 9(6)*) ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin.

(2) Féadfaidh an coiste, i bhfeidhmiú na cumhachta chun fiosrúchán de chuid *alt 10* a sheoladh—

- (a) fianaise a thaifeadadh,
- (b) an fhianaise a thuairisciú,
- (c) faoi réir *fho-alt (3)*, cinntí fíorais (más ann) a dhéanamh, lena n-áirítear cinntí fíorais lena gcaitear amhras go díreach ar dhea-chlú an chomhalta den Teach lena mbaineann an fiosrúchán nó cinntí i dtaobh mí-iompar iomchuí, agus
- (d) faoi réir *fho-alt (3)*, moltaí (más ann) a dhéanamh a eascróidh as ceann amháin de na nithe seo a leanas nó astu araon:
 - (i) na cinntí fíorais sin;
 - (ii) cinntí fíorais arna ndéanamh ag coiste eile le linn dó fiosrúchán eile de chuid *Chuid 2* a sheoladh, más rud é go luaitear go sainráite sna téarmaí tagartha don fhiosrúchán eile sin de chuid *Chuid 2* go bhféadfar a chinntí fíorais a úsáid i bhfiosrúcháin eile de chuid *Chuid 2*.

(3) Ní bheidh an chumhacht dá dtagraítear i *mír (c)* nó *(d)(i)* nó *(ii)* *d'fho-alt (2)* ag an gcoiste mura rud é go luaitear go sainráite sna téarmaí tagartha don fhiosrúchán de chuid *alt 10* go bhfuil an chumhacht sin ag an gcoiste.

(4) Faoi réir *alt 66*, ní bheidh an chumhacht ag an gcoiste chun fios a chur ar dhaoine, páipéir ná taifid, mura rud é—

- (a) gur tugadh an chumhacht sin dó de bhun na rialacha agus na mbuanorduithe is infheidhme, agus
- (b) go sonraítear sa rún faoi *alt 13(1)* le haghaidh an fhiosrúcháin de chuid *alt 10* gur tugadh, nó go dtabharfar, an chumhacht sin don choiste.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Níosanna*
Imeachta), 2013.

CD.2 A.10

(5) Ní dhéanfaidh an coiste fiosrúchán de chuid *alt 10* a sheoladh, ná ní leanfaidh sé d'fhiosrúchán de chuid *alt 10* a sheoladh, i dtaobh iompar comhalta den Teach ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin más rud é—

- (a) gur ábhar do ghearán faoi alt 8 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 an t-iompar sin, nó
- (b) gur ábhar d'imscrúdú faoi alt 9 den Acht sin an t-iompar sin.

11.—(1) Faoi réir *ailt 12(1)* agus *13(1)*, féadfaidh coiste de Dháil Éireann fiosrúchán a sheoladh i dtaobh aon ní is iomchuí—

Cumhacht coiste chun fiosrúchán a sheoladh i dtaobh iompar sealbhóirí oifige áirithe, etc.

- (a) maidir leis an Rialtas a thabhairt chun cuntasachta faoi fho-alt 1^o d'Airteagal 28.4 den Bhunrecht, nó
- (b) maidir le duine a thabhairt chun cuntasachta a ndlífidh Dáil Éireann é nó í a thabhairt chun cuntasachta de bhua—
 - (i) téarmaí conartha arna dhéanamh ag an duine, nó
 - (ii) téarmaí ceapacháin reachtúil a shealbhaíonn an duine.

(2) Féadfaidh an coiste, i bhfeidhmiú na cumhachta chun fiosrúchán de chuid *alt 11* a sheoladh—

- (a) fianaise a thaifeadadh,
- (b) an fhianaise a thuairisciú,
- (c) faoi réir *fho-alt (5)*, cinntí fíorais (más ann) a dhéanamh, lena n-áirítear—
 - (i) cinntí fíorais lena gcaitear amhras go díreach ar dhea-chlú—
 - (I) sealbhóra oifige (nó iarshealbhóra oifige) den Rialtas ina cháil nó ina cáil (nó ina iarcháil nó ina hiarcháil) mar shealbhóir oifige den sórt sin,
 - (II) an phríomhoifigigh feidhmiúcháin (nó oifigigh choibhéisigh, cibé ainm a thugtar air nó uirthi) ar chomhlacht poiblí atá faoi réir a ghrinnsrúdaithe ag an gCoiste um Chuntais Phoiblí,
 - (III) an Ard-Rúnaí (nó oifigigh choibhéisigh, cibé ainm a thugtar air nó uirthi) ar Roinn Stáit nó ar oifig nó ar bhrainte den tseirbhís phoiblí a shonraítear i gcolún 1 de Chuid I, nó i gCuid II, den Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, nó
 - (IV) duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)*,
 - agus
 - (ii) cinntí fíorais i dtaobh mí-iompar iomchuí,

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

agus

(d) faoi réir *fho-alt (5)*, moltaí (más ann) a dhéanamh a eascróidh as ceann amháin de na nithe seo a leanas nó astu araon:

(i) na cinntí fórais sin;

(ii) cinntí fórais arna ndéanamh ag coiste eile le linn dó fiosrúchán eile de chuid *Chuid 2* a sheoladh, más rud é go luaitear go sainráite sna téarmaí tagartha don fhiosrúchán eile sin de chuid *Chuid 2* go bhféadfar a chinntí fórais a úsáid i bhfiosrúcháin eile de chuid *Chuid 2*.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, féadfaidh an coiste, i bhfeidhmiú na cumhachta chun fiosrúchán de chuid *alt 11* a sheoladh, i dteannta fiosrú a dhéanamh i dtaobh iompar duine a thagann faoi réim aon cheann de na *clásail (I)* go *(IV) d'fho-alt (2)(c)(i)*, fiosrú a dhéanamh freisin i dtaobh iompar—

(a) státseirbhísigh (nó iarstátseirbhísigh) ina cháil nó ina cáil (nó ina iarcháil nó ina hiarcháil) mar státseirbhíseach den sórt sin,

(b) oifigigh (nó iaroifigigh) do chomhlacht poiblí dá dtagraítear i *bhfo-alt 2(c)(i)(II)* ina cháil nó ina cáil (nó ina iarcháil nó ina hiarcháil) mar oifigeach den sórt sin, nó

(c) daoine eile a ghníomhaigh thar ceann aon sealbhóra oifige is ábhar don fhiosrúchán nó faoi stiúradh nó faoi rialú an tsealbhóra oifige sin, nó thar ceann státseirbhísigh (nó iarstátseirbhísigh) nó oifigigh (nó iaroifigigh) dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b)* nó faoi stiúradh nó faoi rialú an státseirbhísigh sin (nó an iarstátseirbhísigh sin) nó an oifigigh sin (nó an iaroifigigh sin).

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 17(1)* agus *(2)*, ní thabharfar teideal don choiste le *fo-alt (3)* chun cinntí fórais a dhéanamh lena gcaitear amhras go díreach ar dhea-chlú duine a bhféadfar a iompar nó a hiompar a fhiosrú de bhua an fho-ailt sin mura rud é go dtagann an duine sin faoi réim aon cheann de na *clásail (I)* go *(IV) d'fho-alt (2)(c)(i)*.

(5) Ní bheidh an chumhacht dá dtagraítear i *mír (c)* nó *(d)(i)* nó *(ii) d'fho-alt (2)* ag an gcoiste mura rud é go luaitear go sainráite sna téarmaí tagartha don fhiosrúchán de chuid *alt 11* go bhfuil an chumhacht sin ag an gcoiste.

(6) Faoi réir *alt 66*, ní bheidh an chumhacht ag an gcoiste chun fios a chur ar dhaoine, páipéir ná taifid, mura rud é—

(a) gur tugadh an chumhacht sin dó de bhun na rialacha agus na mbuanorduithe is infheidhme, agus

(b) go sonraítear sa rún faoi *alt 13(1)* le haghaidh fhiosrúcháin de chuid *alt 11* gur tugadh, nó go dtabharfar, an chumhacht sin don choiste.

12.—(1) Faoi réir *fho-alt* (3), aon choiste a bheartaíonn fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a sheoladh, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn, de réir na rialacha agus na mbuanorduithe arna ndéanamh ag an Teach de bhun *fho-alt* (2), i dtaobh an togra le haghaidh an fhiosrúcháin (dá ngairtear an “togra iomchuí” san alt seo) do phearsa aonair nó do choiste arna ainmniú nó arna hainmniú chun críocha an fho-ailt seo leis na rialacha agus na buanorduithe sin.

Togra ó choiste chun fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a sheoladh.

(2) Déanfaidh gach Teach rialacha agus buanorduithe i ndáil le duine a ainmniú (dá ngairtear an “duine ainmnithe” san alt seo) chun críocha *fho-alt* (1) agus féadfaidh sé rialacha agus buanorduithe a dhéanamh i ndáil le haon cheann de na nithe seo a leanas:

- (a) na nithe a shonrú a bheidh sa togra iomchuí;
- (b) a cheangal ar an duine ainmnithe an togra iomchuí a scrúdú agus tuarascáil a ullmhú i dtaobh an togra iomchuí (dá ngairtear an “tuarascáil iomchuí” san alt seo);
- (c) na nithe a shonrú a bheidh sa tuarascáil iomchuí;
- (d) na nósanna imeachta a shonrú a bheidh le cur chun feidhme le linn an tuarascáil iomchuí a ullmhú;
- (e) a cheangal ar dhuine (a bhféadfaidh sé gurb é nó í an duine ainmnithe é nó í) an tuarascáil iomchuí a bhreithniú agus moltaí a dhéanamh don Teach i leith cibé nithe a bhaineann leis an tuarascáil iomchuí atá sonraithe sna rialacha agus sna buanorduithe, lena n-áirítear, go sonrach, an amhlaidh is cóir an fiosrúchán de chuid *Chuid 2* atá beartaithe agus is ábhar don tuarascáil a sheoladh agus, más amhlaidh, cén coiste ar ceart dó é a sheoladh agus cén chaoi ar ceart é a sheoladh;
- (f) cibé foráil eile a dhéanamh chun críocha an ailt seo is cuí leis an Teach.

(3) Déanfaidh an Teach na rialacha agus na buanorduithe dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) tráth nach déanaí ná 50 lá suí tar éis thosach feidhme an ailt seo.

(4) Déanfaidh an Teach dá dtugtar an tuarascáil iomchuí (más ann) an tuarascáil agus na moltaí (más ann) dá dtagraítear i *bhfo-alt* 2(e) a bhreithniú sula rithfidh sé rún, nó sula ndiúltoídh sé rún a rith, is rún dá dtagraítear in *alt 13(1)* i leith an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2* atá beartaithe agus is ábhar don tuarascáil.

13.—(1) Ní sheolfaidh coiste fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, mura rud é—

Téarmaí tagartha a shocrú le haghaidh fiosrúchán de chuid *Chuid 2*.

- (a) faoi réir *fho-alt* (3), go bhfuil rún rite ag an Teach, de réir na rialacha agus na mbuanorduithe arna ndéanamh ag an Teach de bhun *fho-alt* (2), i leith an fhiosrúcháin (dá ngairtear “rún maidir le téarmaí tagartha” san alt seo) lena sonraítear—
 - (i) an amhlaidh is fiosrúchán de chuid *alt 7*, fiosrúchán de chuid *alt 8*, fiosrúchán de chuid *alt 9*, fiosrúchán de chuid *alt 10* nó fiosrúchán de chuid *alt 11* an fiosrúchán,

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

(ii) faoi réir *alt 66*, an amhlaidh atá nó a bheidh an chumhacht ag an gcoiste chun fios a chur ar dhaoine, páipéir nó taifid de bhun na rialacha agus na mbuanorduithe is infheidhme, agus

(iii) cibé nithe eile a leagtar amach sna rialacha agus sna buanorduithe sin a mhéid a bhaineann siad leis an rún maidir le téarmaí tagartha,

agus

(b) más comhchoiste an coiste, gur rún chomhionanna na rúin maidir le téarmaí tagartha a ritheann gach Teach.

(2) Féadfaidh gach Teach rialacha agus buanorduithe a dhéanamh i ndáil le haon cheann díobh seo a leanas:

(a) gan dochar do ghinearáltacht *alt 12(2)*, na nithe a shonrú a bheidh le breithniú ag an Teach lena mbaineann sula rithfidh sé an rún maidir le téarmaí tagartha nó sula ndiúltóidh sé é a rith, lena n-áirítear an dóchúlacht, má rithear an rún, go ndéanfaidh an fiosrúchán de chuid *Chuid 2* is ábhar don rún dochar d'aon imeachtaí coiriúla atá ar feitheamh nó ar siúl sa Stát nó d'aon imscrúdú coiriúil atá á sheoladh sa Stát an tráth sin;

(b) nithe a leagan amach a bheidh le sonrú sa rún maidir le téarmaí tagartha chun tuairisc a dhéanamh, ar shlí chomh cruinn agus is indéanta, ar raon an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2* is ábhar don rún;

(c) nithe eile a shonrú is cuí leis a bheith sa rún maidir le téarmaí tagartha;

(d) cibé foráil eile is cuí leis an Teach a dhéanamh chun críocha an ailt seo.

(3) Déanfaidh an Teach na rialacha agus buanorduithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* tráth nach déanaí ná 50 lá suí tar éis thosach feidhme an ailt seo.

Cinneadh gur mainnfódh comhoibriú le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*.

14.—Féadfaidh an coiste a bheidh ag seoladh fiosrúchán de chuid *Chuid 2* cinneadh fíorais a dhéanamh gur mhainnigh duine ainmnithe (lena n-áirítear aon sealbhóir oifige) comhoibriú go hiomlán leis an bhfiosrúchán—

(a) trí mhainneachtain teacht i láthair ag an bhfiosrúchán mar fhinné nuair a cheangail an coiste air nó uirthi déanamh amhlaidh faoin Acht seo,

(b) trí theacht i láthair ag an bhfiosrúchán mar fhinné ach diúltú ceist a fhreagairt (nach ceist a bhfuil teideal de réir dlí ag an bhfinné diúltú í a fhreagairt) is ceist a chuir an coiste air nó uirthi,

(c) trí mhainneachtain doiciméad a thabhairt don fhiosrúchán is doiciméad atá ina sheilbh aige nó ina seilbh aici nó atá faoina rialú (nach doiciméad a bhfuil teideal de réir dlí ag an duine é a choinneáil siar ón bhfiosrúchán) nuair a cheangail an coiste air nó uirthi déanamh amhlaidh faoin Acht seo.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.2 A.14

- (d) trí fhianaise nó doiciméad a thabhairt don fhiosrúchán atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha,
- (e) trí fhianaise a scríosadh, nó trí iarracht a dhéanamh fianaise a scríosadh,
- (f) trí thionchar a imirt, nó trí iarracht a dhéanamh tionchar a imirt, ar fhinnéithe,
- (g) trí chur isteach, nó trí iarracht a dhéanamh cur isteach, ar fhinnéithe, nó
- (h) trí bhac a chur, nó cur isteach, ar shlí eile ar an bhfiosrúchán go neamhdhleathach.

CAIBIDIL 2

Fiosrúchán de chuid alt 16

15.—Tá feidhm ag *alt 16*—

Feidhm *alt 16*.

- (a) nuair atá fógra tairisceana dá dtagraítear in Airteagal 12.10.3 den Bhunreacht arna shíniú faoi réir fhorálacha an Airteagail sin agus dá réir,
- (b) nuair atá tacaíocht faighte ag rún dá dtagraítear in Airteagal 12.10.4 den Bhunreacht faoi réir fhorálacha an Airteagail sin agus dá réir, agus
- (c) nuair atá cúiseamh faoi Airteagal 12.10 den Bhunreacht arna dhéanamh faoi réir fhorálacha an Airteagail sin agus dá réir.

16.—(1) (a) Faoi réir *mhír (b)* agus *fho-alt (4)*, nuair atá feidhm ag an alt seo, féadfaidh coiste an cúiseamh faoi Airteagal 12.10 den Bhunreacht, ar dá bhua atá feidhm ag an alt seo, a imscrúdú.

Féadfaidh coiste imscrúdú a sheoladh i dtaobh cúiseamh faoi Airteagal 12.10 den Bhunreacht.

- (b) Beidh feidhm ag na forálacha eile den Acht seo, fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le fiosrúchán de chuid *alt 16* ar shlí a bheidh ar comhréir le hAirteagal 12.10 den Bhunreacht agus a chloífidh leis an gcéanna.

(2) I bhfeidhmiú na cumhachta chun fiosrúchán de chuid *alt 16* a sheoladh, féadfaidh an coiste—

- (a) fianaise a thaifeadadh,
- (b) an fhianaise a thuirisciú, agus
- (c) cinntí fíorais (más ann) i dtaobh mí-iompar dá dtagraítear in Airteagal 12.10 den Bhunreacht a dhéanamh.

(3) Faoi réir *alt 66*, ní bheidh an chumhacht ag an gcoiste chun fios a chur ar dhaoine, páipéir ná taifid mura rud é go mbeidh an chumhacht sin arna tabhairt dó de bhun na rialacha agus na mbuanorduithe is infheidhme.

[*Uimh. 33.*] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

- (4) (a) I gcás go mbeidh an cúiseamh faoi Airteagal 12.10 den Bhunreacht arna dhéanamh ag Dáil Éireann, is é Seanad Éireann nó coiste arna cheapadh ag Seanad Éireann an coiste a sheolfaidh an fiosrúchán de chuid *alt 16*.
- (b) I gcás go mbeidh an cúiseamh faoi Airteagal 12.10 den Bhunreacht arna dhéanamh ag Seanad Éireann, is í Dáil Éireann nó coiste arna cheapadh ag Dáil Éireann an coiste a sheolfaidh an fiosrúchán de chuid *alt 16*.

CUID 3

URRAMÓFAR NÓSANNA IMEACHTA CÓRA I BHFIOSRÚCHÁIN DE CHUID *Chuid 2*

Ní chaithfear amhras go díreach ar dhea-chlú duine seachas daoine áirithe de bharr cinntí fórais.

17.—(1) Aon tagairt san Acht seo (is cuma cén chaoi a léirítear í) d'amhras a chaitheamh ar dhea-chlú duine i dtaca le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, is tagairt í do chinneadh fórais ag an gcoiste lena gcaithfear amhras go díreach ar dhea-chlú duine, agus an duine sin amháin, is duine a bhféadfaidh an coiste—

- (a) más fiosrúchán de chuid *alt 7* an fiosrúchán, cinneadh den sórt sin a dhéanamh ina choinne nó ina coinne de bhun fhorálacha iomchuí *alt 7*,
- (b) más fiosrúchán de chuid *alt 8* an fiosrúchán, cinneadh den sórt sin a dhéanamh ina choinne nó ina coinne de bhun fhorálacha iomchuí *alt 8*,
- (c) más fiosrúchán de chuid *alt 9* an fiosrúchán, cinneadh den sórt sin a dhéanamh ina choinne nó ina coinne de bhun fhorálacha iomchuí *alt 9*,
- (d) más fiosrúchán de chuid *alt 10* an fiosrúchán, cinneadh den sórt sin a dhéanamh ina choinne nó ina coinne de bhun fhorálacha iomchuí *alt 10*,
- (e) más fiosrúchán de chuid *alt 11* an fiosrúchán, cinneadh den sórt sin a dhéanamh ina choinne nó ina coinne de bhun fhorálacha iomchuí *alt 11*, agus
- (f) más fiosrúchán de chuid *alt 16* an fiosrúchán, cinneadh den sórt sin a dhéanamh ina choinne nó ina coinne de bhun fhorálacha iomchuí *alt 16*.
- (2) Faoi réir *fho-alt (3)*—
- (a) ní dhéanfaidh an coiste cinntí lena gcaitear amhras go díreach ar dhea-chlú duine seachas de réir fhorálacha an Achta seo arna léamh i dteannta *fho-alt (1)*, ná
- (b) ní dhéanfaidh an coiste cinntí i dtaobh dliteanas sibhialta ná dliteanas coiriúil.
- (3) Féadfaidh an coiste—
- (a) cinneadh a dhéanamh, maidir le haon ní i ndáil le córais, cleachtais, nósanna imeachta nó beartas nó socrúite maidir le cur i ngníomh beartais a thagann faoi raon

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

Cd.3 A.17

ábhar an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2*, gur ar shlí eile
ba chóir é a sheoladh,

- (b) moltaí a dhéanamh i ndáil le ní dá dtagraítear i *mír (a)*, nó
- (c) faoi réir *fho-alt (4)*, cinneadh i dtaobh mí-iompar iomchuí a dhéanamh.

(4) I gcás gur cinneadh i dtaobh mí-iompar iomchuí cinneadh
fíorais de chuid an choiste, déanfaidh an coiste, sa chinneadh
fíorais—

- (a) sonraí a thabhairt maidir leis an ní is cionsiocair leis an
gcinneadh fíorais sin, agus
- (b) measúnacht a thabhairt ar an dochar (más ann) a rinne an
ní sin don fhiosrúchán de chuid *Chuid 2*.

18.—(1) (a) Faoi réir *fho-ailt (2)* agus (3) agus *alt 94* (i gcás go bhfuil feidhm ag *mír (a) d'fho-alt (6)* den alt sin), maidir le haon duine a bhfuil a chuid fianaise nó a cuid fianaise arna tabhairt, á tabhairt nó le tabhairt os comhair fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, nó a thugann doiciméad don fhiosrúchán, cibé acu go toilteanach nó de bhun ordachán faoin Acht seo—

Pribhléidí agus
díolúintí finnétithe.

- (i) tá na díolúintí céanna agus na pribhléidí céanna aige nó aici i leith na fianaise sin nó an doiciméid sin, agus
- (ii) i dteannta na bpionós dá bhforáiltear leis an Acht seo, tá sé nó sí faoi réir na ndliteanas céanna,

le finné in imeachtaí sa Chúirt.

(b) Faoi réir *fho-ailt (2)* agus (3) agus *alt 94* (i gcás go bhfuil feidhm ag *mír (a) d'fho-alt (6)* den alt sin), maidir le haon duine a n-ordaítear dó nó di faoin Acht seo fianaise nó doiciméad a thabhairt d'fhiosrúchán de chuid *Chuid 2* nó teacht i láthair os comhair an fhiosrúcháin agus fianaise nó doiciméad a thabhairt ann—

- (i) tá na díolúintí céanna agus na pribhléidí céanna aige nó aici i leith na fianaise sin nó an doiciméid sin, agus
- (ii) i dteannta na bpionós dá bhforáiltear leis an Acht seo, tá sé nó sí faoi réir na ndliteanas céanna,

le finné in imeachtaí sa Chúirt.

(2) Ní thabharfaidh *fo-alt (1)* teideal do dhuine diúltú ceist a fhreagairt nó doiciméad a thabhairt ar an bhforas go n-ionchoireodh sín an duine nó aon duine eile.

(3) I gcás, maidir le finné (nach comhalta de cheachtar Teach) a bheidh ag tabhairt fianaise d'fhiosrúchán de chuid *Chuid 2* i ndáil le ní áirithe, go dtugann cathaoirleach an choiste ordachán dó nó di scor den fhianaise sin a thabhairt, ní bheidh an finné i dteideal ach pribhléid cháilithe i ndáil le clúmhillleadh i leith aon fhianaise arna

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

tabhairt i ndiaidh an t-ordachán a thabhairt mura dtarraingíonn, agus go dtí go dtarraingeoidh, an cathaoirleach an t-ordachán siar.

(4) I gcás go gcinntear nach mbaineann an phribhléid ar a bhfuiltear ag brath mar fhoras chun diúltú doiciméad a thabhairt ach le cuid den fhaisnéis i ndoiciméad agus leis an gcuid sin amháin, cuirfidh an duine a n-ordaítear dó nó di an doiciméad a thabhairt faoi deara leagan arna chur in eagar foilsithe, nó leagan achomair, nó iad araon, de réir mar a ordóidh an coiste, den doiciméad, nach bhfuil an fhaisnéis sin faoi phribhléid ann, a ullmhú ach ní dhéanfaidh sé nó sí amhlaidh ach amháin más rud é—

- (a) gur doiciméad é a bhfuil sé sin indéanta ina leith, agus
- (b) i dtuairim an choiste, gur ar mhaithe le leas an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2* agus nósanna imeachta córa déanamh amhlaidh.

(5) I gcás go gcuireann duine faoi deara leagan arna chur in eagar foilsithe, nó leagan achomair, nó iad araon, de dhoiciméad a ullmhú de réir an ailt seo, is cuid den fhianaise a gheobhaidh an fiosrúchán de chuid *Chuid 2* an leagan arna chur in eagar foilsithe, nó an leagan achomair, nó iad araon, de réir mar is gá sa chás.

Treoirilínte i ndáil le
nósanna imeachta
fiosrúcháin de chuid
Chuid 2.

19.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh coiste *alt 19* treoirilínte a eisiúint faoin alt seo, is treoirilínte nach mbeidh ar neamhréir leis an Acht seo, i ndáil le nósanna imeachta fiosrúcháin de chuid *Chuid 2*.

(2) Chun críocha na gcúinsí a bheidh le cur i gcuntas le linn chur chun cinn na gcuspóirí i dtaobh nósanna imeachta córa agus reáchtáil éifeachtúil agus chostéifeachtach fiosrúcháin de chuid *Chuid 2*, féadfaidh treoirilínte i ndáil leis na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh i dtreoirilínte faoin alt seo—

- (a) nósanna imeachta is infheidhme maidir le finnétithe,
- (b) aon idirdhealuithe a fhéadfar a dhéanamh idir nósanna imeachta is infheidhme maidir leis na finnétithe go léir agus maidir leo siúd a bhfuil líomhaintí á ndéanamh ina gcoinne,
- (c) na himthosca inar féidir gur cuí fianaise i scríbhinn seachas fianaise ó bhéal,
- (d) prótacail le haghaidh coistí (lena n-áirítear comhaltaí coiste) nó aicme de choistí (lena n-áirítear aicme de chomhaltaí coiste) ina bplé leis na meáin díreach roimh thosach fiosrúcháin de chuid *Chuid 2*, lena linn, agus tar éis iad a fhoirceannadh,
- (e) prótacail le haghaidh cathaoirligh coistí nó aicme de chathaoirligh den sórt sin ina bplé le finnétithe agus le comhaltaí eile coiste,
- (f) an fhaisnéis a bheidh le soláthar d'fhinnétithe, lena n-áirítear nithe i ndáil le gan comhoibriú leis an bhfiosrúchán agus i ndáil le cionta faoin Acht seo, nó

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.3 A.19

(g) a mhéid is indéanta, cothromaíocht a bhaint amach idir comhaltaí coiste i dtaca lena gcleamhnachtaí polaitíochta faoi seach.

(3) Ní dochar do ghinearáltacht aon rialacha ná buanorduithe treoirlínte arna n-eisiúint faoin alt seo.

(4) San alt seo—

folaíonn “nósanna imeachta” iompar;

ciallaíonn “coiste *alt 19*” an coiste a bheidh arna ainmniú le rialacha agus buanorduithe an Tí mar an coiste a fhéadfaidh treoirlínte a eisiúint faoin alt seo.

20.—(1) Beidh teideal ag cathaoirleach an choiste cibé ordacháin is cuí leis nó léi a thabhairt chun sárú ar an Acht seo a sheachaint i seoladh an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2*.

Cumhacht
cathaoirleach coiste
chun ordacháin a
thabhairt, etc.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)* nó *alt 23(1)*, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith in ordacháin faoi *fho-alt (1)*—

(a) ordachán d’fhinné chun scor d’fhianaise a thabhairt nó, tar éis scor den sórt sin, atosú ar fhianaise a thabhairt, nó

(b) ordachán do chomhalta den choiste chun scor de cheistiú áirithe.

(3) Gan dochar d’aon ghníomh eile a fhéadfar a dhéanamh i leith sárú ar phribhléid ag comhalta coiste i gcúrsa sheoladh an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2*, féadfaidh an Teach le rún comhalta coiste a chur den choiste—

(a) as ordachán a tugadh dó nó di de bhun *fho-alt (2)(b)* a shárú, nó

(b) i gcás go suitear, de réir rialacha agus bhuanorduithe an Tí, gur sháraigh an comhalta, ar shlí seachas de bhua sárú dá dtagraítear i *mír (a)*, ceanglas de chuid an Achta seo is infheidhme maidir leis an bhfiosrúchán.

(4) Féadfaidh an Teach le rún comhalta coiste a chur den choiste, nó comhalta den Teach a chur ar an gcoiste, de réir rialacha agus bhuanorduithe an Tí.

(5) Aon chomhalta a bheidh curtha ar an gcoiste tar éis don choiste tús a chur leis an bhfiosrúchán de chuid *Chuid 2* a sheoladh, beidh aird aige nó aici—

(a) ar gach tuarascáil eatramhach (más ann) ón gcoiste arna déanamh ag an gcoiste sular tháinig sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den choiste, agus

(b) ar fhianaise a fuair an coiste sular tháinig sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den choiste.

(6) Maidir le comhalta coiste a chur den choiste, ní bheidh imeachtaí an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2* go dtí an tráth sin ó bhail ar an gcúis sin amháin agus féadfar leanúint den fhiosrúchán a sheoladh gan an t-iarchomhalta coiste.

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

(7) Maidir le mainneachtain ag duine ordachán faoin alt seo a chomhlíonadh, ní dochar an mhainneachtain inti féin do sheoladh an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2* ina dhiaidh sin.

Ní bheidh comhalta ina chomhalta nó ina comhalta coiste i gcás go bhféadfaí a bhrath go bhfuil claontacht i gceist.

21.—(1) Ní bheidh comhalta den Teach ina chomhalta coiste nó ina comhalta coiste, ná ní leanfaidh sé nó sí de bheith amhlaidh, más rud é—

- (a) faoi réir *fho-alt (8)*, toisc baint nó plé a bheith aige nó aici le haon ní is ábhar don fhiosrúchán de chuid *Chuid 2*,
- (b) toisc caint a bheith déanta aige nó aici faoi ní is ábhar don fhiosrúchán, nó
- (c) de dheasca aon imthosca eile is dóigh leis an Teach a bheith iomchuí,

go bhféadfadh duine réasúnach atá ar an eolas faoin mbaint sin, nó faoin bplé sin, faoin gcaint sin nó faoi na himthosca iomchuí eile sin, de réir mar a bheidh, a bhrath go bhfuil claontacht i gceist.

(2) I gcás go bhfuil amhras ann i dtaobh feidhm a bheith ag *fo-alt (1)* i gcás comhalta den Teach, tabharfaidh an Teach breith faoin ní a luaithe is indéanta.

(3) Staonfaidh comhalta coiste ó pháirt a ghlacadh san fhiosrúchán de chuid *Chuid 2*, más rud é, i gcúrsa sheoladh an fhiosrúcháin—

- (a) toisc baint nó plé a bheith aige nó aici le haon ní is ábhar don fhiosrúchán,
- (b) toisc caint a bheith déanta aige nó aici faoi ní is ábhar don fhiosrúchán, nó
- (c) de dheasca aon imthosca eile is dóigh leis an Teach is iomchuí,

go bhféadfadh duine réasúnach atá ar an eolas faoin mbaint sin, nó faoin bplé sin, faoin gcaint sin nó faoi na himthosca iomchuí eile sin, de réir mar a bheidh, a bhrath go bhfuil claontacht i gceist.

(4) I gcás go mainníonn comhalta coiste staonadh ó pháirt a ghlacadh san fhiosrúchán de chuid *Chuid 2* de bhun *fho-alt (3)*, féadfar an comhalta a chur den choiste de réir rialacha agus bhuanorduithe an Tí.

(5) I gcás comhalta coiste do scor de bheith ina chomhalta coiste nó ina comhalta coiste de bhua oibriú an ailt seo, ní chuirfidh an scor imeachtaí an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2* go dtí an tráth a tharla an scor ó bhail ar an gcúis sin amháin agus féadfar leanúint den fhiosrúchán a sheoladh gan an t-iarchomhalta coiste.

(6) I gcás, maidir le comhalta coiste arb é nó í cathaoirleach an choiste, nach féidir leis nó léi, go sealadach, ar chúis ar bith, feidhmeanna an chathaoirligh a chomhlíonadh, déanfaidh na comhaltaí eile coiste comhalta coiste a roghnú as measc a lín, ar cibé modh is cuí leo, chun gníomhú mar chathaoirleach an choiste de thuras na huaire.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.3 A.21

(7) I gcás go scoirfidh comhalta coiste arb é nó í cathaoirleach an choiste de bheith ina chomhalta coiste nó ina comhalta coiste de bhua oibriú an ailt seo, nó ar aon chúis eile, déanfaidh an Teach, le rún, cathaoirleach a cheapadh as measc na gcomhaltaí coiste a bheidh fágtha.

(8) I gcás go mbeidh baint nó plé ag comhalta den Teach le haon ní is ábhar don fhiosrúchán de chuid *Chuid 2*, ní chiallóidh sé sin, as féin, go bhféadfadh duine réasúnach atá ar an eolas faoin mbaint nó faoin bplé sin, de réir mar a bheidh, a bhrath go bhfuil claontacht i gceist.

22.—(1) Faoi réir *Chuid 5*, tá an ceart ag finné i bhfiosrúchán de chuid *Chuid 2*—

Cearta finné i bhfiosrúchán de chuid *Chuid 2*, etc.

- (a) a chleachtóir dlí nó a cleachtóir dlí a bheith ina theannta nó ina teannta le linn dó nó di fianaise a thabhairt, agus
- (b) teacht i láthair, agus a chleachtóir dlí nó a cleachtóir dlí ina theannta nó ina teannta—
 - (i) le linn aon seisiún poiblí den fhiosrúchán, nó
 - (ii) le linn d'aon fhinné eile fianaise a thabhairt, i gcás gur finné iomchuí maidir leis an bhfinné céadluaite an finné eile sin, i dtuairim chathaoirleach an choiste a bheidh ag seoladh an fhiosrúcháin.

(2) Tá an ceart ag sealbhóir oifige is ábhar d'fhiosrúchán de chuid *alt 9* teacht i láthair ag aon seisiún den fhiosrúchán ina bhfuil fianaise á tabhairt.

23.—(1) I gcás go bhfuil cathaoirleach an choiste den tuairim, i gcúrsa sheoladh an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2*, go bhfuil, nó gur dóigh go mbeidh amhras á chaitheamh go díreach ar dhea-chlú duine de shárú ar fhoráil den Acht seo, ag finné nó comhalta coiste, déanfaidh an cathaoirleach—

Gníomh a bheidh le déanamh i gcás go gcaithfear amhras go díreach ar dhea-chlú duine.

- (a) a ordú don fhinné nó don chomhalta coiste, de réir mar a bheidh—
 - (i) scor den fhianaise lena mbaineann a thabhairt nó den chaint lena mbaineann a dhéanamh, nó
 - (ii) gan an fhianaise lena mbaineann a thabhairt nó an chaint lena mbaineann a dhéanamh,
- agus
- (b) má tá feidhm ag *mír (a)(i)*, a ordú nach bhfoilseofar an líomhain arb éard í an caitheamh amhrais sin.

(2) Ní bheidh feidhm ag an bpribhléid in aghaidh clúmhillleadh i ndáil le himeachtaí os comhair an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2* maidir le duine (nach comhalta de Theach) d'fhoilsiú líomhain dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus arna déanamh ag finné.

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

Ceart chun dea-chlú ag duine a bhfuil an coiste i dteideal ina leith cinneadh a dhéanamh lena gcaithfear amhras go díreach ar a dheachlú nó a deachlú.

24.—(1) I gcás go bhfuil finné chun amhras a chaitheamh go díreach ar dheachlú duine, nó gur dóigh go ndéanfaidh sé nó sí amhras a chaitheamh go díreach ar dea-chlú duine, i gcúrsa sheoladh an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2*, agus gur duine an duine a bhfuil an coiste i dteideal cinneadh lena gcaithfear amhras go díreach ar a dheachlú nó a dea-chlú a dhéanamh, tá an ceart ag an duine—

- (a) go dtabharfar fógra roimh ré i scríbhinn dó nó di i dtaobh na fianaise a bheartaítear a thabhairt ina choinne nó ina coinne a mhéid is infhionnta an fhianaise sin le réasún,
- (b) an finné (nó aon fhinné eile is iomchuí maidir leis an gcaitheamh amhras sin) a chroscheistiú, trína chleachtóir dlí nó a cleachtóir dlí nó ar shlí eile, chun cur i gcoinne na líomhna,
- (c) fianaise a thabhairt don fhiosrúchán chun an líomhain a fhreagairt,
- (d) finnéithe a ghlaoch chun an líomhain a fhreagairt,
- (e) aighneacht a dhéanamh tráth dheireadh na fianaise, agus
- (f) faoi réir *fho-alt (2)*, a iarraidh ar an gcoiste—
 - (i) a ordú do dhaoine sonraithe teacht i láthair os comhair an fhiosrúcháin chun fianaise a thabhairt, agus
 - (ii) a aslú, trí ordachán, go dtabharfar doiciméid shonraithe don fhiosrúchán.

(2) Féadfaidh an coiste déanamh de réir iarraidh faoi *fho-alt (1)(f)* arna déanamh chuige agus déanfaidh sé amhlaidh má mheasann sé, ag féachaint don cheanglas i dtaobh nósanna imeachta córa a urramú, gur gá nó gur fóirsteanach déanamh amhlaidh.

Daoine eile a shainaithnítear i bhfianaise.

25.—(1) I gcás go luafar, i gcúrsa sheoladh an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2*, as a ainm nó as a hainm, nó ar cibé slí eile a fhágfaidh go bhféadfaí é nó í a aithint, duine nach bhfuil i láthair ag an bhfiosrúchán, cuirfidh an coiste faoi deara, más cuí leis déanamh amhlaidh ag féachaint don cheanglas i dtaobh nósanna imeachta córa a urramú, athscríbhinn den chuid iomchuí de na himeachtaí a thabhairt don duine.

- (2) (a) I gcás gur dóigh le duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* go ndearnadh dearmad fórais nó ráiteas mícheart (lena n-áirítear ráiteas atá mícheart mar gheall ar chomhthéacs riachtanach nó iomchuí a fhágáil ar lár) a dhéanann difear dó nó di, féadfaidh sé nó sí, laistigh de 14 lá tar éis an athscríbhinn lena mbaineann a thabhairt dó nó di (nó laistigh de cibé tréimhse is faide ná sin (más ann) a shonróidh an coiste), ráiteas fianaise i scríbhinn a thabhairt agus doiciméid iomchuí a thabhairt don choiste.
- (b) Féadfaidh an coiste, faoi réir *fho-alt (3)*, a cheadú don duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, ar iarraidh a fháil uaidh nó uaithi, an ráiteas a cheartú ar cibé modh breise is cuí leis an gcoiste sna himthosca, ag féachaint don cheanglas i dtaobh nósanna imeachta córa a urramú, lena n-áirítear ar mhodh—

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.3 A.25

(i) fianaise ó bhéal a thabhairt, nó

(ii) a ordú do dhaoine sonraithe eile fianaise a thabhairt.

(3) Féadfaidh an coiste déanamh de réir iarraidh faoi *fho-alt (2)(b)* agus déanfaidh sé amhlaidh má mheasann sé, ag féachaint don cheanglas i dtaobh nósanna imeachta córa a urramú, gur gá nó gur fóirsteanach déanamh amhlaidh.

26.—(1) I gcás go mbeartóidh an coiste cumhachtaí faoi *Chuid 6* maidir le hinordaitheacht a fheidhmiú in aghaidh duine—

Fógra go bhfuil ar intinn cumhachtaí faoi *Chuid 6* maidir le hinordaitheacht a fheidhmiú.

(a) tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don duine á rá go bhfuil ar intinn aige na cumhachtaí sin a fheidhmiú amhlaidh agus i dtaobh a mhéid a bheartaíonn sé iad a fheidhmiú amhlaidh, agus

(b) cuirfidh sé teideal an duine faoi *fho-alt (2)* in iúl dó nó di, cibé acu trí chóip den alt seo a chur i gceangal leis an bhfógra nó ar shlí eile.

(2) Aon duine dár tugadh fógra faoi *fho-alt (1)*, beidh sé nó sí i dteideal aighneachtaí ó bhéal nó aighneachtaí i scríbhinn, nó iad araon, a thabhairt don choiste, laistigh de 14 lá (nó cibé tréimhse is faide (más ann) a shonróidh an coiste) tar éis an fógra a thabhairt dó nó di, i dtaobh an cóir don choiste na cumhachtaí faoi *Chuid 6* maidir le hinordaitheacht a fheidhmiú ina aghaidh nó ina haghaidh agus, más cóir, a mhéid is cóir.

(3) Ní fheidhmeoidh an coiste cumhachtaí faoi *Chuid 6* maidir le hinordaitheacht in aghaidh duine go dtí go mbeidh deireadh leis an tréimhse lena mbaineann dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* agus tar éis na haighneachtaí (más ann) dá dtagraítear san *fho-alt* sin arna dtabhairt ag an duine a chur i gcuntas.

27.—I gcás go mbeidh an coiste i dteideal faoin Acht seo cinntí fíorais a dhéanamh (lena n-áirítear cinneadh lena gcaitear amhras go díreach ar dhea-chlú duine nó cinneadh maidir le mí-iompar iomchuí)—

Caighdeán cruthúnais.

(a) is é an caighdeán cruthúnais is infheidhme maidir le himeachtaí sibhialta an caighdeán cruthúnais i leith aon chinntí den sórt sin, agus

(b) déanfaidh an coiste a chúiseanna leis na cinntí a thabhairt i scríbhinn.

28.—(1) Déanfaidh an coiste, sula dtabharfaidh duine fianaise don choiste, cibé acu go saorálach nó ar an gcoiste a ordú dó nó di déanamh amhlaidh—

Dualgas cumhachtaí an choiste a chur in iúl d'fhinné agus nithe a chur in iúl d'fhinné, etc.

(a) cóip den Acht seo a thabhairt don duine, agus

(b) ráiteas i scríbhinn a thabhairt don duine á chur in iúl dó nó di go bhféadfaidh an coiste, mura gcomhoibreoidh sé nó sí leis an bhfiosrúchán de chuid *Chuid 2*, nó má scoireann sé nó sí de chomhoibriú leis an bhfiosrúchán, cibé cumhachtaí dá chuid atá leagtha amach san Acht seo

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

a mheasfaidh sé is gá nó is cuí a fheidhmiú i leith an duine sin.

(2) I gcás go ndéanfaidh aon fhinné a bheidh ag tabhairt fianaise i gcúrsa imeachtaí fiosrúcháin de chuid *Chuid 2* fianaise a thabhairt ar deimhin leis an gcoiste go mbréagnaíonn sí fianaise a tugadh roimhe sin i gcúrsa aon imeachtaí sonraithe (dá ngairtear “an fhianaise roimhe sin” san fho-alt seo), déanfaidh an coiste, a luaithe is indéanta déanamh amhlaidh, an fhianaise roimhe sin a chur i láthair an fhinné.

(3) Cuirfidh an coiste faoi deara go dtarlóidh croscheistiú finné láithreach tar éis don fhinné fianaise a thabhairt don fhiosrúchán de chuid *Chuid 2* (lena n-áirítear aon chás inar tugadh fianaise ar shlí seachas go poiblí) murab indéanta déanamh amhlaidh.

(4) I *bhfo-alt* (2), ciallaíonn “imeachtaí sonraithe”, i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*—

- (a) imeachtaí an choiste a bheidh ag seoladh an fhiosrúcháin,
- (b) imeachtaí coiste eile atá ag seoladh fiosrúchán de chuid *Chuid 2* ar imeachtaí iad arb eol don choiste iad a bheith ann,
- (c) imeachtaí de chuid coiste eile atá ag seoladh gnó eile coiste ar imeachtaí iad arb eol don choiste iad a bheith ann, nó
- (d) imeachtaí cúirte, binse nó coimisiúin ar imeachtaí iad arb eol don choiste iad a bheith ann.

Ní bheidh fianaise a thabharfar do choiste nó a chuirfear chuig coiste inghlactha in imeachtaí áirithe.

29.—(1) Níl aon cheann díobh seo a leanas inghlactha mar fhianaise in aghaidh duine in aon imeachtaí eile (lena n-áirítear imeachtaí araíonachta) seachas imeachtaí i ndáil le cion faoin Acht seo nó leis an gcion is mionnú éithigh:

- (a) ráiteas nó admháil a rinne an duine leis an gcoiste i gcúrsa an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2*;
- (b) doiciméad a tugadh don choiste nó a cuireadh chuige de bhun ordachán, faoin Acht seo, ón gcoiste don duine;
- (c) doiciméad a sonraíodh i mionnscribhinn doiciméad a rinne an duine agus a tugadh don choiste de bhun ordachán, faoin Acht seo, ón gcoiste;
- (d) doiciméad a chruthaigh an coiste nó a cruthaíodh dó (lena n-áirítear aon doiciméad atá neamhiomlán nó nach bhfuil ach i bhfoirm dréachta) chun críocha an fhiosrúcháin;
- (e) tuarascáil iomchuí.

(2) Aon doiciméad atá ar fáil ar shlí eile agus nach chun críocha an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2* a cruthaíodh é, ní bheidh sé neamhghlactha mar fhianaise in aon imeachtaí (lena n-áirítear imeachtaí araíonachta) de bhua an ailt seo.

(3) Faoi réir forálacha san Acht seo maidir le rúndacht, féadfaidh an Teach a bheartú le rún doiciméid de chuid an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2* a chur ar fáil d’údarás reachtúil eile (nach cúirt ná comhlacht araíonachta) de réir rialacha agus buanorduithe.

30.—(1) Tá feidhm ag *fo-alt* (2) maidir le duine iomchuí agus le hábhar iomchuí— Ábhar iomchuí a chaomhnú.

- (a) ar fhiosrúchán de chuid *Chuid 2* a bhunú agus dá éis sin agus cibé acu is tar éis bhunú an fhiosrúcháin a tháinig an t-ábhar iomchuí i seilbh nó faoi rialú an duine iomchuí nó nach ea, agus
- (b) roimh bhunú an fhiosrúcháin in imthosca inarb intuigthe, le réasún, nach foláir gur rathaigh an duine iomchuí bunú an fhiosrúcháin.

(2) Caomhnóidh an duine iomchuí an t-ábhar iomchuí—

- (a) go dtí go gcríochnófar tuarascáil chríochnaitheach an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2* lena mbaineann nó ar an bhfiosrúchán a fhoirceannadh, cibé acu is túisce a tharlóidh, nó
- (b) más rud é, sula gcríochnófar an tuarascáil chríochnaitheach nó sula bhfoirceannfar an fiosrúchán—
 - (i) go mbunófar binse chun an ní uile, nó cuid de, is ábhar don fhiosrúchán a fhiosrú, go dtí go gcríochnóidh an binse a fhiosrúchán, nó
 - (ii) go mbunófar coimisiún chun an ní uile, nó cuid de, is ábhar don fhiosrúchán a imscrúdú, go dtí go gcríochnóidh an coimisiún a imscrúdú.

(3) San alt seo—

ciallaíonn “ábhar iomchuí”, i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, doiciméad, nó faisnéis eile i bhfoirm ar bith, maidir le haon ní sna téarmaí tagartha don fhiosrúchán;

ciallaíonn “duine iomchuí”, i ndáil le hábhar iomchuí, duine a bhfuil an t-ábhar iomchuí ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú nó faoina hurláimh.

31.—(1) Is go poiblí a sheolfar tógáil fianaise le linn an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2* agus féadfar í a chraoladh don phobal ach amháin— Is go poiblí a sheolfar an fhiosrúchán.

- (a) in aon chás inarb deimhin leis an gcoiste gurb inmhianaithe chun críocha an fhiosrúcháin nó chun críocha nósanna imeachta córa fianaise uile, nó cuid d’fhianaise, finné, nó nithe a bhaineann leis an bhfianaise sin, a éisteacht ar shlí seachas go poiblí, nó
- (b) in aon chás ina dtabharfaidh cathaoirleach an choiste ordachán, ar mhaithe le nósanna imeachta córa, scor den chraoladh nó den suí poiblí.

(2) Is ar shlí seachas go poiblí a dhéanfar pléití an choiste i leith an fhiosrúcháin mura rud é go gcinnfidh an coiste a mhalairt.

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Níosanna*
Imeachta), 2013.

(3) Ní bheidh feidhm ag an bpríbhleíd i gcoinne clúmhillleadh maidir le duine (nach comhalta de Theach) d'fhoilsiú fianaise arna tabhairt, nó plé arna dhéanamh, seachas go poiblí contrártha don alt seo.

32.—(1) Aon duine a sholáthraíonn faisnéis don choiste is faisnéis atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, agus a fhios aige nó aici go bhfuil an fhaisnéis bréagach nó míthreorach amhlaidh, nó é nó í a bheith meargánta i dtaobh í a bheith bréagach nó míthreorach amhlaidh, tá sé nó sí ciontach i gcion.

(2) I gcás go sáraítear *alt 30*, maidir leis an duine a rinne an gníomh (nó a rinne an neamhghníomh) lena mbaineann agus a fhios aige nó aici go dtarlódh an sárú sin de thoradh air, nó a bhí meargánta i dtaobh go dtarlódh sárú den sórt sin, tá sé nó sí ciontach i gcion.

(3) Aon duine atá ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, dlítear fíneáil d'Aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, dlítear fíneáil nach mó ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

CUID 4

TUARASCÁLACHA AGUS DOICIMÉID ÁRITHE FAOI RÚN MAIDIR LE FIOSRÚCHÁIN DE CHUID *Chuid 2*

33.—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* go *(5)*, déanfaidh an coiste, ar an bhfiosrúchán de chuid *Chuid 2* a chríochnú, tuarascáil chríochnaitheach i scríbhinn, bunaithe ar an bhfianaise arna fáil ag an gcoiste, a ullmhú agus a thabhairt don Teach ar tuarascáil í ina leagfar amach an fhianaise agus na cinntí fíoras (más ann), lena n-áirítear cinntí fíoras i dtaobh mí-iompar iomchuí, arna ndéanamh ag an gcoiste i ndáil leis an ní is ábhar don fhiosrúchán agus (má cheadaíonn téarmaí tagartha an fhiosrúcháin amhlaidh) cibé moltaí (más ann) is cuí leis an gcoiste.

(2) Féadfaidh an coiste aon fhaisnéis lena sainithnítear duine a thug faisnéis don choiste, nó aon duine eile, nó a bhféadfaí a bheith ag súil, le réasún, go sainithneofaí é nó í dá deasca, a fhágáil ar lár as an tuarascáil chríochnaitheach más rud é, i dtuairim an choiste—

(a) go bhféadfaí a bheith ag súil, le réasún, dá nochtfaí an fhaisnéis, go ndéanfaí dochar d'aon imeachtaí coiriúla atá ar feitheamh nó ar siúl sa Stát nó d'aon imscrúdú coiriúil atá á sheoladh sa Stát an tráth sin;

(b) go ndéanfaidh nochtadh na faisnéise dochar don fhiosrúchán de chuid *Chuid 2* nó d'aon imscrúdú nó fiosrúchán dá éis (cibé acu faoin Acht seo nó faoi Acht eile) a mbeidh tús curtha leis sula dtabharfar an tuarascáil chríochnaitheach don Teach,

(c) go ndéanfaidh poibliú chéannacht an duine dochar dó nó di agus nach ndéanfaí dochar, dá bhféadfaí an fhaisnéis ar

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.4 A.33

lár, don fhiosrúchán ná d'aon imscrúdú nó fiosrúchán dá éis (cibé acu faoin Acht seo nó faoi Acht eile) a mbeidh tús curtha leis sula dtabharfar an tuarascáil chríochnaitheach don Teach,

(d) nach ar mhaithe leis an gceartas é an fhaisnéis a nochtadh, nó

(e) ar aon chúis dhosháraithe eile, gur cóir an fhaisnéis sin a fhágáil ar lár.

(3) Maidir leis na tagairtí do “cinntí fíorais” agus “moltaí” i *bhfo-alt (1)*, folaíonn siad freisin tagairtí do chinntí fíorais agus moltaí a bheidh i dtuarascáil eatramhach a thabharfaidh an coiste don Teach.

(4) Féadfaidh an coiste, dá rogha féin, aon fhianaise dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a fhágáil ar lár as an leagan clóite den tuarascáil chríochnaitheach, más rud é—

(a) nár tugadh an fhianaise don choiste ó bhéal,

(b) go gcinntíonn an coiste go bhfuil rochtain réidh ag daoine den phobal (cibé acu tríd an Idirlíon nó ar shlí eile) ar an bhfianaise a fhágfar ar lár ar feadh tréimhse nach lú ná 3 bliana dar tosach an tráth a fhoilsítear an leagan clóite den tuarascáil chríochnaitheach, agus

(c) go luaitear go soiléir sa leagan clóite den tuarascáil chríochnaitheach an tslí a mbeidh rochtain réidh ag daoine den phobal ar an bhfianaise a fhágfar ar lár.

(5) I gcás gur Teach an coiste—

(a) measfar na focail “agus a thabhairt don Teach” a bheith fágtha ar lár as *fo-alt (1)*, agus

(b) measfar na focail “sula gcríochnófar an tuarascáil chríochnaitheach” a bheith curtha in ionad na bhfocal “sula dtabharfar an tuarascáil chríochnaitheach don Teach” i *míreanna (b)* agus (c) *d'fho-alt (2)*.

34.—(1) (a) Faoi réir *fho-alt (3)*, féadfaidh an Teach, tráth ar bith sula dtugtar an tuarascáil chríochnaitheach dó, a iarraidh ar an gcoiste tuarascálacha eatramhacha i scríbhinn a thabhairt dó de réir rialacha agus buanorduithe. Tuarascálacha eatramhacha.

(b) Féadfaidh an coiste (nach Teach), tráth ar bith roimh an tuarascáil chríochnaitheach a thabhairt don Teach, tuarascálacha eatramhacha i scríbhinn a thabhairt don Teach de réir rialacha agus buanorduithe.

(2) Beidh feidhm ag *alt 33(2)* agus (4), fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le tuarascáil eatramhach mar atá feidhm acu maidir leis an tuarascáil chríochnaitheach.

(3) I gcás gur Teach an coiste, measfar na focail “féadfaidh an coiste, tráth ar bith sula n-ullmhaíonn sé an tuarascáil chríochnaitheach, tuarascálacha eatramhacha i scríbhinn a ullmhú” a bheith curtha in ionad na bhfocal “féadfaidh an Teach, tráth ar bith sula dtugtar an tuarascáil chríochnaitheach dó, a iarraidh ar an

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

gcoiste tuarascálacha eatramhacha i scríbhinn a thabhairt dó” i *bhfo-alt (1)(a)*.

Tabharfar dréacht de thuarascáil iomchuí do dhaoine áirithe.

35.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)* agus (3) agus *alt 94* (i gcás go bhfuil feidhm ag *mír (b) d’fho-alt (6)* den alt sin), déanfaidh an coiste, roimh thuarascáil iomchuí a chríochnú, dréacht den thuarascáil, nó den chuid lena mbaineann den thuarascáil, a thabhairt d’aon duine—

- (a) a ainmnítear in aon chinneadh fíorais beartaithe nó moladh beartaithe, nó a bheadh inaitheanta i dtaca leis an gcéanna, nó a ndéanfaidh an céanna difear suntasach dó nó di,
- (b) a bhfuil cinntí fíorais á ndéanamh ina aghaidh nó ina haghaidh lena gcaitear amhras go díreach ar dhea-chlú an duine sin, nó
- (c) a mb’fhéidir go mbeadh faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de arna soláthar aige nó aici don choiste mar a shonraítear in *alt 38(3)*.

(2) Leagfar amach sa dréacht-tuarascáil na cinntí fíorais a cheanglaítear le *halt 33* nó *34*, de réir mar is gá sa chás, agus na moltaí, nó cibé cinn de na fíorais agus na moltaí is iomchuí maidir leis an gcuid lena mbaineann den dréacht-tuarascáil.

(3) Beidh fógra i scríbhinn ón gcoiste ag gabháil leis an dréacht-tuarascáil nó leis an gcuid lena mbaineann den dréacht-tuarascáil ina sonrú an tréimhse ama a cheadaítear chun iarrataí i scríbhinn faoi *alt 38(1)* a dhéanamh, nó chun ráitis faoi *alt 39(1)* a thabhairt, don choiste.

(4) Beidh feidhm ag *alt 36* go *39*, fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le cuid de dhréacht-tuarascáil a thabharfaidh an coiste do dhuine faoin alt seo mar atá feidhm acu maidir le dréacht-tuarascáil a thugann an coiste do dhuine faoin alt seo.

Rúndacht dréacht-tuarascálacha.

36.—(1) Maidir le haon duine dá dtugann an coiste dréacht-tuarascáil faoi *alt 35*, ní nochtfaidh sé nó sí í, ná ní scaoilfidh sé nó sí ar aon slí an t-eolas gur tugadh an dréacht-tuarascáil don duine sin, seachas—

- (a) le toiliú roimh ré i scríbhinn ón gcoiste,
- (b) a mhéid is gá chun iarratas a dhéanamh chun na Cúirte, nó in aon imeachtaí den fhiosrúchán de chuid *Chuid 2*, nó
- (c) do chleachtóir dlí an duine.

(2) Ní bheidh feidhm ag pribhléid i gcoinne clúmhillleadh maidir le dréacht-tuarascáil a fhoilseoidh duine (nach comhalta de Theach) de shárú ar *fho-alt (1)*.

Rúndacht doiciméad eile.

37.—(1) Maidir le haon duine dá dtugann an coiste doiciméad (nach dréacht-tuarascáil faoi *alt 35*) i ndáil leis an bhfiosrúchán de chuid *Chuid 2* i gcás go mbeidh curtha in iúl ag an gCoiste gur doiciméad rúnda an doiciméad, ní nochtfaidh sé nó sí é, ná ní scaoilfidh sé nó sí ar aon slí an t-eolas gur tugadh an doiciméad don duine sin, seachas—

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.4 A.37

- (a) le toiliú roimh ré i scríbhinn ón gcoiste,
- (b) a mhéid is gá chun iarratas a dhéanamh chun na Cúirte, nó in aon imeachtaí den fhiosrúchán de chuid *Chuid 2*, nó
- (c) do chleachtóir dlí an duine.

(2) Ní bheidh feidhm ag pribhléid i gcoinne clúmhillleadh maidir le doiciméad a fhoilseoidh duine (nach comhalta de Theach) de shárú ar *fho-alt (1)*.

38.—(1) Aon duine dá dtugann an coiste dréacht-tuarascáil faoi *alt 35*, féadfaidh sé nó sí, laistigh de thréimhse a bheidh sonraithe ag an gcoiste, a iarraidh i scríbhinn ar an gcoiste aon fhaisnéis arna soláthar ag an duine don choiste a fhágáil ar lár as an dréacht-tuarascáil is faisnéis—

Caomhnú rúndachta i dtaca le faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de.

- (a) a mheasann an duine a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de, agus
- (b) nach gá a nochtadh, i dtuairim an duine, chun críocha an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2*.

(2) Tar éis don choiste iarraidh faoi *fho-alt (1)* arna déanamh chuige a bhreithniú, déanfaidh sé athbhreithniú ar an dréacht-tuarascáil agus, más deimhin leis go bhfuil an fhaisnéis íogair ó thaobh na tráchtála de agus nach gá í a nochtadh chun críocha an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2*, féadfaidh sé an fhaisnéis a fhágáil ar lár as an tuarascáil.

(3) Chun críocha an ailt seo, is faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de faisnéis más rud é go bhféadfaí a bheith ag súil, le réasún, de dheasca a nochta—

- (a) go ndéanfaí dochar substainteach agus ábhartha do leasanna tráchtála nó tionsclaíochta—
 - (i) an duine a sholáthair an fhaisnéis sin don choiste,
 - (ii) an duine lena mbaineann an fhaisnéis, nó
 - (iii) aicme daoine lena mbaineann duine dá dtagraítear i *bhfomhír (i)* nó *(ii)*,
- (b) go ndéanfaí dochar substainteach do staid iomaíochta duine i seoladh ghnó, ghairm nó shlí bheatha an duine, nó
- (c) go ndéanfaí dochar substainteach do staid airgeadais an Stáit nó comhlachta phoiblí.

39.—(1) Aon duine dá dtugann an coiste dréacht-tuarascáil faoi *alt 35* agus a chreideann—

Dréacht-tuarascálacha a leasú.

- (a) nár urramaigh an coiste nósanna imeachta córa i gcúrsa sheoladh an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2* i ndáil leis nó léi,
- (b) go mbeartaíonn an coiste cinneadh a dhéanamh atá mícheart, míthreorach nó neamhiomchuí i dtaca le

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

téarmaí tagartha an fhiosrúcháin agus gur cinneadh é atá bainteach leis nó léi,

- (c) go mbeartaíonn an coiste moladh a dhéanamh atá bainteach leis nó léi is moladh míchuí, ag féachaint don fhianaise a éisteadh,
- (d) go mba chóir ní a fhágáil ar lár faoi *alt 38*, nó
- (e) nach gcomhlíonann an dréacht-tuarascáil an tAcht seo ar aon slí áirithe eile,

féadfaidh sé nó sí, laistigh de 14 lá tar éis an dréacht-tuarascáil a thabhairt dó nó di (nó cibé tréimhse is faide (más ann) a shonróidh an coiste), ráiteas i scríbhinn a thabhairt don choiste ina leagtar amach na cúiseanna a gcreidtear é sin agus lena n-iarrtar ar an gcoiste athbhreithniú a dhéanamh ar an dréacht-tuarascáil, ag féachaint don ráiteas.

(2) Féadfaidh an coiste, tar éis ráiteas a thugtar dó faoi *fho-alt (1)* a bhreithniú agus tar éis an dréacht-tuarascáil a athbhreithniú, tuilleadh fianaise a éisteacht más cuí leis déanamh amhlaidh, agus tar éis cibé fianaise (más ann) is cuí leis a éisteacht—

- (a) leasóidh sé an dréacht-tuarascáil, lena n-áirítear trí aon chuid den dréacht-tuarascáil a fhágáil ar lár atá bunaithe ar fhianaise a fuarthas gan nósanna imeachta córa a urramú, nó
- (b) diúltú aon leasuithe a dhéanamh ar an dréacht-tuarascáil.

(3) Déanfaidh an coiste, roimh thuarascáil iomchuí a ullmhú, fógra i scríbhinn a thabhairt faoina bhreith faoi *fho-alt (2)* d'aon duine lena mbaineann, lena n-áirítear sonraí faoi aon leasuithe arna ndéanamh faoin alt seo d'aon duine lena mbaineann na leasuithe.

(4) Faoi réir *alt 94* (in aon chás ina bhfuil feidhm ag *mír (b) d'fho-alt (6)* den alt sin), ní chríochnóidh an coiste tuarascáil iomchuí go dtí go mbeidh 21 lá caite tar éis an dáta a bheidh na fógraí uile faoi *fho-alt (3)* a cheanglaítear a thabhairt arna dtabhairt do na daoine lena mbaineann.

Foilsíú na
tuarascála
críochnaithí agus
tuarascálacha
eatramhacha.

40.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)* agus *alt 95*—

- (a) beartóidh an Teach, le rún, maidir le tuarascáil chríochnaitheach arna tabhairt dó, go bhfoilseofar í a luaithe is féidir tar éis í a thabhairt amhlaidh, agus
- (b) féadfaidh an Teach, dá rogha féin, beartú le rún maidir le tuarascáil eatramhach arna tabhairt dó, go bhfoilseofar í mura rud é go gcuirfeadh an foilsíú bac ar an bhfiosrúchán de chuid *Chuid 2* nó go ndéanfadh sé díobháil don chéanna.

(2) I gcás gur Teach an coiste—

- (a) measfar an focal “coiste” a bheith curtha in ionad an fhocail “Teach” i *bhfo-alt (1)*,
- (b) measfar na focail “arna hullmhú aige, go bhfoilseofar í a luaithe is féidir tar éis í a chríochnú” a bheith curtha in

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.4 A.40

ionad na bhfocal “arna tabhairt dó, go bhfoilseofar í a luaithe is féidir tar éis í a thabhairt amhlaidh” i *mír (a) d’fho-alt (1)*, agus

- (c) measfar na focail “arna hullmhú aige” a bheith curtha in ionad na bhfocal “arna tabhairt dó” i *mír (b) d’fho-alt (1)*.

41.—(1) Aon duine a sháraíonn *alt 36(1)*, tá sé nó sí ciontach i gcion. Cionta — *Cuid 4*.

(2) Aon duine, chomh maith leis an duine dár tugadh dréacht-tuarascáil faoi *alt 34*, a fhoilsíonn an dréacht-tuarascáil, tá sé nó sí ciontach i gcion, gan beann ar an tslí ar a bhfuair sé nó sí an dréacht-tuarascáil nó a lánas.

(3) In aon imeachtaí cúirte a bhaineann le *fo-alt (1)* nó *(2)*, féadfaidh an chúirt a ordú go seolfar na himeachtaí sin go léir nó cuid de na himeachtaí sin ar shlí seachas go poiblí, nó féadfaidh sí srianta a fhorchur i leith lánas uile na dréacht-tuarascála lena mbaineann, nó cuid den inneachar sin, a nochtadh i gcúirt oscailte, a fhoilsiú nó a thuairisciú.

(4) Aon duine a sháraíonn *alt 37(1)*, tá sé nó sí ciontach i gcion.

(5) Aon duine, chomh maith leis an duine dár tugadh doiciméad dá dtagraítear in *alt 37(1)*, a fhoilsíonn an doiciméad, tá sé nó sí ciontach i gcion, gan beann ar an tslí ar a bhfuair sé nó sí an doiciméad nó a lánas.

(6) In aon imeachtaí cúirte i ndáil le *fo-alt (4)* nó *(5)*, féadfaidh an chúirt a ordú go seolfar na himeachtaí sin go léir nó cuid de na himeachtaí sin ar shlí seachas go poiblí, nó féadfaidh sí srianta a fhorchur i leith an doiciméad lena mbaineann a nochtadh i gcúirt oscailte, a fhoilsiú nó a thuairisciú.

(7) Aon duine atá ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)*, *(2)*, *(4)* nó *(5)*—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, dlitear fineáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, dlitear fineáil nach mó ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

CUID 5

COSTAIS DLÍ I NDÁIL LE FIOSRÚCHÁN DE CHUID *Chuid 2*, CAITEACHAIS
I NDÁIL LE FIOSRÚCHÁN DE CHUID *Chuid 2* AGUS COSTAIS DLÍ BILLE
PHRÍOBHÁIDIGH

CAIBIDIL 1

*Mínithe, meastachán ar chostais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid
Chuid 2 agus ar chaiteachais i ndáil le fiosrúchán de chuid Chuid 2
agus breithneoirí costas dlí parlaiminteach*

42.—Sa Chuid seo—

Mínithe — *Cuid 5*.

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

ciallaíonn “deimhniú costas”, i ndáil le *Caibidil 2*, deimhniú costas dá dtagraítear in *alt 52(1)* agus, i ndáil le *Caibidil 4*, ciallaíonn sé deimhniú costas dá dtagraítear in *alt 61(1)*;

ciallaíonn “cuntasóir costas dlí” duine a ghlac páirt go rialta in ullmhú agus i gcur i láthair billí costas thar ceann cleachtóirí dlí le haghaidh fómhais (nó a choibhéis) ar chostais dlí agus a tháinig i láthair go rialta os comhair Máistir Fómhais (nó a choibhéis) ar bhillí costas den sórt sin;

ciallaíonn “breithneoir costas dlí parlaiminteach” cuntasóir costas dlí arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *alt 44(2)* chun breithniú dá dtagraítear in *ailt 51(1)*, *57(3)* nó *58(3)* a dhéanamh;

ciallaíonn “caiteachais i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*”, i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, caiteachais arna dtabhú, a eascraíonn as an bhfiosrúchán agus nach costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, agus folaíonn siad caiteachais den sórt sin a thabhaíonn finné san fhiosrúchán nó duine eile a ndéanfaidh an fiosrúchán difear dó nó di;

ciallaíonn “costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*”, i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, táillí, muirir, eisíocaíochtaí agus costais eile arna dtabhú, a eascraíonn as an bhfiosrúchán agus ar le haghaidh seirbhísí de chineál dlíthiúil arna soláthar ag cleachtóir dlí iad;

ciallaíonn “achainíoch”, i ndáil le bille príobháideach, duine a dhéanann, de réir cibé rialacha agus buanorduithe (más ann) a dhéanfar chuige sin, achainí a chur faoi bhráid Tí nó coiste i gcoinne an bhille phríobháidigh nó aon fhoráil den bhille príobháideach;

ciallaíonn “bille príobháideach” bille a thionscnaítear chun leas ar leithligh nó chun tairbhe ar leithligh duine, nó lena gcuirtear isteach ar mhaoin phríobháideach duine (seachas chun leas an phobail i gcoitinne agus mar bheart a bhaineann le beartas poiblí), agus folaíonn sé—

- (a) bille chun ordú sealadach nó ordú eile a dhaingniú,
- (b) bille poiblí a bpléitear leis mar bhille atá faoi réir na rialacha agus na mbuanorduithe arna ndéanamh i gcomhpháirt ag Dáil Éireann agus ag Seanad Éireann i dtaobh gnó poiblí, agus
- (c) bille ar mhodh bille le haghaidh Acht áitiúil agus pearsanta;

ciallaíonn “costais dlí bille phríobháidigh”—

- (a) costais dlí bille phríobháidigh (achainíoch) nó
- (b) costais dlí bille phríobháidigh (tionscnóir);

ciallaíonn “costais dlí bille phríobháidigh (achainíoch)”, i ndáil le bille príobháideach, táillí, muirir, eisíocaíochtaí agus costais eile arna dtabhú ag an achainíoch, a eascraíonn as cur i gcoinne an bhille phríobháidigh agus ar le haghaidh seirbhísí de chineál dlíthiúil arna soláthar ag cleachtóir dlí iad;

ciallaíonn “costais dlí bille phríobháidigh (tionscnóir)”, i ndáil le bille príobháideach, táillí, muirir, eisíocaíochtaí agus costais eile arna dtabhú ag an tionscnóir, a eascraíonn as an mbille príobháideach a

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.5 A.42

thionscnamh agus ar le haghaidh seirbhísí de chineál dlíthiúil arna soláthar ag cleachtóir dlí iad;

ciallaíonn “tionscnóir”, i ndáil le bille príobháideach, an t-iarratasóir san iarratas ar an mbille príobháideach agus, i gcás bille príobháideach nach bhfuil á chur chun cinn ag comhlacht corpraithe, folaíonn sé—

- (a) duine a bheidh ainmnithe sa bhille príobháideach mar thionscnóir an bhille, agus
- (b) comhlacht corpraithe a chorprófaí, dá mbeadh forálacha an bhille phríobháidigh i bhfeidhm, dá bharr;

ciallaíonn “ordú sealadach” ordú arna dhéanamh nó scéim arna déanamh faoi Acht den Oireachtas, is ordú nó scéim is gá a dhaingniú le hAcht den Oireachtas;

ciallaíonn “sonraithe”, i ndáil le foirm nó le doiciméad, sonraithe faoi *alt 63*;

ciallaíonn “Máistir Fómhais” Máistir Fómhais don Chúirt.

43.—(1) Faoi réir *fho-alt 2*, a luaithe is féidir tar éis rún dá dtagraítear in *alt 13(1)* a rith i leith fiosrúchán de chuid *Chuid 2* (nó, i gcás fiosrúchán de chuid *Chuid 2* is fiosrúchán de chuid *alt 16*, a luaithe is féidir tar éis feidhm a bheith ag *alt 16* agus tar éis an coiste a shainaitheint atá chun an fiosrúchán de chuid *alt 16* a sheoladh), ullmhóidh an coiste tuarascáil, a leagfar os comhair an Tí, ina mbeidh meastachán, ag féachaint do na treoirlínte (más ann) arna n-eisiúint faoi *alt 46*, ar chomhshuim na gcostas dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* agus na gcaiteachas i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a thabhófar le linn an fiosrúchán a sheoladh.

Meastachán ar shuim na gcostas dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* agus na gcaiteachas i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*.

(2) I gcás gur Teach an coiste, measfar na focail “ullmhóidh cathaoirleach an choiste” a bheith curtha in ionad na bhfocal “ullmhóidh an coiste” i *bhfo-alt (1)*.

44.—(1) Bunóidh an tAire painéal de chuntasóirí costas dlí atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar bhreithneoir costas dlí parlaiminteach i gcás go bhfuil feidhm ag *alt 51(1)*, *57(3)* nó *58(3)*.

Breithneoir costas dlí parlaiminteach.

(2) I gcás go bhfuil feidhm ag *alt 51(1)*, *57(3)* nó *58(3)*, féadfaidh an tAire, ar iarraidh i scríbhinn a fháil ó Choimisiún an Oireachtais, cuntasóir costas dlí a cheapadh as measc an phainéil de chuntasóirí costas dlí arna bhunú faoi *fho-alt (1)*, chun breithniú dá dtagraítear san alt sin a sheoladh.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, íocfar le breithneoir costas dlí parlaiminteach cibé táillí as a sheirbhísí nó as a seirbhísí mar bhreithneoir costas dlí parlaiminteach a bheidh sonraithe i scríbhinn ag an Aire, go ginearálta nó in aon chás áirithe.

(4) Is cuid de chaiteachais Choimisiún an Oireachtais na táillí dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*.

45.—Chun críocha aon bhreithnithe faoin gCuid seo, féadfaidh breithneoir costas dlí parlaiminteach—

Cumhachtaí breithneora costas dlí parlaiminteach.

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

- (a) aon pháirtí in aon bhreithniú den sórt sin, agus aon fhinnéithe a fhéadfar a cheistiú i ndáil leis an gcéanna, a cheistiú faoi mhionn,
- (b) aon mhionnscríbhinn mhionnaithe a ghlacadh, nó
- (c) a iarraidh go dtabharfar ar aird aon doiciméad atá i seilbh nó faoi rialú aon pháirtí i mbreithniú den sórt sin a bhaineann le hábhair an bhreithnithe sin.

CAIBIDIL 2

Costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid Chuid 2

Eiseoidh Coimisiún an Oireachtais treoirlínte i leith costais dlí fiosrúcháin de chuid Chuid 2.

46.—(1) Féadfaidh Coimisiún an Oireachtais, tar éis dul i gcomhairle le Máistir Fómhais agus le comhlachtaí atá ionadaitheach do chleachtóirí dlí nó do chuntasóirí costas dlí, agus le cibé daoine eile is cuí leis, treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint mar fhaisnéis d'fhinnéithe agus do dhaoine eile a ndéanann fiosrúcháin de chuid Chuid 2 difear dóibh i leith cúiteamh a fháil sna costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid Chuid 2 a tabhaíodh i ndáil le fiosrúcháin de chuid Chuid 2, agus féadfar foráil a dhéanamh leis na treoirlínte sin maidir le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

- (a) prionsabail ghinearálta a leagan amach lena rialófar íoc costas den sórt sin ar shlí a bheidh ar comhréir le seoladh éifeachtúil agus éifeachtach an fhiosrúcháin;
- (b) na cineálacha seirbhísí, daoine nó nithe eile a shrianadh ar ina leith is féidir íocaíocht a dhéanamh;
- (c) uasmhéideanna a shocrú i ndáil leis an íocaíocht as cineál nó cineálacha seirbhíse nó nithe eile.

(2) Féadfaidh breithneoir costas dlí parlaiminteach, ar aon bhreithniú ar bhille costas sínithe dá dtagraítear in *alt 51(2)(a)*, gach costas dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid Chuid 2 atá cóir réasúnach a cheadú i leith aon nithe nach mbeidh ar áireamh sna treoirlínte a ullmhófar agus a eiseofar de bhun an ailt seo.

Costais dlí trú páirtí i ndáil le fiosrúcháin de chuid Chuid 2 in imeachtaí fiosrúcháin de chuid Chuid 2.

47.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)*, féadfaidh finné a gcaitear, nó a bhféadfaí go gcaithfí, amhras go díreach ar a dhea-chlú nó a dea-chlú san fhiosrúchán de chuid Chuid (2) iarratas a dhéanamh san fhoirm shonraithe chuig Coimisiún an Oireachtais ar ordú go mbeidh an finné i dteideal, faoi réir na dtreoirlínte (más ann) a bheidh arna n-eisiúint faoi *alt 46*, go gcúiteofar leis nó léi costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid Chuid 2 a bheidh arna dtabhú aige nó aici i ndáil leis an bhfiosrúchán.

(2) Ní thabharfar breith ar iarratas faoi *fho-alt (1)*, murab ann d'imthosca eisceachtúla, go dtí—

- (a) go mbeidh tuarascáil chríochnaitheach an choiste arna críochnú, nó
- (b) tar éis fhoirceannadh an fhiosrúcháin,

cibé acu is tuisce a tharlóidh.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.5 A.47

(3) Féadfar iarratas faoi *fho-alt (1)* a dhiúltú go hiomlán nó go páirteach má tá feidhm ag na himthosca dá dtagraítear in *alt 48(1)* nó (4).

(4) (a) Féadfaidh duine, aon tráth, iarratas a dhéanamh chuig an gcoiste ar chinneadh i dtaobh an duine é nó í a gcaitear, nó a bhféadfaí go gcaithfí, amhras go díreach ar a dheachlú nó a dea-chlú san fhiosrúchán de chuid *Chuid 2*.

(b) Maidir leis an gcoiste—

(i) cinnfidh sé iarratas dá dtagraítear i *mír (a)* a luaithe is indéanta tar éis é a fháil, agus

(ii) scoirfidh sé den duine a rinne an t-iarratas a fhiosrú a thuilleadh go dtí go mbeidh fógra i scríbhinn i dtaobh a chinnidh arna thabhairt aige don duine.

48.—(1) Faoi réir na dtreoirlínte (más ann) arna n-eisiúint faoi *alt 46* agus faoi réir *alt 96(1)* agus (2), i gcás go gcreideann Coimisiún an Oireachtais, ar bhonn thuarascáil chríochnaitheach an choiste tar éis don choiste í a chríochnú, gur thabhaigh an coiste costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* nach mbeadh tabhairt ag an gcoiste thairis sin, de bhrí—

Costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a dhámhadh in aghaidh tríú páirtithe.

(a) gur mhainnigh duine, gan leithscéal réasúnach, maidir le haon ordachán áirithe faoin Acht seo, an t-ordachán a chomhlíonadh,

(b) gur mhainnigh duine, gan leithscéal réasúnach, ceanglas a chomhlíonadh a raibh an coiste i dteideal é a eisiúint,

(c) gur ghabh duine d'iompar a bhí míréasúnach fadálach, leadránach nó seachantach nó lenar cuireadh fad nár ghá leis an bhfiosrúchán de chuid *Chuid 2* nó lenar tabhaíodh costais dlí nár ghá i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*,

(d) gur ghníomhaigh duine ar mhodh a ndearnadh cinneadh i dtaobh mí-iompar iomchuí ina leith de thoradh air, nó

(e) gur choisc duine an fhiosrúchán ar shlí eile,

féadfaidh Coimisiún an Oireachtais fógra i scríbhinn a thabhairt don duine ina leagfar amach go gcreideann an Coimisiún é sin agus na forais ar a gcreideann sé é agus ina luafar, má dhéanann an Chúirt na forais sin a dhaingniú faoi *alt 96(2)*, go bhfuil beartaithe ag Coimisiún an Oireachtais a chumhacht faoi *fho-alt (2)* a fheidhmiú maidir leis na costais sin a tabhaíodh amhlaidh a chúiteamh i ndáil leis na forais sin arna ndaingniú amhlaidh (lena n-áirítear costais den sórt sin a eascraíonn as aon mhoill le críochnú an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2*).

(2) Más rud é, faoi *alt 96(2)*, go mbeidh aon fhorais dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* arna ndaingniú ag an gCúirt, féadfaidh Coimisiún an Oireachtais iarraidh a dhéanamh i scríbhinn (is iarraidh a mbeidh na doiciméid iomchuí ag gabháil léi) chuig an duine lena mbaineann na forais sin arna ndaingniú amhlaidh á iarraidh air nó uirthi an méid a bheidh sonraithe san iarraidh, arb éard é na costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a chreideann Coimisiún an Oireachtais a thabhaigh an coiste i ndáil leis na forais sin arna ndaingniú

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

amhlaidh, a íoc le Coimisiún an Oireachtais tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis an iarraidh a dhéanamh.

(3) Más rud é, maidir le duine is ábhar d'iarraidh faoi *fho-alt* (2)—

- (a) go mainneoidh sé nó sí déanamh de réir na hiarrata laistigh den 60 lá dá dtagraítear san *fho-alt* sin, nó
- (b) go dtabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn do Choimisiún an Oireachtais á rá go bhfuil sé nó sí ag cur in aghaidh an mhéid atá sonraithe san iarraidh,

cibé acu is tuisce a tharlóidh, cuirfidh Coimisiún an Oireachtais faoi deara go ndéanfaidh breithneoir costas dlí parlaiminteach na costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* lena mbaineann a bhreithniú agus a fhionnadh (agus, in aon chás den sórt sin, ní bheidh an breithneoir costas dlí parlaiminteach faoi cheangal déileáil leis an méid a bheidh sonraithe san iarraidh mar mhéid uasta chun críocha an bhreithnithe agus an fhionnta sin).

(4) Faoi réir na dtreoirínte (más ann) arna n-eisiúint faoi *alt 46*, *fo-alt* (8) agus *alt 96(1)* agus (2), i gcás go gcreideann Coimisiún an Oireachtais, ar bhonn thuarascáil chríochnaitheach an choiste tar éis don choiste í a chríochnú, maidir le duine (dá ngairtear an “duine éagóraithe” san alt seo) a tháinig i láthair os comhair an choiste nó a thug fianaise dó, go bhfuil dochar déanta dó nó di de thoradh gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear in aon cheann de *mhíreanna* (a) go (e) d'*fho-alt* (1), is gníomh nó neamhghníomh de shórt a d'fhág gur thabhaigh an duine éagóraithe costais i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* nach dtabhófaí thairis sin murach an gníomh nó an neamhghníomh sin, féadfaidh Coimisiún an Oireachtais, ar iarraidh a fháil san fhoirm shonraithe ón duine éagóraithe, fógra i scríbhinn a thabhairt don duine, a raibh an toradh sin ar a ghníomh nó a gníomh nó a neamhghníomh, ina leagfar amach go gcreideann an Coimisiún é sin agus na forais ar a gcreideann sé é agus ina luafar, má dhéanann an Chúirt foras nó forais díobh sin a dhaingniú faoi *alt 96(2)*, go bhfuil beartaithe ag Coimisiún an Oireachtais a chumhacht faoi *fho-alt* (5) a fheidhmiú maidir leis na costais sin a tabhaíodh amhlaidh a chúiteamh thar ceann an duine éagóraithe i ndáil leis na forais sin arna ndaingniú amhlaidh.

(5) Más rud é, faoi *alt 96(2)*, go bhfuil an Chúirt tar éis aon fhorais dá dtagraítear i *bhfo-alt* (4) a dhaingniú, féadfaidh Coimisiún an Oireachtais iarraidh a dhéanamh i scríbhinn (is iarraidh a mbeidh na doiciméid iomchuí ag gabháil léi) chuig an duine lena mbaineann na forais sin á iarraidh air nó uirthi an méid a bheidh sonraithe san iarraidh, arb éard é na costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a chreideann Coimisiún an Oireachtais a thabhaigh an duine éagóraithe i ndáil leis na forais sin arna ndaingniú amhlaidh, a íoc leis an duine éagóraithe tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis an iarraidh a dhéanamh.

(6) Más rud é, maidir leis an duine is ábhar d'iarraidh faoi *fho-alt* (5)—

- (a) go mainneoidh sé nó sí déanamh de réir na hiarrata laistigh den 60 lá dá dtagraítear san *fho-alt* sin, nó
- (b) go dtabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn do Choimisiún an Oireachtais á rá go bhfuil sé nó sí ag cur in aghaidh an mhéid atá sonraithe san iarraidh,

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

Cd.5 A.48

cibé acu is túisce a tharlóidh, cuirfidh Coimisiún an Oireachtais faoi deara go ndéanfaidh breithneoir costas dlí parlaiminteach na costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* lena mbaineann a bhreithniú agus a fhionnadh (agus in aon chás den sórt sin, ní bheidh an breithneoir costas dlí parlaiminteach faoi cheangal déileáil leis an méid atá sonraithe san iarraidh mar mhéid uasta chun críocha an bhreithnithe agus an fhionnta sin).

(7) Féadfar a iarraidh ar dhuine costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a íoc faoin alt seo, fiú amháin más rud é go bhfuil an gníomh nó an neamhghníomh ar dá thoradh a rinneadh an iarraidh inphionóis mar dhíspeagadh nó mar chion i gcoinne foráil den Acht seo nó go bhfágann sé ar shlí eile go ndlitear imeachtaí sibhialta a shaothrú i gcoinne an duine faoin Acht seo, agus ní cosc í an iarraidh ar an duine a phionósú mar gheall ar dhíspeagadh ná ar imeachtaí a thionscnamh i leith an chiona nó an ghnímh nó an neamhghnímh lena mbaineann.

(8) Faoi réir *alt 96(5)* agus (6), i gcás go ndéanfaidh an duine éagóraithe iarraidh san fhoirm shonraithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* chuig Coimisiún an Oireachtais—

- (a) déanfaidh sé, tráth nach déanaí ná 45 lá tar éis an iarraidh a dhéanamh, fógra i scríbhinn a thabhairt don duine éagóraithe i dtaobh cén gníomh (ar féidir nach aon ghníomh é) a bheartaíonn sé a dhéanamh i leith na hiarrata agus i dtaobh na gcúiseanna atá aige leis an ngníomh sin, agus
- (b) más rud é, de dheasca na hiarrata sin, go dtabharfaidh Coimisiún an Oireachtais fógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* nó go ndéanfaidh sé iarraidh faoi *fho-alt (5)*, déanfaidh sé, an tráth céanna a thabharfaidh sé an fógra nó a dhéanfaidh sé an iarraidh, de réir mar a bheidh, cóip de nó dí a thabhairt don duine éagóraithe.

(9) Maidir leis na hiarrataí a fhéadfaidh Coimisiún an Oireachtais a dhéanamh faoin alt seo i dtaobh costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, foláíonn siad iarraidh go n-íocfaidh an duine aon cheann de na nithe seo a leanas nó aon teaghlaim díobh:

- (a) cion de chostais den sórt sin de chuid duine eile;
- (b) méid luaite i leith costais den sórt sin de chuid duine eile;
- (c) costais den sórt sin ó dháta áirithe, agus ón dáta sin amháin, nó go dtí dáta áirithe, agus go dtí an dáta sin amháin, nó i leith tréimhse shonraithe;
- (d) costais den sórt sin a tabhaíodh tar éis an rún dá dtagraítear in *alt 13(1)* i leith an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2* a rith ach sular cuireadh tús leis an bhfiosrúchán nó, i gcás fiosrúcháin de chuid *Chuid 2* is fiosrúchán de chuid *alt 16*, tar éis feidhm a bheith ag *alt 16* agus tar éis an tráth a sainaitníodh an coiste atá chun an fiosrúchán de chuid *alt 16* a sheoladh ach sular cuireadh tús leis an bhfiosrúchán de chuid *alt 16*;
- (e) costais den sórt sin a bhaineann le bearta áirithe a rinne an coiste san fhiosrúchán nó i ndáil leis an bhfiosrúchán;

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

(f) costais den sórt sin nach mbaineann ach le cuid faoi leith den fhiosrúchán de chuid *Chuid 2*;

(g) ús ar chostais den sórt sin ó dháta áirithe nó go dtí dáta áirithe nó i leith tréimhse shonraithe.

(10) San alt seo, ciallaíonn “doiciméid iomchuí”, i ndáil le méid a shonrófar in iarraidh faoi *fho-alt (2)* nó *(5)*—

(a) bille costas sínithe, arna ullmhú de réir na dtreoirlínte (más an) arna n-eisiúint faoi *alt 46*, ina dtaispeánfar an chaoi a ríomhadh an méid sin,

(b) cóip den *Chuid* seo,

(c) cóip de *Chuid 9*,

(d) cóip de na treoirlínte arna n-eisiúint faoi *alt 46*, agus

(e) cóip den ordú ón gCúirt faoi *alt 96(2)* lena ndéantar an daingniú lena mbaineann.

Coimisiún an Oireachtais d’íoc costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, etc.

49.—(1) Aon chostais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a dheonófar faoin gCaibidil seo (seachas costais den sórt sin a dheonófar faoi *alt 48*), íocfaidh Coimisiún an Oireachtais iad de réir mar a chomhaontófar na costais sin idir Coimisiún an Oireachtais agus an duine dá bhfuil na costais á ndeónú nó, cheal comhaontú den sórt sin, de réir mar a dhéanfaidh breithneoir costas dlí parlaiminteach iad a bhreithniú agus a fhionnadh.

(2) Féadfaidh Coimisiún an Oireachtais a iarraidh i scríbhinn ar an nGníomhaireacht Stáit um Éilimh cabhrú leis teacht ar chomhaontú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.

Imeachtaí chun costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a chúiteamh.

50.—Faoi réir *alt 97*, ní thionscnóidh duine imeachtaí chun aon chostais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* arna ndámhachtain faoin gCaibidil seo a chúiteamh go dtí deireadh cibé tréimhse is déanaí díobh seo a leanas—

(a) 3 mhí tar éis don duine bille costas sínithe dá dtagraítear in *alt 51(2)(a)* a sheachadadh ar an duine a bhfuil siad le muirearú air nó uirthi, nó

(b) más rud é go ndéantar an bille costas a tharchur lena bhreithniú faoi *alt 51(1)* le linn na 3 mhí dá dtagraítear i *mír (a)*, go dtí go ndéanfar iad a dheimhniú go críochnaitheach.

Iarratas ar mheasúnacht ar chostais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*.

51.—(1) Faoi réir *fho-alt (7)*, maidir le páirtí a ndlitear costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* faoin gCaibidil seo a íoc leis nó léi, nó maidir le páirtí ar ar muirearaíodh na costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* arna lua i mbille costas dá dtagraítear sa Chaibidil seo ach a chuireann ina n-aghaidh, feadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chuig Coimisiún an Oireachtais san fhoirm shonraithe, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis *fo-alt (2)(a)* a chomhlíonadh i leith an bhille costas sin, go ndéanfaidh breithneoir costas dlí parlaiminteach na costais sin a bhreithniú.

(2) (a) Ní ceadmhach iarratas faoi *fho-alt (1)* a dhéanamh go dtí go mbeidh bille costas sínithe arna sheachadadh ar an bpáirtí ar a mbeidh na costais le muirearú.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.5 A.51

(b) Féadfar bille costas dá dtagraítear i *mír* (a) a sheachadadh leis an ngnáthphost réamhíoctha, nó trína sheachadadh ar aturnae an duine nó, mura bhfuil aturnae ag feidhmiú ar son an duine, leis an ngnáthphost réamhíoctha chuig teaghais nó áit fostaíochta an duine.

(3) Beidh cóip dhílis dheimhnithe den bhille costas ag gabháil le hiarratas faoi *fho-alt* (1).

(4) In imthosca ina mbeidh fógra cuí arna thabhairt agus ina mainneoidh an t-aturnae nó an duine eile, nó a ionadaí nó a hionadaí, teacht i láthair ag an mbreithniú, féadfaidh breithneoir costas dlí parlaiminteach dul ar aghaidh agus an bille costas a bhreithniú agus a shocrú.

(5) Go dtí go ndéanfar breithniú, cuirfear bac ar aon imeachtaí a thionscnófar chun na costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a ghnóthú go dtí go ndéanfar na costais sin a dheimhniú faoi *alt 52*.

(6) Déanfaidh breithneoir costas dlí parlaiminteach, ar an measúnacht a chríochnú de réir na dtreoirilínte (más ann) arna n-eisiúint faoi *alt 46*, measúnacht costas i scríbhinn a sheachadadh ar na páirtithe.

(7) I gcás go mbeidh feidhm ag *alt 48(3)* nó (6) maidir le duine is ábhar d'iarraidh faoi *alt 48(2)* nó (5), de réir mar a bheidh, gníomhóidh Coimisiún an Oireachtais faoi *fho-alt* (1) amhail is dá mbeadh iarratas dá dtagraítear san *fho-alt* sin arna dhéanamh ag an duine i leith na gcostas dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* lena mbaineann, agus déanfar forálacha eile an ailt seo, fairis na modhnuithe go léir is gá, a fhorléiriú dá réir sin.

52.—(1) Tar éis measúnacht a dhéanamh faoi *alt 51* i gcás nach mbeidh aon cheist dlí arna tarchur chuig an gCúirt faoi *alt 98* nó, má rinneadh tarchur den sórt sin, i gcás go mbeidh an tarchur arna tharraingt siar nó arna thréigean nó arna chinneadh ag an gCúirt, ar iarratas a fháil ón bpáirtí lena mbaineann, eiseoidh Coimisiún an Oireachtais deimhniú costas. Deimhniú costas.

(2) Chun críocha aon imeachtaí, déileálfar leis an deimhniú costas mar fhianaise—

(a) ar na nithe lena mbaineann na costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*,

(b) ar mhéid na gcostas dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a cheadaítear ar an measúnacht, agus

(c) ar an oiread den mhéid sin atá gan íoc amhail ar dháta an deimhnithe.

(3) Más rud é, in imeachtaí chun costais arna ndeimhniú faoin alt seo a ghnóthú, go luafaidh an freagróir, cibé acu i scríbhinn nó ar shlí eile, nach ndlíonn sé nó sí na costais sin (nó cuid de na costais sin) a íoc, ní dhéileálfar leis an deimhniú costas, chun críocha aon imeachtaí, mar fhianaise ach ar cibé méid (más ann) a fhéadfaidh an t-éilitheoir a ghnóthú ón bhfreagróir de thoradh na gcéad imeachtaí a luadh.

(4) Aon tráth tar éis deimhniú costas a eisiúint, féadfaidh an páirtí a bheidh i dteideal bille costas breithnithe an méid deimhnithe

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

iomlán den bhille sin a éileamh ar dhuine nó ar dhaoine a bheidh faoi dhliteanas maidir leis an íocaíocht.

(5) Tar éis éileamh a fháil ó dhuine faoi *fho-alt (4)* ar bhille costas breithnithe a íoc, i gcás nach ndéantar aon íocaíocht leis an duine, féadfaidh sé nó sí an céanna a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(6) I gcás deimhniú costas lena gceanglaítear ar níos mó ná duine amháin a bheith faoi dhliteanas i leith suim shonraithe, maidir le haon duine ónar gnóthaíodh an méid costas nó an tsuim arna dheimhniú nó arna deimhniú faoin alt seo nó óna bhfuil sé nó sí le gnóthú, féadfaidh sé nó sí sciar comhréireach den chéanna a éileamh ar na daoine eile, nó ar aon duine díobh, atá faoi dhliteanas na costais dheimhnithe sin nó an tsuim dheimhnithe sin a íoc, de réir líon na ndaoine a bheidh faoi dhliteanas amhlaidh, agus de réir mhéid dliteanais gach duine.

CAIBIDIL 3

Caiteachais i ndáil le fiosrúchán de chuid Chuid 2

Eiseoidh Coimisiún an Oireachtais treoirlínte i leith caiteachais i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*.

53.—(1) Féadfaidh Coimisiún an Oireachtais, tar éis dó dul i gcomhairle le cibé daoine is cuí leis, treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint mar fhaisnéis d'fhinnéithe agus do dhaoine eile a ndéanann fiosrúcháin de chuid *Chuid 2* difear dóibh i leith na caiteachais i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a tabhaíodh i ndáil le fiosrúcháin de chuid *Chuid 2* a chúiteamh, agus féadfar, sna treoirlínte sin, foráil a dhéanamh maidir le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

- (a) prionsabail ghinearálta a leagan amach lena rialaítear íoc na gcaiteachas sin;
- (b) srian a chur leis na cineálacha nithe a bhféadfar íocaíocht a dhéanamh maidir leo;
- (c) uasmhéideanna a shocrú i ndáil leis an íocaíocht maidir le cineál nó cineálacha nithe;
- (d) an fhianaise dhoiciméadach is gá chun a thaispeáint gur tabhaíodh na caiteachais sin amhlaidh.

(2) Féadfaidh Coimisiún an Oireachtais gach caiteachas réasúnach i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a cheadú i leith aon nithe nach n-áirítear sna treoirlínte arna n-ullmhú agus arna n-eisiúint de bhun an ailt seo.

Coimisiún an Oireachtais d'íoc caiteachais i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*.

54.—(1) Faoi réir na dtreoirlínte (más ann) arna n-eisiúint faoi *alt 53*, féadfaidh finné in imeachtaí fiosrúcháin de chuid *Chuid 2*, nó duine eile a ndéanann siad difear dó nó di, iarratas a dhéanamh san fhoirm shonraithe chuig Coimisiún an Oireachtais chun go n-íocfar leis nó léi na caiteachais i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a bheidh tabhaithe aige nó aici.

(2) Faoi réir na dtreoirlínte (más ann) arna n-eisiúint faoi *alt 53* agus faoi réir *alt 67(3)*, féadfaidh Coimisiún an Oireachtais na caiteachais réasúnacha i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* is ábhar d'iarratas faoi *fho-alt (1)* a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.5 A.54

(3) Féadfar iarratas faoi *fho-alt (1)* a dhiúltú go hiomlán nó go páirteach má tá feidhm ag na himthosca dá dtagraítear in *alt 55(1)* nó (2).

55.—(1) Faoi réir *alt 96(3)* agus (4), i gcás go gcreideann Coimisiún an Oireachtais gur thabhaigh an coiste caiteachais i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* nach mbeadh tabhairthe ag an gcoiste thairis sin de bhrí—

Caiteachais i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a dhámhachtain in aghaidh tríú páirtithe, etc.

- (a) gur mhainnigh duine, gan leithscéal réasúnach, maidir le haon ordachán faoin Acht seo, an t-ordachán a chomhlíonadh,
- (b) gur mhainnigh duine, gan leithscéal réasúnach, ceanglas a chomhlíonadh a raibh an coiste i dteideal é a eisiúint,
- (c) gur ghabh duine d'iompar a bhí míréasúnach fadálach, leadránach nó seachantach nó lenar cuireadh fad nár ghá leis an bhfiosrúchán de chuid *Chuid 2* thairis sin nó lenar tabhaíodh costais dlí nár ghá i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* thairis sin,
- (d) gur ghníomhaigh duine ar mhodh a ndearnadh cinneadh maidir le mí-iompar iomchuí ina leith dá dheasca, nó
- (e) gur chois duine an fiosrúchán ar shlí eile,

féadfaidh Coimisiún an Oireachtais, tar éis an tuarascáil chríochnaitheach a chríochnú, a ordú don duine i scríbhinn (is ordachán a mbeidh na doiciméid iomchuí ag gabháil leis) na caiteachais sin (lena n-áirítear caiteachais den sórt sin a eascraíonn as aon mhoill le críochnú an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2*) a íoc le Coimisiún an Oireachtais.

(2) Faoi réir na dtreoirlínte (más ann) arna n-eisiúint faoi *alt 53, fo-alt (5)* agus *alt 96(3)* agus (4), i gcás go gcreideann Coimisiún an Oireachtais, maidir le duine (dá ngairtear an “duine éagóraithe” san alt seo) a tháinig i láthair os comhair an choiste nó a thug fianaise dó, go bhfuil dochar déanta dó nó di de thoradh gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear in aon cheann de *mhíreanna (a)* go (e) *d’fho-alt (1)*, is gníomh nó neamhghníomh de shórt a d’fhág gur thabhaigh an duine éagóraithe costais i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* nach dtabhófaí thairis sin murach an gníomh nó an neamhghníomh sin, féadfaidh Coimisiún an Oireachtais, tar éis an tuarascáil chríochnaitheach a chríochnú agus ar iarraidh a fháil san fhoirm shonraithe ón duine éagóraithe, a ordú i scríbhinn (is ordachán a mbeidh na doiciméid iomchuí ag gabháil leis) don duine a raibh an toradh sin ar a ghníomh nó a gníomh nó a neamhghníomh na caiteachais sin a íoc leis an duine éagóraithe.

(3) Faoi réir *alt 96(3)* agus (4), aon suim is iníoctha de bhun ordachán faoi *fho-alt (1)* nó (2), féadfar í a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(4) Féadfar a ordú do dhuine caiteachais i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a íoc faoin alt seo, fiú amháin más rud é go bhfuil an gníomh nó an neamhghníomh ar dá thoradh a rinneadh an t-ordachán inphionóis mar dhíspeagadh nó mar chion i gcoinne foráil den Acht seo nó go bhfágann sé ar shlí eile go ndlífeadh imeachtaí sibhialta a shaothrú i gcoinne an duine faoin Acht seo, agus ní cosc é an t-ordachán ar an duine a phionósú mar gheall ar dhíspeagadh

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

ná ar imeachtaí a thabhairt i leith an chiona nó an ghnímh nó an neamhghnímh lena mbaineann.

(5) Faoi réir *alt 96(5)* agus (6), i gcás go ndéanfaidh an duine éagóraithe iarraidh san fhoirm shonraithe faoi *fho-alt (2)* chuig Coimisiún an Oireachtais—

- (a) déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 45 lá tar éis an iarraidh a dhéanamh, fógra i scríbhinn a thabhairt don duine éagóraithe i dtaobh cén gníomh (ar féidir nach aon gníomh é) a bheartaíonn sé a dhéanamh i leith na hiarrata agus i dtaobh na cúise atá aige leis an ngníomh sin, agus
- (b) más rud é, de dheasca na hiarrata sin, go dtabharfaidh Coimisiún an Oireachtais ordachán dá dtagraítear i *bhfó-alt (2)*, déanfaidh sé, an tráth céanna a thabharfaidh sé an t-ordachán, cóip de a thabhairt don duine éagóraithe.

(6) Maidir leis na hordacháin a fhéadfaidh Coimisiún an Oireachtais a thabhairt faoin alt seo i dtaobh caiteachais i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, folaíonn siad ordachán go n-íocfaidh duine aon cheann de na nithe seo a leanas nó aon teaghlaim díobh:

- (a) cion de chaiteachais den sórt sin de chuid duine eile;
- (b) méid luaite i leith caiteachais den sórt sin de chuid duine eile;
- (c) caiteachais den sórt sin ó dháta áirithe, agus ón dáta sin amháin, nó go dtí dáta áirithe, agus go dtí an dáta sin amháin, nó i leith tréimhse shonraithe;
- (d) caiteachais den sórt sin a tabhaíodh tar éis an rún dá dtagraítear in *alt 13(1)* i leith an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2* a bheith rite ach sular thosaigh an fiosrúchán nó, i gcás fiosrúcháin de chuid *Chuid 2* is fiosrúcháin de chuid *alt 16*, tar éis feidhm a bheith ag *alt 16* agus tar éis an tráth a saináithníodh an coiste atá chun an fhiosrúchán de chuid *alt 16* a sheoladh ach sular cuireadh tús leis an bhfiosrúchán de chuid *alt 16*.
- (e) caiteachais den sórt sin a bhaineann le bearta áirithe a rinne an coiste san fhiosrúchán nó i ndáil leis an bhfiosrúchán;
- (f) caiteachais den sórt sin nach mbaineann ach le cuid ar leith den fhiosrúchán de chuid *Chuid 2*;
- (g) ús ar chaiteachais den sórt sin ó dháta áirithe nó go dtí dáta áirithe nó i leith tréimhse shonraithe.

(7) San alt seo, ciallaíonn “doiciméid iomchuí”, maidir le caiteachais i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a shonrófar in ordachán faoi *fho-alt (1)* nó (2)—

- (a) i gcás ordachán faoi *fho-alt (1)*, miondealú ar na nithe ar tabhaíodh caiteachais den sórt sin ina leith agus méid na gcaiteachas sin is inchurtha i leith gach ní den sórt sin,
- (b) i gcás ordachán faoi *fho-alt (2)*, miondealú, arna ullmhú de réir na dtreoirínite (más ann) arna n-eisiúint faoi *alt 53*, ar na nithe ar tabhaíodh caiteachais den sórt sin ina leith agus méid na gcaiteachas sin is inchurtha i leith gach ní den sórt sin.

- (c) cóip den Chuid seo,
- (d) cóip de *Chuid 9*,
- (e) cóip de na treoirlínte (más ann) arna n-eisiúint faoi *alt 53*, agus
- (f) cóip den ordú ón gCúirt faoi *alt 96(3)* lena ndéantar an daingniú lena mbaineann.

CAIBIDIL 4

Costais dlí bille phríobháidigh

56.—(1) Féadfaidh Coimisiún an Oireachtais, tar éis dul i gcomhairle le Máistir Fómhais agus le comhlachtaí atá ionadaitheach do chleachtóirí dlí nó do chuntasóirí costas dlí, agus le cibé daoine eile is cuí leis, treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint mar fhaisnéis do thionscnóirí agus d'achainígh i leith cúiteamh a fháil i gcostais dlí bille phríobháidigh, agus féadfar foráil a dhéanamh leis na treoirlínte sin maidir le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

Eiseoidh Coimisiún an Oireachtais treoirlínte i leith costais dlí bille phríobháidigh.

- (a) prionsabail ghinearálta a leagan amach lena rialófar íoc costas den sórt sin ar shlí a bheidh ar comhréir le seoladh éifeachtach agus éifeachtúil imeachtaí an Oireachtais ar bhíllí príobháideacha;
- (b) na cineálacha seirbhísí, daoine nó nithe eile a shrianadh ar ina leith is féidir íocaíocht a dhéanamh;
- (c) uasmhéideanna a shocrú i ndáil leis an íocaíocht as cineál nó cineálacha seirbhísí nó nithe eile.

(2) Féadfaidh breithneoir costas dlí parlaiminteach, ar aon bhreithniú ar bhille costas sínithe dá dtagraítear in *alt 60(1)(a)*, gach costas dlí bille phríobháidigh atá cóir réasúnach a cheadú i leith aon nithe nach mbeidh ar áireamh sna treoirlínte a ullmhófar agus a eiseofar de bhun an ailt seo.

57.—(1) Faoi réir na dtreoirlínte (más ann) arna n-eisiúint faoi *alt 56, fo-ailt (4)* agus *(6)* agus *alt 96(1)* agus *(2)*, i gcás, in imeachtaí an Oireachtais ar bhille príobháideach—

Costais dlí bille phríobháidigh (tionscnóir) a dhámhachtain ar thionscnóirí.

- (a) go dtabharfaidh coiste breith go bhfuil an réamhrá a ghabhann leis an mbille príobháideach cruthaithe, agus
- (b) go mbeidh fógra i scríbhinn arna thabhairt don tionscnóir ag an gcoiste—
 - (i) ina luaitear go gcreideann an coiste gur cuireadh costais dlí bille phríobháidigh (tionscnóir) ar an tionscnóir go cráiteach de dheasca achainíoch do chur i gcoinne an bhille phríobháidigh, agus
 - (ii) ina leagtar amach na forais ar a gcreidtear é sin,

déanfaidh Coimisiún an Oireachtais, ar iarraidh san fhoirm shonraithe a fháil ón tionscnóir, cóip den fhógra sin a thabhairt don achainíoch mar aon le fógra i scríbhinn (dá ngairtear an “fógra iomchuí” san alt seo) ó Choimisiún an Oireachtais ina luafar go

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

bhfuil beartaithe ag Coimisiún an Oireachtais, más rud é go ndaingneoidh an Chúirt ceann amháin nó níos mó de na forais sin faoi *alt 96(2)*, a chumhacht faoi *fho-alt (2)* a fheidhmiú maidir le cúiteamh na gcostas sin thar ceann an tionscnóra, is costais a tabhaíodh amhlaidh agus a bhaineann leis na forais sin a daingníodh amhlaidh.

(2) I gcás go mbeidh aon cheann de na forais dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* daingnithe ag an gCúirt, faoi *alt 96(2)*, féadfaidh Coimisiún an Oireachtais iarraidh a dhéanamh i scríbhinn (ar iarraidh í a mbeidh na doiciméid iomchuí ag gabháil léi) chuig an achainíoch lena mbaineann na forais sin chun an méid a shonraítear san iarraidh a íoc leis an tionscnóir, tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis an iarraidh a dhéanamh, arb iad na costais dlí bille phríobháidigh (tionscnóir) iad a chreideann Coimisiún an Oireachtais a thabhaigh an tionscnóir i dtaobh na bhforas sin a daingníodh amhlaidh.

(3) I gcás, maidir leis an achainíoch is ábhar d'iarraidh faoi *fho-alt (2)*—

- (a) go mainníonn sé nó sí an iarraidh a chomhlíonadh laistigh den 60 lá dá dtagraítear san *fho-alt* sin, nó
- (b) go dtugann sé nó sí fógra i scríbhinn do Choimisiún an Oireachtais go bhfuil sé nó sí ag cur i gcoinne an mhéid a shonraítear san iarraidh,

cibé acu is túisce a tharlóidh, cuirfidh Coimisiún an Oireachtais faoi deara go ndéanfaidh breithneoir costas dlí parlaiminteach na costais dlí bille phríobháidigh (tionscnóir) lena mbaineann a bhreithniú agus a fhionnadh (agus, in aon chás den sórt sin, ní bheidh an breithneoir costas dlí parlaiminteach faoi cheangal déileáil leis an méid a shonraítear san iarraidh mar uasmhéid chun críocha an bhreithnithe agus an fhionnta sin).

(4) Aon achainíoch ar leis nó léi leas i maoin agus, ar a phriacal nó ar a priacal féin agus ar a chostas nó a costas féin, a chuir i gcoinne bille príobháideach lena beartaíodh an leas go léir nó aon chuid den leas sin a fháil, ní dhlífidh sé nó sí aon chostais dlí bille phríobháidigh (tionscnóir) a íoc faoin alt seo i leith an chuir i gcoinne sin.

(5) Féadfar a iarraidh ar achainíoch costais dlí bille phríobháidigh (tionscnóir) a íoc faoin alt seo, fiú amháin más rud é go bhfuil an t-iompar cráiteach ar dá thoradh a rinneadh an iarraidh inphionós mar dhíspeagadh nó mar chion i gcoinne foráil den Acht seo nó go bhfágann sé ar shlí eile go ndlífear imeachtaí sibhialta a shaothrú i gcoinne an achainígh faoin Acht seo, agus ní cosc í an iarraidh ar an achainíoch a phionósú mar gheall ar dhíspeagadh ná imeachtaí a thabhairt i leith an chiona nó an iompair chráitigh lena mbaineann.

(6) I gcás go ndéanfaidh an tionscnóir iarraidh san fhoirm shonraithe faoi *fho-alt (1)* chuig Coimisiún an Oireachtais—

- (a) déanfaidh an Coimisiún, an tráth céanna a thabharfaidh sé an fógra iomchuí don achainíoch, cóip de a thabhairt don tionscnóir, agus
- (b) in aon chás go mbeidh de thoradh ar an iarraidh go ndéanfaidh Coimisiún an Oireachtais iarraidh faoi *fho-alt (2)*, déanfaidh sé, an tráth céanna a thabharfaidh sé an dara hiarraidh a luaitear don achainíoch, cóip di a thabhairt don tionscnóir.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.5 A.57

(7) Maidir leis na hiarrataí a fhéadfaidh Coimisiún an Oireachtais a dhéanamh faoin alt seo i dtaobh costais dlí bille phríobháidigh (tionscnóir), folaíonn siad iarraidh go n-íocfaidh achainíoch aon cheann de na nithe seo a leanas nó aon teaghlaim díobh:

- (a) cion de chostais den sórt sin de chuid an tionscnóra;
- (b) méid luaite i leith costais den sórt sin de chuid an tionscnóra;
- (c) costais den sórt sin ó dháta áirithe, agus ón dáta sin amháin, nó go dtí dáta áirithe, agus go dtí an dáta sin amháin, nó i leith tréimhse shonraithe;
- (d) costais den sórt sin a bhaineann le bearta áirithe arna ndéanamh i ndáil leis an mbille príobháideach;
- (e) ús ar chostais den sórt sin ó dháta áirithe nó go dtí dáta áirithe nó i leith tréimhse shonraithe.

(8) San alt seo, ciallaíonn “doiciméid iomchuí”, i ndáil le méid a shonraítear in iarraidh faoi *fho-alt (2)*—

- (a) bille costas sínithe, arna ullmhú de réir na dtreoirínite (más ann) arna n-eisiúint faoi *alt 56*, ina dtaispeánfar an chaoi a ríomhadh an méid sin,
- (b) cóip den Chuid seo,
- (c) cóip de *Chuid 9*,
- (d) cóip de na treoirínite (más ann) arna n-eisiúint faoi *alt 56*, agus
- (e) cóip den ordú ón gCúirt faoi *alt 96(2)* lena ndéantar an daingniú lena mbaineann.

58.—(1) Faoi réir na dtreoirínite (más ann) arna n-eisiúint faoi *alt 56*, *fo-alt (5)*, agus *alt 96(1)* agus (2), i gcás, in imeachtaí an Oireachtais ar bhille príobháideach—

Costais dlí bille
phríobháidigh
(achainíoch) a
dhámhachtain ar
achainígh.

- (a) go dtabharfaidh coiste breith—
 - (i) nár cruthaíodh an réamhrá a ghabhann leis an mbille príobháideach, nó
 - (ii) an bille príobháideach a leasú chun achainíoch a chosaint,agus
- (b) go mbeidh fógra i scríbhinn arna thabhairt ag an gcoiste d’achainíoch (dá ngairtear “an t-achainíoch iomchuí” san alt seo)
 - (i) ina luaitear go greideann an coiste gur cuireadh costais go míréasúnach ar an achainíoch iomchuí le linn dó nó di a chearta nó a cearta a chosaint a mbeartaítear leis an mbille príobháideach cur isteach orthu, agus

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna
Imeachta), 2013.

(ii) ina leagtar amach na forais ar a gcreidtear é sin,

déanfaidh Coimisiún an Oireachtais, ar iarraidh san fhoirm shonraithe a fháil ón achainíoch iomchuí, cóip den fhógra sin a thabhairt don tionscnóir mar aon le fógra i scríbhinn (dá ngairtear an “fógra iomchuí” san alt seo) ó Choimisiún an Oireachtais ina luafar go bhfuil beartaithe ag Coimisiún an Oireachtais, más rud é go ndaingneoidh an Chúirt ceann amháin nó níos mó de na forais sin faoi *alt 96(2)*, a chumhacht faoi *fho-alt (2)* a fheidhmiú maidir le cúiteamh na gcostas sin thar ceann an achainíoch iomchuí, is costais a tabhaíodh amhlaidh agus a bhaineann leis na forais sin a daingníodh amhlaidh.

(2) I gcás go mbeidh aon cheann de na forais dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* daingnithe ag an gCúirt, faoi *alt 96(2)*, féadfaidh Coimisiún an Oireachtais iarraidh a dhéanamh i scríbhinn (ar iarraidh í a mbeidh na doiciméid iomchuí ag gabháil léi) chuig an tionscnóir lena mbaineann na forais sin chun an méid a shonraítear san iarraidh a íoc leis an achainíoch iomchuí, tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis an iarraidh a dhéanamh, arb iad na costais bille phríobháidigh (tionscnóir) iad a chreideann Coimisiún an Oireachtais a thabhaigh an tionscnóir iomchuí i dtaobh na bhforas sin a daingníodh amhlaidh.

(3) I gcás, maidir leis an tionscnóir is ábhar d’iarraidh faoi *fho-alt (2)*—

- (a) go mainníonn sé nó sí an iarraidh a chomhlíonadh laistigh den 60 lá dá dtagraítear san *fho-alt* sin, nó
- (b) go dtugann sé nó sí fógra i scríbhinn do Choimisiún an Oireachtais go bhfuil sé nó sí ag cur i gcoinne an mhéid a shonraítear san iarraidh,

cibé acu is túisce a tharlóidh, cuirfidh Coimisiún an Oireachtais faoi deara go ndéanfaidh breithneoir costas dlí parlaiminteach na costais dlí bille phríobháidigh (tionscnóir) lena mbaineann a bhreithniú agus a fhionnadh (agus, in aon chás den sórt sin, ní bheidh an breithneoir costas dlí parlaiminteach faoi cheangal déileáil leis an méid a shonraítear san iarraidh mar uasmhéid chun críocha an bhreithnithe agus an fhionnta sin).

(4) Féadfar a iarraidh ar thionscnóir costais dlí bille phríobháidigh (achainíoch) a íoc faoin alt seo, fiú amháin más rud é go bhfuil an t-iompar míréasúnach ar dá thoradh a rinneadh an iarraidh inphionóis mar dhíspeagadh nó mar chion i goinne foráil den Acht seo nó go bhfágann sé ar shlí eile go ndlítear imeachtaí sibhialta a shaothrú i gcoinne an tionscnóra faoin Acht seo, agus ní cosc í an iarraidh ar an tionscnóir a phionósú mar gheall ar dhíspeagadh ná imeachtaí a thionscnamh i leith an chiona nó an iompair mhíréasúnaigh lena mbaineann.

(5) I gcás go ndéanfaidh an t-achainíoch iomchuí iarraidh san fhoirm shonraithe faoi *fho-alt (1)* chuig Coimisiún an Oireachtais—

- (a) déanfaidh an Coimisiún, an tráth céanna a thabharfaidh sé an fógra iomchuí don tionscnóir, cóip de a thabhairt don achainíoch iomchuí, agus
- (b) in aon chás go mbeidh de thoradh ar an iarraidh go ndéanfaidh Coimisiún an Oireachtais iarraidh faoi *fho-alt (2)*, déanfaidh sé, an tráth céanna a thabharfaidh sé an

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.5 A.58

dara iarraidh a luaitear don tionscnóir, cóip di a thabhairt don achainíoch iomchuí.

(6) Maidir leis na hiarrataí a fhéadfaidh Coimisiún an Oireachtais a dhéanamh faoin alt seo i dtaobh costais dlí bille phríobháidigh (achainíoch), folaíonn siad iarraidh go n-íocfaidh tionscnóir aon cheann de na nithe seo a leanas nó aon teaghlaim díobh:

- (a) cion de chostais den sórt sin de chuid an achainígh iomchuí;
- (b) méid luaite i leith costais den sórt sin de chuid an achainígh iomchuí;
- (c) costais den sórt sin ó dháta áirithe, agus ón dáta sin amháin, nó go dtí dáta áirithe, agus go dtí an dáta sin amháin, nó i leith tréimhse shonraithe;
- (d) costais den sórt sin a bhaineann le bearta áirithe arna ndéanamh i ndáil leis an mbille príobháideach;
- (e) ús ar chostais den sórt sin ó dháta áirithe nó go dtí dáta áirithe nó i leith tréimhse shonraithe.

(7) San alt seo, ciallaíonn “doiciméid iomchuí”, i ndáil le méid a shonraítear in iarraidh faoi *fho-alt (2)*—

- (a) bille costas sínithe, arna ullmhú de réir na dtreoirínite (más ann) arna n-eisiúint faoi *alt 56*,
- (b) cóip den Chuid seo,
- (c) cóip de *Chuid 9*,
- (d) cóip de na treoirínite (más ann) arna n-eisiúint faoi *alt 56*, agus
- (e) cóip den ordú ón gCúirt faoi *alt 96(2)* lena ndéantar an daingniú lena mbaineann.

59.—Faoi réir *alt 97*, ní dhéanfaidh duine imeachtaí a thionscnamh chun aon chostais dlí bille phríobháidigh arna ndámhachtain faoin gCaibidil seo a chúiteamh go dtí deireadh cibé tréimhse is déanaí díobh seo a leanas—

Imeachtaí chun costais dlí bille phríobháidigh a chúiteamh.

- (a) 3 mhí tar éis don duine bille costas sínithe dá dtagraítear in *alt 60(1)(a)* a sheachadadh ar an duine a bhfuil siad le muirearú air nó uirthi, nó
- (b) más rud é go ndéantar an bille costas a tharchur lena bhreithniú faoi *alt 57(3)* nó *58(3)* le linn na 3 mhí dá dtagraítear i *mír (a)*, go dtí go ndéanfar iad a dheimhniú go críochnaitheach.

60.—(1) (a) Ní ceadmhach breithniú dá dtagraítear in *alt 57(3)* ná *58(3)* a dhéanamh ach amháin nuair a bheidh bille costas sínithe arna sheachadadh ar an bpáirtí ar a bhfuil na costais le muirearú agus nuair a bheidh cóip dhílis dheimhnithe den bhille costas sin arna thabhairt do Choimisiún an Oireachtais.

Forálacha d'fhorlíonadh *ailt 57* agus *58*.

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

(b) Féadfar bille costas dá dtagraítear i *mír (a)* a sheachadadh leis an ngnáthphost réamhíoctha nó trína sheachadadh ar aturnae an duine nó, mura bhfuil aturnae ag feidhmú ar son an duine, leis an ngnáthphost réamhíoctha chuig teaghais nó chuig áit fostaíochta an duine.

(2) In imthosca ina mbeidh fógra cuí arna thabhairt agus ina mainneoidh an t-aturnae nó an duine eile, nó a ionadaí nó a hionadaí, teacht i láthair ag an mbreithniú, féadfaidh breithneoir costas dlí parlaiminteach dul ar aghaidh agus an bille costas a bhreithniú agus a shocrú.

(3) Go dtí go ndéanfar breithniú, cuirfear bac ar aon imeachtaí a tionscnófar chun costais dlí bille phríobháidigh a ghnóthú go dtí go ndéanfar na costais sin a dheimhniú faoi *alt 61*.

(4) Déanfaidh breithneoir costas dlí parlaiminteach, ar an measúnacht de réir na dtreoirlínte (más ann) arna n-eisiúint faoi *alt 56* a bheith arna críochnú, measúnacht costas i scríbhinn a sheachadadh ar na páirtithe.

Deimhniú costas.

61.—(1) Tar éis measúnacht a dhéanamh faoi *alt 60* i gcás nach mbeidh aon cheist dlí arna tarchur chuig an gCúirt faoi *alt 98* nó, má rinneadh tarchur den sórt sin, i gcás go mbeidh an tarchur arna tharraingt siar nó arna thréigean nó arna chinneadh ag an gCúirt, ar iarratas a fháil ón bpáirtí lena mbaineann, eiseoidh Coimisiún an Oireachtais deimhniú costas.

(2) Chun críocha aon imeachtaí, déileálfar leis an deimhniú costas mar fhianaise—

(a) ar na nithe lena mbaineann na costais dlí bille phríobháidigh,

(b) ar mhéid na gcostas dli bille phríobháidigh a cheadaítear ar an measúnacht, agus

(c) ar an oiread den mhéid sin atá gan íoc amhail ar dháta an deimhnithe.

(3) Más rud é, in imeachtaí chun costais arna ndeimhniú faoin seo a ghnóthú, go luafaidh an freagróir, cibé acu i scríbhinn nó ar shlí eile, nach ndlíonn sé nó sí na costais sin (nó cuid de na costais sin) a íoc, ní dhéileálfar leis an deimhniú costas, chun críocha aon imeachtaí, mar fhianaise ach ar cibé méid (más ann) a fhéadfaidh an t-éilitheoir a ghnóthú ón bhfreagróir de thoradh na gcéad imeachtaí a luadh.

(4) Aon tráth tar éis deimhniú costas a eisiúint, féadfaidh an páirtí a bheidh i dteideal bille costas breithnithe an méid deimhnithe iomlán den bhille sin a éileamh, ar dhuine nó ar dhaoine a bheidh faoi dhliteanas maidir leis an íocaíocht.

(5) Tar éis éileamh ó dhuine faoi *fho-alt (4)* ar bhille costas breithnithe a íoc, i gcás nach ndéantar aon íocaíocht leis an duine, féadfaidh sé nó sí an céanna a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(6) I gcás deimhniú costas lena gceanglaítear ar níos mó ná duine amháin a bheith faoi dhliteanas i leith suim shonraithe, maidir le haon duine ónar gnóthaíodh an méid costas nó an tsuim arna

dheimhniú nó arna deimhniú faoin alt seo nó óna bhfuil sé nó sí le gnóthú, féadfaidh sé nó sí sciar comhréireach den chéanna a éileamh ar na daoine eile, nó ar aon duine díobh, atá faoi dhliteanas na costais dheimhniithe sin nó an tsuim dheimhniithe sin a íoc, de réir líon na ndaoine a bheidh faoi dhliteanas amhlaidh, agus de réir mhéid dliteanais gach duine.

CAIBIDIL 5

Ilghnéitheach

62.—Beidh feidhm ag forálacha na Coda seo agus Chuid 9, fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le fionnadh, nó breithniú, nó iad araon, aon chostas parlaiminteach (lena n-áirítear costais a eascraíonn faoi imeachtaí dá dtagraítear in *alt 117(1)*) nach ndéantar iad a fhionnadh nó a bhreithniú, nó a fhionnadh agus a bhreithniú, ar shlí eile, de bhun na bhforálacha sin.

Feidhmiú breise
Chuid 5.

63.—(1) Féadfaidh Coimisiún an Oireachtais foirm doiciméad a shonrú de réir mar is cuí leis, is doiciméid a cheanglófar chun críocha na Coda seo.

Cumhacht
Choimisiún an
Oireachtais chun
foirm doiciméad a
shonrú.

(2) Féadfar cumhacht Choimisiún an Oireachtais faoi *fho-alt (1)* a fheidhmiú ar shlí—

(a) go mbeidh dearbhú reachtúil ar áireamh san fhoirm shonraithe d'aon doiciméad dá dtagraítear san *fho-alt* sin, is dearbhú reachtúil—

(i) a bheidh le tabhairt ag an duine a chomhlánóidh an fhoirm, agus

(ii) i dtaobh an bhfuil na sonraí atá san fhoirm fíor agus ceart de réir mar is fearr is eol don duine sin agus mar a chreideann sé nó sí,

agus

(b) go sonrúfar 2 fhoirm nó níos mó d'aon doiciméad dá dtagraítear san *fho-alt* sin, cibé acu mar roghanna nó chun foráil a dhéanamh maidir le himthosca áirithe nó cásanna áirithe, de réir mar is cuí leis.

(3) Maidir le foirm doiciméad arna sonrú faoin alt seo—

(a) comhlánófar í de réir cibé ordacháin agus teoracha a shonrófar sa doiciméad,

(b) beidh ag gabháil léi cibé doiciméid eile a bheidh sonraithe sa doiciméad (a bhféadfaidh sé, i gcásanna cuí, gurb é a bheidh iontu bille costas sínithe nó cóip dheimhniithe de bhille costas sínithe, nó iad araon, nó fianaise dhoiciméadach dá dtagraítear i dtreoirlínte arna n-eisiúint faoi *alt 53*), agus

(c) má cheanglaítear an doiciméad comhlánaithe a sholáthar—

(i) do Choimisiún an Oireachtais,

(ii) do dhuine eile thar ceann Choimisiún an Oireachtais, nó

Cd.5 A.63

[*Uimh. 33.*] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

(iii) d'aon duine eile,

soláthrófar amhlaidh é ar an modh (más ann) a bheidh sonraithe sa doiciméad.

Cionta — *Cuid 5.*

64.—(1) Aon duine—

- (a) ar é nó í a cheistiú faoi mhionn faoi *alt 45*, nó in aon mhionnscribhinn dá dtagraítear san alt sin, a thugann fianaise agus a fhios aige nó aici an fhianaise a bheidh bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha nó a bheidh meargánta i dtaobh é nó í a bheidh bréagach nó míthreorach amhlaidh, nó
- (b) a thugann go feasach doiciméad dá dtagraítear san alt sin atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha nó a bheidh meargánta i dtaobh é a bheidh bréagach nó míthreorach amhlaidh,

tá sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Aon duine atá ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)*—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, dlitear fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, dlitear fíneáil nach mó ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

CUID 6

INORDAITHEACHT, PRIBHLÉIDÍ AGUS DÍOLÚINTÍ I NDÁIL LE
FIOSRÚCHÁIN DE CHUID *Chuid 2*

Míniú ar
“ordachán”.

65.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “ordachán” ordachán faoi *alt 67(1)*.

Feidhm *Chuid 6.*

66.—Níl feidhm ag an gcuid seo ach amháin maidir le coiste a bheidh ag seoladh fiosrúchán de chuid *Chuid 2* agus dár thug an Teach cumhacht chun fios a chur ar dhaoine, páipéir agus taifid agus ní bheidh feidhm aici amhlaidh ach amháin faoi réir mhéid na cumhachta a tugadh amhlaidh agus aon choinníollacha a bheidh forchurtha ag an Teach maidir lena feidhmiú.

Cumhachtaí coiste
chun fianaise a
fháil.

67.—(1) Faoi réir fhorálacha an Achta seo, féadfaidh coiste—

- (a) a ordú i scríbhinn d'aon duine a bhfuil a fhianaise nó a fianaise ag teastáil ón gcoiste teacht i láthair os comhair an choiste ar dháta agus ag tráth agus in áit a bheidh sonraithe san ordachán agus fianaise, agus aon doiciméad a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú, agus a bheidh sonraithe san ordachán, a thabhairt ansin,
- (b) a ordú i scríbhinn d'aon duine aon doiciméad a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú agus a bheidh sonraithe san ordachán a thabhairt don choiste,

- (c) a ordú i scríbhinn d'aon duine aon doiciméid i ndáil le haon ní is iomchuí maidir le himeachtaí an choiste, agus atá nó a bhí i seilbh nó faoi rialú an duine sin, a fhollasú faoi mhionn agus aon doiciméid a luaitear sa mhionnscríbhinn doiciméad lena mbaineann, agus a ndéanann sé nó sí agóid in aghaidh iad a thabhairt ar aird don choiste, a shonrú sa mhionnscríbhinn sin agus na forais le haghaidh na haghóide a shonrú, agus beidh feidhm ag na rialacha cúirte a bhaineann le doiciméid a fhollasú in imeachtaí sa Chúirt i ndáil le doiciméid a fhollasú de bhun na míre seo fara aon mhodhnuithe is gá,
- (d) a ordú i scríbhinn do dhuine ráiteas i scríbhinn a dhéanamh i dtaobh na nithe a gceanglaítear ar an duine sin fianaise a thabhairt ina leith, agus
- (e) aon ordacháin eile a thabhairt chun críche na n-imeachtaí lena mbaineann is dóigh leis an gcoiste a bheith cóir réasúnach.

(2) Faoi réir fhorálacha an Achta seo, féadfaidh coiste, le toiliú i scríbhinn ó Choimisiún an Oireachtais, seirbhísí duine ag a bhfuil eolas nó saineolas teicniúil a fhrúiliú, is eolas nó saineolas teicniúil is iomchuí maidir le feidhm a gceanglaítear ar an gcoiste a chomhlíonadh, chun cuidiú leis i gcomhlíonadh na feidhme sin.

(3) Déanfar caiteachais réasúnacha duine (gan costais dlí a áireamh) a thiofadh i láthair, de bhun ordacháin, os comhair coiste a fóc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

- (4) (a) Beidh ordachán i scríbhinn arna shíniú ag—
 - (i) cathaoirleach an choiste lena mbaineann,
 - (ii) comhalta eile den choiste a bheidh údaraithe go cuí chuige sin ag an gcathaoirleach, nó
 - (iii) cléireach an choiste.
- (b) Déanfaidh cathaoirleach an choiste lena mbaineann aon ordachán eile a thabhairt.
- (5) Faoi réir *ailt 69* agus *74*, ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)*—
 - (a) maidir leis an Uachtarán ná maidir le hoifigeach don Uachtarán,
 - (b) maidir le breitheamh den Chúirt Uachtarach, den Ard-Chúirt, den Chúirt Chuarda, den Chúirt Dúiche ná de Chúirt Choiriúil Speisialta, ná
 - (c) maidir le Máistir na hArd-Chúirte.
- (6) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis an Ard-Aighne ná le hoifigeach don Ard-Aighne seachas—
 - (a) i gcás gurb é an Coiste um Chuntais Phoiblí an coiste lena mbaineann, agus
 - (b) a mhéid a bhaineann an fo-alt sin le fianaise, nó le doiciméad atá ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú, maidir le riarachán ginearálta Oifig an Ard-Aighne.

[*Uimh. 33.*] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

(7) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ná maidir le hoifigeach don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ach amháin—

- (a) i gcás gurb é an Coiste um Chuntais Phoiblí an coiste lena mbaineann, agus
- (b) a mhéid a bhaineann an fo-alt le fianaise, nó le doiciméad atá ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú—
 - (i) i dtaca le riarachán ginearálta Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nó
 - (ii) i dtaca le staidreamh is iomchuí maidir le ní dá dtagraítear i dtuarascáil ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a bheidh foilsithe aige nó aici i ndáil le gníomhaíochtaí Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i gcoitinne.

(8) San alt seo—

- (a) aon tagairt don Uachtarán, don Ard-Aighne, don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó do bhreitheamh den Chúirt Uachtarach, den Ard-Chúirt, den Chúirt Chuarda, den Chúirt Dúiche nó den Chúirt Choiriúil Speisialta nó do Mháistir na hArd-Chúirte, is tagairt í do dhuine a bhfuil nó a raibh an oifig sin ina sheilbh nó ina seilbh ina cháil nó ina cáil mar shealbhóir den sórt sin, agus
- (b) aon tagairt d'oifigeach, i ndáil leis an Uachtarán, leis an Ard-Aighne nó leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, is tagairt í do dhuine atá nó a bhí ina oifigeach nó ina hoifigeach don Uachtarán, don Ard-Aighne nó don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ina cháil nó ina cáil mar oifigeach den sórt sin, agus folaíonn sí tagairt do dhuine a sholáthraíonn nó a sholáthair seirbhísí dlí gairmiúla don Uachtarán, don Ard-Aighne nó don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi chonradh le haghaidh seirbhísí ina cháil nó ina cáil mar sholáthraí den sórt sin.

68.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)* agus *alt 67(5)*, *(6)* agus *(7)*, féadfar ordachán a thabhairt do na daoine seo a leanas agus, maidir le haon imeachtaí chun an t-ordachán a fhorfheidhmiú, féadfar iad a sheirbheáil nó a dhéanamh ar shlí eile orthu—

- (a) aon duine sa Stát,
- (b) aon saoránach Éireannach lasmuigh den Stát, nó
- (c) aon duine i soitheach nó in aerárthach atá cláraithe in Éirinn nó i misean taidhleoireachta Éireannach lasmuigh den Stát.

(2) Ní bheidh feidhm ag *míreanna (a)* agus *(c) d'fho-alt (1)* maidir le duine atá, an tráth lena mbaineann, i dteideal díolúine taidhleoireachta sa Stát.

69.—Beidh feidhm ag *alt 67*, a mhéid a bhaineann sé le fiosrúchán de chuid *alt 9* arna bhunú chun críocha ní a eascraíonn faoi Airteagal 35.4 den Bhunreacht nó de bhun *alt 39* den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924 nó *alt 20* den Acht Cúirteanna Breithiúnais (An Chúirt Dúiche), 1946, nó i dtaca leis an gcéanna, d'ainneoin *fho-alt (5) d'alt 67*, maidir le duine a thagann faoi réim *mhír (b)* nó *(c)* den *fho-alt* sin agus is duine lena mbaineann an ní.

Feidhm *alt 67*
maidir le comhaltaí
den bhreithiúnacht,
etc.

70.—(1) Ní ordóidh coiste do dhuine fianaise ná doiciméad a thabhairt dó, ná teacht i láthair os a chomhair chun fianaise nó doiciméad a thabhairt dó, is fianaise nó doiciméad nach bhfuil iomchuí maidir le himeachtaí an choiste.

Fianaise iomchuí.

(2) I gcás go dtugtar ordachán lena mbaineann *mír (a)* nó *(b) d'alt 67(1)* do dhuine agus gurb é tuairim an duine maidir le fianaise nó doiciméad lena mbaineann an t-ordachán nach bhfuil sí nó sé iomchuí maidir le himeachtaí an choiste lena mbaineann agus go gcuireann an duine an méid sin in iúl don choiste, déanfaidh an coiste, tar éis dó an tuairim a bhreithniú, an t-ordachán a tharraingt siar nó a dhaingniú.

(3) Faoi réir *alt 94*, (i gcás go bhfuil feidhm ag *mír (c) d'fho-alt (6)* den *alt* sin), i gcás go dtugann an coiste breith faoi *fho-alt (2)*, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn i dtaobh na breithe don duine dár tugadh an t-ordachán lena mbaineann.

71.—(1) Faoi réir fhorálacha an Achta seo (lena n-áirítear *alt 94* i gcás go bhfuil feidhm ag *mír (d) d'fho-alt (6)* den *alt* sin), ní ordóidh coiste do dhuine fianaise ná doiciméad a thabhairt dó ná teacht i láthair os a chomhair chun faisnéis nó doiciméad a thabhairt dó—

Faisnéis áirithe, etc.
a bheith
díolmhaithe ó *alt*
67.

- (a) a bhaineann le pléití ag cruinniú den Rialtas nó de choiste arna cheapadh ag an Rialtas ar comhaltaí den Rialtas a chomhaltaí,
- (b) a bhaineann le pléití ag cruinniú de choiste arna cheapadh ag an Rialtas arb éard iad comhaltaí an choiste comhalta nó comhaltaí den Rialtas mar aon le hAire Stáit nó le hAírí Stáit nó leis an Ard-Aighne, más rud é—
 - (i) gur údaraigh an Rialtas an cruinniú a thionól,
 - (ii) gur cheangail an Rialtas imeachtaí an chruinnithe a thuirisciú dó, agus
 - (iii) go ndearbhaíonn Rúnaí an Rialtas amhlaidh i ndoiciméad arna shíniú aige nó aici agus arna thabhairt don choiste Oireachtais lena mbaineann,
- (c) dá bhféadfaí a bheith ag súil, le réasún, dá ndéanfaí an fhianaise nó an doiciméad a thabhairt dó, go ndéanfaí dochar d'imeachtaí coiriúla atá ar feitheamh nó ar siúl sa Stát nó d'aon imscrúdú coiriúil atá á sheoladh sa Stát an tráth sin,
- (d) dá bhféadfaí a bheith ag súil, le réasún, dá ndéanfaí an fhianaise nó an doiciméad a thabhairt dó, go rachadh sé chun dochair do shlándáil an Stáit nó go mbeadh sé dochrach don Stát ina chaidreamh le stáit eile,

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna
Imeachta), 2013.

(e) dá bhféadfaí a bheith ag súil, le réasún, dá dtabharfaí an fhianaise nó an doiciméad dó, go ndéanfaidh sí nó sé dochar—

(i) do chosc, do bhrath nó d'imscrúdú cionta,

(ii) do ghabháil nó d'ionchúiseamh ciontóirí, nó

(iii) d'éifeachtacht modhanna, córas, pleananna nó nósanna imeachta dleathacha a úsáidtear chun cionta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, nó chun ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh,

nó

(f) a bhaineann le faisnéis a choimeádtar chun measúnacht a dhéanamh ar dhliteanas duine i leith cáin nó dleacht nó íocaíocht eile atá dlite don Stát, d'údarás áitiúil, de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001, nó d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó is infíoctha leis an gcéanna, nó chun méid atá dlite i leith cáin nó dleacht nó íocaíocht eile den sórt sin a bhailiú, mura rud é—

(i) go bhfuil an fhaisnéis iomchuí maidir le téarmaí tagartha an fhiosrúcháin de chuid *Chuid 2*,

(ii) go bhfuil gá leis an bhfaisnéis chun an fiosrúchán de chuid *Chuid 2* a sheoladh,

(iii) nach bhféadfaí a bheith as súil, le réasún, dá dtabharfaí an fhaisnéis don choiste, go ndéanfaidh an fhaisnéis dochar do na córais bailithe, iniúchta agus forfheidhmithe cánach agus dleachta, agus

(iv) gur ar mhaithe le leas an phobail an fhaisnéis a thabhairt don choiste.

(2) Maidir le haon chruinniú de dhaoine ar comhaltas nó cuid de chomhaltas coiste dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b) d'fho-alt (1)* iad dá éis sin, ní mheasfar, chun críocha an ailt seo, gur cruinniú den choiste sin é.

Dearbhuithe i ndáil le hordacháin.

72.—(1) I gcás go dtugann coiste ordachán do dhuine i ndáil le fianaise nó doiciméad agus go bhfuil an duine den tuairim, dá ndéanfaí an fhianaise nó an doiciméad a thabhairt don choiste, go bhféadfaí, le réasún, a bheith ag súil leis go mbeadh an éifeacht léi nó leis a shonraítear i *mír (d)* nó *(e) d'alt 71(1)*, féadfaidh an duine an tuairim sin a chur in iúl do chathaoirleach an choiste agus, má dhéanann an duine amhlaidh agus mura dtarraingíonn an coiste siar an t-ordachán, iarrfaidh an Coiste ar an duine dearbhú faoi *fho-alt (3)* a thabhairt don choiste i ndáil leis an ní.

(2) I gcás go ndéanann an coiste iarraidh faoi *fho-alt (1)* chuig duine, déanfaidh an coiste, ar iarratas ón duine, cibé tréimhse a cheadú, nach giorra ná 14 lá, a mheasfaidh sé a bheith réasúnach chun freagra a thabhairt ar an iarraidh agus, más cuí, chun dearbhú faoi *fho-alt (3)* a thabhairt agus, chun na críche sin, déanfaidh an coiste, más gá, na himeachtaí lena mbaineann i ndáil leis an ní áirithe a chur ar atráth go ceann cibé tréimhse is cuí leis sna himthosca.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.6 A.72

(3) I gcás go ndéantar iarraidh faoi *fho-alt (1)* chuig duine—

(a) féadfaidh Aire den Rialtas, ar iarratas chuige sin ag an duine chuig an Aire, má mheasann an tAire go mbeadh nó go bhfuil baint ag an bhfianaise nó ag an doiciméad lena mbaineann le ní lena bhfuil feidhm ag *mír (d) d'alt 71(1)*, dearbhú i scríbhinn sa chiall sin arna dhéanamh aige nó aici a thabhairt don duine, agus

(b) féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó Coimisinéir an Gharda Síochána, ar iarratas chuige sin ag an duine chuig an Stiúrthóir nó chuig an gCoimisinéir, má mheasann an Stiúrthóir nó an Coimisinéir go mbeadh nó go bhfuil baint ag an bhfianaise nó ag an doiciméad lena mbaineann le faisnéis atá sonraithe i *mír (e) d'alt 71(1)*, dearbhú i scríbhinn sa chiall sin arna dhéanamh aige nó aici a thabhairt don duine.

(4) I gcás go dtugtar dearbhú faoi *fho-alt (3)* don choiste lena mbaineann, tarraingeoidh sé siar an t-ordachán lena mbaineann.

73.—(1) (a) I gcás go dtugann coiste (dá ngairtear an “coiste iomchuí” san alt seo) ordachán faoi *mhír (a)* nó *(b) d'alt 67(1)* do dhuine ina cháil nó ina cáil mar fhostaí, nó mar ionadaí, de chuid Tí nó coiste eile, déanfaidh an coiste iomchuí, tráth nach lú ná 10 lá roimh an lá a shonrófar san ordachán, fógra a thabhairt don fhostóir lena mbaineann nó don Teach nó don choiste eile maidir leis an ordachán agus leis an ní lena mbainfeadh nó lena mbaineann an fhianaise nó an doiciméad lena mbaineann agus féadfaidh an fhostóir nó fostaí eile de chuid an fhostóra, arna údarú nó arna húdarú chuige sin ag an bhfhostóir, nó, de réir mar a bheidh, féadfaidh ionadaí eile, nó fostaí, de chuid an Tí nó an choiste eile, arna údarú nó arna húdarú chuige sin ag an Teach nó ag an gcoiste eile, má thugann an coiste iomchuí breith amhlaidh—

Forálacha
d'fhorlíonadh alt
67.

(i) láithriú os comhair an choiste iomchuí, agus aighneachtaí (lena n-áirítear aighneachtaí i scríbhinn) a dhéanamh chuige is aighneachtaí atá iomchuí maidir lena imeachtaí, agus

(ii) fianaise agus doiciméid a thabhairt dó, is fianaise agus doiciméid atá iomchuí maidir leis na himeachtaí sin.

(b) I *mír (a)*, folaíonn “fostaí” státseirbhíseach agus ciallaíonn “fhostóir”, i ndáil le státseirbhíseach, an státseirbhíseach arb é nó í an príomhoifigeach ar an Roinn Stáit nó ar an mbrainse eile nó ar an oifig eile den tseirbhís phoiblí ina bhfuil an státseirbhíseach céadluaite fostaíthe.

(2) Maidir le hordachán a thugtar do dhuine (nach pearsa aonair) faoi *mhír (b) d'alt 67(1)*, déanfar é a dhíriú—

(a) i gcás Roinn Stáit nó brainse eile nó oifig eile den tseirbhís phoiblí, chuig an státseirbhíseach nó an seirbhíseach poiblí arb é nó í an príomhoifigeach ar an Roinn Stáit nó ar an mbrainse nó ar an oifig,

(b) i gcás ionadaí de chuid Tí nó de chuid coiste eile, chuig Ard-Rúnaí Thithe an Oireachtais, agus

[*Uimh. 33.*] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Níosanna*
Imeachta), 2013.

- (c) in aon chás eile, chuig príomhoifigeach an chomhlachta lena mbaineann,

agus déanfar an lá ar air nó roimhe a cheanglaítear an doiciméad lena mbaineann a chur chuig an gcoiste iomchuí a shonrú san ordachán agus ní luaithe ná 10 lá tar éis dháta an ordacháin an lá sin.

(3) D'ainneoin *fho-ailt (1)* agus (2), beidh an fostóir nó an Teach nó an coiste eile lena mbaineann i dteideal ionadaí eile a ainmniú—

- (a) chun láithriú os comhair an choiste iomchuí agus aighneachtaí (lena n-áirítear aighneachtaí i scríbhinn) atá iomchuí maidir lena imeachtaí a dhéanamh chuige, agus
- (b) chun fianaise agus doiciméid a thabhairt dó atá iomchuí maidir leis na himeachtaí sin,

in ionad an duine dár tugadh an t-ordachán ach tá an coiste iomchuí i dteideal gan glacadh leis an ainmniúchán agus seasamh air go ndéanfaidh an duine dár tugadh an t-ordachán é a chomhlíonadh.

Cosaint agus srian ar an Acht um Rúin Oifigiúla, 1963.

74.—(1) Ní dochar d'alt 65 den Acht Oifigigh Cúirte, 1926 *ailt 66* ná 67.

(2) Ní bheidh feidhm ag *ailt 4* agus *5* den Acht um Rúin Oifigiúla, 1963 maidir le fianaise nó doiciméad arna thabhairt nó arna thabhairt do choiste de bhun ordacháin.

Cionta — *Cuid 6.*

75.—(1) Aon duine—

- (a) ar ordaíodh dó nó di faoi *mhír (a) d'alt 67(1)* teacht i láthair os comhair coiste agus ar tairgeadh aon suim dó nó di i leith na gcaiteachas i ndáil lena theacht nó a teacht i láthair os comhair an choiste, ar suim í a mbeadh teideal ag finné arna thoghairm nó arna toghairm chun teacht i láthair os comhair na Cúirte go dtairgfí dó nó di í, ach a mhainneoidh, gan leithscéal réasúnach, an t-ordachán a chomhlíonadh,
- (b) agus é nó í tagtha i láthair os comhair coiste de bhun ordachán faoi *mhír (a) d'alt 67(1)*, a dhiúltóidh an mionn a ghlacadh ar an gcoiste dá cheangal sin air nó uirthi nó a dhiúltóidh freagra a thabhairt ar aon cheist a bhfuil an coiste i dteideal de réir dlí a cheangal freagra a thabhairt uirthi,
- (c) a mhainneoidh, gan leithscéal réasúnach, ordachán faoi *mhír (b), (c), (d)* nó *(e) d'alt 67(1)* a chomhlíonadh, nó
- (d) a dhéanfaidh aon ní eile i ndáil le himeachtaí coiste, ar ní é, dá ndéanfadh finné i gcúirt nó aon duine eile é i ndáil le himeachtaí cúirte, a bheadh ina dhíspeagadh ar an gcúirt sin,

tá sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Má thugann duine fianaise bhréagach os comhair coiste in imthosca de shórt a thugann go mbeadh an duine ciontach i mionnú éithigh dá mba rud é gur thug an duine an fhianaise os comhair cúirte, tá an duine ciontach i gcion.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.6 A.75

(3) Aon duine atá ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, dlitear fíneáil d'Aicme A, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, dlitear fíneáil nach mó ná €500,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) Aon duine a ndearna an Chúirt smachtbhanna a fhorchur air nó uirthi mar gheall ar mhainneachtain ordú ón gCúirt faoi *alt 99*, a bhaineann le hordachán áirithe, a chomhlíonadh, ní dhéanfar é nó í a thriail i leith cion faoi *fho-alt (2)* i ndáil leis an ordachán sin agus, aon duine a triaileadh i leith cion faoin bhfo-alt sin i ndáil le hordachán áirithe, ní thionscnófar imeachtaí ina aghaidh nó ina haghaidh as mainneachtain ordú ón gCúirt faoi *alt 99*, a bhaineann leis an ordachán sin, a chomhlíonadh.

CUID 7

INORDAITHEACHT, PRIBHLÉIDÍ AGUS DÍOLÚINTÍ I NDÁIL LE GNÓ EILE
COISTE

CAIBIDIL 1

Mínithe agus feidhm Chaibidlí 2 agus 3

76.—Sa Chuid seo—

Mínithe — Cuid 7.

ciallaíonn “ordachán” ordachán faoi *alt 83(1)*;

ciallaíonn “coiste cuí”—

(a) i ndáil le coiste nach comhchoiste, Coiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí an Tí, agus

(b) i ndáil le comhchoiste, Coiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí gach Tí.

77.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, níl feidhm ag *Caibidlí 2* ná *3* ach amháin maidir le coiste dár thug an Teach cumhacht chun fios a chur ar dhaoine, páipéir agus taifid le linn dó gnó eile coiste a sheoladh, agus ní bheidh feidhm aige amhlaidh ach amháin faoi réir mhéid na cumhachta a tugadh amhlaidh agus aon choinníollacha a bheidh forchurtha ag an Teach maidir lena feidhmiú. Feidhm *Chaibidlí 2* agus *3*.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, ní bheidh feidhm ag *Caibidlí 2* ná *3* maidir le coiste i leith aon ní áirithe is ábhar don ghnó eile coiste a bheidh á sheoladh ag an gcoiste mura mbeidh ordachán arna thabhairt ag an gcoiste i leith an ní áirithe.

(3) Ní thabharfaidh coiste ordachán mura mbeidh toiliú i scríbhinn aige ón gcoiste cuí déanamh amhlaidh agus féadfar aon toiliú den sórt sin a thabhairt i gcoitinne nó in aon chás áirithe.

CAIBIDIL 2

Pribhléidí agus díolúintí, etc.

Pribhléidí agus
díolúintí finnétithe.

78.—(1) (a) Faoi réir *fho-alt* (2) agus *alt* 94 (i gcás go bhfuil feidhm ag *mír* (a) *d'fho-alt* (6) den alt sin), maidir le haon duine a bhfuil a chuid fianaise nó a cuid fianaise arna tabhairt, á tabhairt nó le tabhairt os comhair coiste, nó a thugann doiciméad don choiste, cibé acu go toilteanach nó de bhun ordacháin—

(i) tá na díolúintí céanna agus na pribhléidí céanna aige nó aici i leith na fianaise sin nó an doiciméid sin atá ag finnétithe in imeachtaí sa Chúirt, agus

(ii) i dteannta na bpionós dá bhforáiltear leis an Acht seo, tá sé nó sí faoi réir na ndliteanas céanna ar faoina réir atá finnétithe in imeachtaí sa Chúirt,

(b) Faoi réir *fho-alt* (2) agus *alt* 94 (i gcás go bhfuil feidhm ag *mír* (a) *d'fho-alt* (6) den alt sin), maidir le haon duine a n-ordáítear dó nó di faoin Acht seo fianaise nó doiciméad a thabhairt do choiste nó teacht i láthair os comhair an choiste agus fianaise nó doiciméad a thabhairt ansin—

(i) tá na díolúintí céanna agus na pribhléidí céanna aige nó aici i leith na fianaise sin nó an doiciméid sin atá ag finnétithe in imeachtaí sa Chúirt, agus

(ii) i dteannta na bpionós dá bhforáiltear leis an Acht seo, tá sé nó sí faoi réir na ndliteanas céanna ar faoina réir atá finnétithe in imeachtaí sa Chúirt,

(2) I gcás, maidir le finnétithe (nach comhalta de cheachtar Teach) a bheidh ag tabhairt fianaise do choiste i ndáil le ní áirithe, go n-ordóidh cathaoirleach an choiste dó nó di scor den fhianaise sin a thabhairt, ní bheidh an finnétithe i dteideal ach pribhléid cháilithe i ndáil le clúmhillleadh i leith aon fhianaise arna tabhairt i ndiaidh an t-ordacháin a thabhairt mura dtarraingíonn, agus go dtí go dtarraingeoidh, an cathaoirleach an t-ordacháin siar.

(3) I gcás go gcinntear nach mbaineann an pribhléid ar a bhfuiltear ag brath mar fhoras chun diúltú doiciméad a thabhairt ach le cuid den fhaisnéis i ndoiciméad agus leis an gcuid sin amháin, cuirfidh an duine a n-ordáítear dó nó di an doiciméad a thabhairt faoi deara leagan arna chur in eagar foilsithe, nó leagan achomair, nó iad araon, de réir mar a ordóidh an coiste, den doiciméad, nach bhfuil an fhaisnéis faoi pribhléid sin ann, a ullmhú ach ní dhéanfaidh sé nó sí amhlaidh ach amháin más rud é—

(a) gur doiciméad é a bhfuil sé sin indéanta ina leith, agus

(b) i dtuairim an choiste, gur ar mhaithe leis an ngnó eile coiste atá á sheoladh aige agus nósanna imeachta córa déanamh amhlaidh.

(4) I gcás go gcuireann duine faoi deara leagan arna chur in eagar foilsithe, nó leagan achomair, nó iad araon, de dhoiciméad a ullmhú de réir an ailt seo, is cuid den fhianaise a gheobhaidh an coiste an leagan arna chur in eagar foilsithe, nó an leagan achomair, nó iad araon, de réir mar is gá sa chás.

79.—(1) Faoi réir *fho-alt* (2), féadfaidh coiste *alt 79* treoirlínte a eisiúint faoin alt seo, is treoirlínte nach mbeidh ar neamhréir leis an Acht seo, i ndáil le nósanna imeachta i dtaobh gnó eile coiste.

Treoirlínte i ndáil le nósanna imeachta i dtaobh gnó eile coiste.

(2) Chun críocha na gcúinsí a bheidh le cur i gcuntas le linn chur chun cinn na gcuspóirí i dtaobh nósanna imeachta córa agus reáchtáil éifeachtúil agus chostéifeachtach gnó eile coiste, féadfaidh treoirlínte i ndáil leis na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh i dtreoirlínte faoin alt seo—

- (a) nósanna imeachta is infheidhme maidir le finnétithe,
- (b) na himthosca inar féidir gur cuí fianaise i scríbhinn seachas fianaise ó bhéal,
- (c) prótacail le haghaidh coistí (lena n-áirítear comhaltaí coiste) nó aicme de choistí (lena n-áirítear aicme de chomhaltaí coiste) ina bplé leis na meáin díreach roimh thosach aon ghnó coiste eile, lena linn, agus tar éis é a fhoirceannadh,
- (d) prótacail le haghaidh cathaoirligh coistí nó aicme de chathaoirligh den sórt sin ina bplé le finnétithe agus le comhaltaí eile coiste, nó
- (e) an fhaisnéis a bheidh le soláthar d'fhinnétithe, lena n-áirítear nithe i ndáil le gan comhoibriú leis an gcoiste agus i ndáil le cionta faoin Acht seo.

(3) Ní dochar do ghinearáltacht aon rialacha ná buanorduithe treoirlínte arna n-eisiúint faoin alt seo.

(4) San alt seo—

folaíonn “nósanna imeachta” iompar;

ciallaíonn “coiste *alt 79*” an coiste a bheidh arna ainmniú le rialacha agus buanorduithe an Tí mar an coiste a fhéadfaidh treoirlínte a eisiúint faoin alt seo.

80.—(1) I gcás go luafar, i gcúrsa imeachtaí coiste, as a ainm nó as a hainm, nó ar cibé slí eile a fhágfaidh go bhféadfaí é nó í a shainaithint, duine nach bhfuil i láthair le linn na n-imeachtaí, cuirfidh an coiste faoi deara, más cuí leis déanamh amhlaidh ag féachaint don cheanglas i dtaobh nósanna imeachta córa a urramú, athscríbhinn den chuid iomchuí de na himeachtaí a thabhairt don duine.

Daoine eile a shainaithnítear i bhfianaise.

(2) (a) I gcás gur dóigh le duine dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) go ndearnadh dearmad fíorais nó ráiteas mícheart (lena n-áirítear ráiteas atá mícheart mar gheall ar chomhthéacs riachtanach nó iomchuí a fhágáil ar lár) a dhéanann difear dó nó di, féadfaidh sé nó sí, laistigh de 14 lá tar éis an athscríbhinn lena mbaineann a thabhairt dó nó di (nó

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

laistigh de cibé tréimhse is faide ná sin (más ann) a shonróidh an coiste), ráiteas fianaise i scríbhinn agus doiciméid iomchuí a thabhairt don choiste,

(b) Féadfaidh an coiste, faoi réir *fho-alt (3)*, a cheadú do dhuine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, ar iarraidh a fháil uaidh nó uaithi, an ráiteas a cheartú ar cibé modh breise is cuí leis an gcoiste sna himthosca, ag féachaint don cheanglas i dtaobh nósanna imeachta córa a urramú, lena n-áirítear ar mhodh—

(i) fianaise ó bhéal a thabhairt, nó

(ii) a ordú do dhaoine sonraithe eile fianaise a thabhairt.

(3) Féadfaidh an coiste déanamh de réir iarraidh faoi *fho-alt (2)(b)* agus déanfaidh sé amhlaidh má mheasann sé, ag féachaint don cheanglas i dtaobh nósanna imeachta córa a urramú, gur gá nó gur fóirsteanach déanamh amhlaidh.

Fianaise arna tabhairt do choiste nó arna cur chuige gan bheith inghlactha in imeachtaí áirithe.

81.—(1) Níl aon cheann díobh seo a leanas inghlactha mar fhianaise in aghaidh duine in aon imeachtaí eile (lena n-áirítear imeachtaí araíonachta) seachas imeachtaí i ndáil le cion faoin Acht seo nó leis an gcion is mionnú éithigh:

(a) ráiteas nó admháil a rinne an duine leis an gcoiste, i gcúrsa sheoladh an ghnó coiste eile;

(b) doiciméad a tugadh don choiste nó a cuireadh chuige de bhun ordachán ón gcoiste don duine;

(c) doiciméad a sonraíodh i mionnscribhinn doiciméad a rinne an duine agus a tugadh don choiste den bhun ordachán ón gcoiste;

(d) doiciméad a chruthaigh an coiste nó a cruthaíodh dó (lena n-áirítear aon doiciméad atá neamhiomlán nó nach bhfuil ach i bhfoirm dréachta) chun críocha an ghnó coiste eile.

(2) Aon doiciméad atá ar fáil ar shlí eile agus nach chun críocha an ghnó eile coiste a cruthaíodh é, ní bheidh sé neamhinghlactha mar fhianaise in aon imeachtaí (lena n-áirítear imeachtaí araíonachta) de bhua an ailt seo.

(3) Faoi réir forálacha san Acht seo maidir le rúndacht, féadfaidh an Teach a bheartú le rún doiciméid de chuid an ghnó coiste eile a chur ar fáil d'údarás reachtúil eile (nach cúirt ná comhlacht araíonachta) de réir rialacha agus buanorduithe.

Cionta — Caibidil 2.

82.—(1) Aon duine a sholáthraíonn faisnéis don choiste is faisnéis atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, agus a fhios aige nó aici go bhfuil an fhaisnéis bréagach nó míthreorach amhlaidh, nó é nó í a bheith meargánta i dtaobh í a bheith bréagach nó míthreorach amhlaidh, tá sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Aon duine atá ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)*—

(a) ar é nó í a chiontú ar díotáil, dlitear fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

Cd.7 A.82

- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, dlítear fineáil nach mó ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

CAIBIDIL 3

Ordacháin a fhéadfaidh coiste a bheidh ag seoladh gnó eile coiste a thabhairt agus nithe gaolmhara

83.—(1) Faoi réir fhorálacha an Achta seo, féadfaidh coiste—

Cumhachtaí coiste
chun fianaise a
fháil.

- (a) a ordú i scríbhinn d'aon duine a bhfuil a fhianaise nó a fianaise ag teastáil ón gcoiste teacht i láthair os comhair an choiste ar dháta agus ag tráth agus in áit a bheidh sonraithe san ordachán agus fianaise, agus aon doiciméad a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú, agus a bheidh sonraithe san ordachán, a thabhairt ansin,
- (b) a ordú i scríbhinn d'aon duine aon doiciméad a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú agus a bheidh sonraithe san ordachán a thabhairt don choiste,
- (c) a ordú i scríbhinn d'aon duine aon doiciméid i ndáil le haon ní is iomchuí maidir le himeachtaí an choiste, agus atá nó a bhí i seilbh nó faoi rialú an duine sin, a fhollasú faoi mhionn agus aon doiciméid a luaitear sa mhionnscríbhinn doiciméad lena mbaineann, agus a ndéanann sé nó sí agóid in aghaidh iad a thabhairt ar aird don choiste, a shonrú sa mhionnscríbhinn sin agus na forais le haghaidh na haghóide a shonrú, agus beidh feidhm ag na rialacha cúirte a bhaineann le doiciméid a fhollasú in imeachtaí sa Chúirt i ndáil le doiciméid a fhollasú de bhun na míre seo fara aon mhodhnuithe is gá,
- (d) a ordú i scríbhinn do dhuine ráiteas i scríbhinn a dhéanamh i dtaobh na nithe a gceanglaítear ar an duine sin fianaise a thabhairt ina leith, agus
- (e) aon ordacháin eile a thabhairt chun críche na n-imeachtaí lena mbaineann is dóigh leis an gcoiste a bheith cóir réasúnach.

(2) Déanfar caiteachais réasúnacha duine (gan costais dlí a áireamh) a thiofadh i láthair, de bhun ordacháin, os comhair coiste a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

(3) (a) Beidh ordachán i scríbhinn arna shíniú ag—

- (i) cathaoirleach an choiste lena mbaineann,
- (ii) comhalta eile coiste a bheidh údaraithe go cuí ag an gcathaoirleach chuige sin, nó
- (iii) cléireach an choiste.

(b) Is é nó is í cathaoirleach an choiste lena mbaineann a thabharfaidh aon ordachán eile.

(4) Faoi réir *alt 89*, ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)*—

[*Uimh. 33.*] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

- (a) maidir leis an Uachtarán ná maidir le hoifigeach don Uachtarán,
- (b) maidir le breitheamh den Chúirt Uachtarach, den Ard-Chúirt, den Chúirt Chuarda, den Chúirt Dúiche ná de Chúirt Choiriúil Speisialta, ná
- (c) maidir le Máistir na hArd-Chúirte.
- (5) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis an Ard-Aighne ná maidir le hoifigeach don Ard-Aighne ach amháin—
- (a) i gcás gurb é an Coiste um Chuntais Phoiblí an coiste lena mbaineann, agus
- (b) a mhéid a bhaineann an fo-alt sin le fianaise, nó le doiciméad atá ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú, maidir le riarachán ginearálta Oifig an Ard-Aighne.
- (6) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ná maidir le hoifigeach don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ach amháin—
- (a) i gcás gurb é an Coiste um Chuntais Phoiblí an coiste lena mbaineann, agus
- (b) a mhéid a bhaineann an fo-alt le fianaise, nó le doiciméad atá ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú—
- (i) i dtaca le riarachán ginearálta an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nó
- (ii) i dtaca le staidreamh is iomchuí maidir le ní dá dtagraítear i dtuarascáil ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a bheidh foilsithe aige nó aici i ndáil le gníomhaíochtaí Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i gcoitinne.
- (7) San alt seo—
- (a) aon tagairt don Uachtarán, don Ard-Aighne, don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó do bhreitheamh den Chúirt Uachtarach, den Ard-Chúirt, den Chúirt Chuarda, den Chúirt Dúiche nó de Chúirt Choiriúil Speisialta nó do Mháistir na hArd-Chúirte, is tagairt í do dhuine a bhfuil nó a raibh an oifig sin ina sheilbh nó ina seilbh ina cháil nó ina cáil mar an sealbhóir sin, agus
- (b) aon tagairt d'oifigeach, i ndáil leis an Uachtarán, leis an Ard-Aighne nó leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, is tagairt í do dhuine atá nó a bhí ina oifigeach nó ina hoifigeach don Uachtarán, don Ard-Aighne nó don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ina cháil nó ina cáil mar oifigeach den sórt sin, agus folaíonn sí tagairt do dhuine a sholáthraíonn nó a sholáthair seirbhísí dlí gairmiúla don Uachtarán, don Ard-Aighne nó don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi chonradh seirbhísí ina cháil nó ina cáil mar sholáthraí den sórt sin.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Níosanna*
Imeachta), 2013.

CD.7 A.84

imeachtaí chun an t-ordachán a fhorfheidhmiú, féadfar iad a sheirbheáil nó a dhéanamh ar shlí eile orthu—

- (a) aon duine sa Stát,
- (b) aon saoránach Éireannach lasmuigh den Stát, nó
- (c) aon duine i soitheach nó in aerárthach atá cláraithe in Éirinn nó i misean taidhleoireachta Éireannach lasmuigh den Stát.

(2) Ní bheidh feidhm ag *míreanna* (a) ná (c) *d'fho-alt* (1) maidir le duine atá, an tráth lena mbaineann, i dteideal díolúine taidhleoireachta sa Stát.

85.—(1) Ní ordóidh coiste do dhuine fianaise ná doiciméad a thabhairt dó, ná teacht i láthair os a chomhair chun fianaise nó doiciméad a thabhairt dó, is fianaise nó doiciméad nach bhfuil iomchuí maidir le himeachtaí an choiste. Fianaise iomchuí.

(2) I gcás go dtugtar ordachán lena mbaineann *mír* (a) nó (b) *d'fho-alt* (1) *d'alt* 83 do dhuine agus gurb é tuairim an duine maidir le fianaise nó doiciméad lena mbaineann an t-ordachán nach bhfuil sí nó sé iomchuí maidir le himeachtaí an choiste lena mbaineann agus go gcuireann an duine an méid sin in iúl don choiste, déanfaidh an coiste, tar éis dó an tuairim a bhreithniú, an t-ordachán a tharraingt siar nó a dhaingniú.

(3) Faoi réir *alt* 94 (i gcás go bhfuil feidhm ag *mír* (c) *d'fho-alt* (6) den alt sin), i gcás go dtugann an coiste breith faoi *fho-alt* (2), tabharfaidh sé fógra i scríbhinn i dtaobh na breithe don duine dár tugadh an t-ordachán lena mbaineann.

86.—(1) Faoi réir fhorálacha an Achta seo, ní ordóidh coiste do dhuine fianaise ná doiciméad a thabhairt dó ná teacht i láthair os a chomhair chun fianaise nó doiciméad a thabhairt dó— Fianaise áirithe, etc., a dhíolmhú ó *alt* 83.

- (a) a bhaineann le pléití ag cruinniú den Rialtas nó de choiste arna cheapadh ag an Rialtas ar comhaltaí den Rialtas a chomhaltaí,
- (b) a bhaineann le pléití ag cruinniú de choiste arna cheapadh ag an Rialtas arb éard iad comhaltaí an choiste comhalta nó comhaltaí den Rialtas mar aon le hAire Stáit nó le hAíre Stáit nó leis an Ard-Aighne, más rud é—
 - (i) gur údaraigh an Rialtas an cruinniú a thionól,
 - (ii) gur cheangail an Rialtas imeachtaí an chruinnithe a thuirisciú dó, agus
 - (iii) go ndearbhaíonn Rúnaí an Rialtais amhlaidh i ndoiciméad arna shíniú aige nó aici agus arna thabhairt don Choiste Oireachtais lena mbaineann,
- (c) dá bhféadfaí a bheith ag súil, le réasún, dá ndéanfaí an fhianaise nó an doiciméad a thabhairt dó, go ndéanfaí dochar d'imeachtaí coiriúla atá ar feitheamh nó ar siúl sa Stát nó d'aon imscrúdú coiriúil atá á sheoladh sa Stát an tráth sin,

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

- (d) dá bhféadfaí a bheith ag súil, le réasún, dá ndéanfaí an fhianaise nó an doiciméad a thabhairt dó, go rachadh sé chun dochair do shlándáil an Stáit nó go mbeadh sé dochrach don Stát ina chaidreamh le stáit eile,
- (e) dá bhféadfaí a bheith ag súil, le réasún, dá ndéanfaí an fhianaise nó an doiciméad a thabhairt dó, go ndéanfadh sí nó sé dochar—
- (i) do chosc, do bhrath nó d'imscrúdú cionta,
- (ii) do ghabháil nó d'ionchúiseamh ciontóirí, nó
- (iii) d'éifeachtacht modhanna, córas, pleananna nó nósanna imeachta dleathacha a úsáidtear chun cionta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, nó chun ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh,
- nó
- (f) a bhaineann le faisnéis a choimeádtar chun measúnacht a dhéanamh ar dhliteanas duine i leith cáin nó dleacht nó íocaíocht eile atá dlite don Stát, d'údarás áitiúil, de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001, nó d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó is iníoctha leis an gcéanna, nó chun méid atá dlite i leith cáin nó dleacht nó íocaíocht eile den sórt sin a bhailiú.

(2) Maidir le haon chruinniú de dhaoine ar comhaltas nó cuid de chomhaltas coiste dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b) d'fho-alt (1)* iad dá éis sin, ní mheasfar, chun críocha an ailt seo, gur cruinniú den choiste sin é.

Dearbhuithe i ndáil le hordacháin.

87.—(1) I gcás go dtugann coiste ordachán do dhuine i ndáil le fianaise nó doiciméad agus go bhfuil an duine den tuairim, dá ndéanfaí an fhianaise nó an doiciméad a thabhairt don choiste, go bhféadfaí, le réasún, a bheith ag súil leis go mbeadh an éifeacht léi nó leis a shonraítear i *mír (d)* nó *(e) d'alt 86(1)*, féadfaidh an duine an tuairim sin a chur in iúl do chathaoirleach an choiste agus, má dhéanann an duine amhlaidh agus mura dtarraingíonn an coiste siar an t-ordachán, iarrfaidh an Coiste ar an duine dearbhú faoi *fho-alt (3)* a thabhairt don choiste i ndáil leis an ní.

(2) I gcás go ndéanann an coiste iarraidh faoi *fho-alt (1)* chuig duine, déanfaidh an coiste, ar iarratas ón duine, cibé tréimhse a cheadú, nach giorra ná 14 lá, a mheasfaidh sé a bheith réasúnach chun freagra a thabhairt ar an iarraidh agus, más cuí, chun dearbhú faoi *fho-alt (3)* a thabhairt agus, chun na críche sin, déanfaidh an coiste, más gá, na himeachtaí lena mbaineann i ndáil leis an ní áirithe a chur ar atráth go ceann cibé tréimhse is cuí leis sna himthosca.

(3) I gcás go ndéantar iarraidh faoi *fho-alt (1)* chuig duine—

- (a) féadfaidh Aire den Rialtas, ar iarratas chuige sin ag an duine chuig an Aire, má mheasann an tAire go mbeadh nó go bhfuil baint ag an bhfianaise nó ag an doiciméad lena mbaineann le ní lena bhfuil feidhm ag *mír (d) d'alt 86(1)*, dearbhú i scríbhinn sa chiall sin arna dhéanamh aige nó aici a thabhairt don duine, agus

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

Cd.7 A.87

- (b) féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó Coimisinéir an Gharda Síochána, ar iarratas chuige sin ag an duine chuig an Stiúrthóir nó chuig an gCoimisinéir, má mheasann an Stiúrthóir nó an Coimisinéir go mbeadh nó go bhfuil baint ag an bhfianaise nó ag an doiciméad lena mbaineann le faisnéis atá sonraithe i *mír (e) d'alt 86(1)*, dearbhú i scríbhinn sa chiall sin arna dhéanamh aige nó aici a thabhairt don duine.

(4) I gcás go dtugtar dearbhú faoi *fho-alt (3)* don choiste lena mbaineann, tarraingeoidh sé siar an t-ordachán lena mbaineann.

88.—(1) (a) I gcás go dtugann coiste (dá ngairtear an “coiste iomchuí” san alt seo) ordachán faoi *mhír (a)* nó *(b) d'alt 83(1)* do dhuine ina cháil nó ina cáil mar fhostaí, nó mar ionadaí, de chuid Tí nó coiste eile, déanfaidh an coiste iomchuí, tráth nach lú ná 10 lá roimh an lá a shonrófar san ordachán, fógra a thabhairt don fhostóir lena mbaineann nó don Teach nó don choiste eile maidir leis an ordachán agus leis an ní lena mbainfeadh nó lena mbaineann an fhianaise nó an doiciméad lena mbaineann agus féadfaidh an fhostóir nó fostaí eile de chuid an fhostóra, arna údarú nó arna húdarú chuige sin ag an bhfhostóir, nó, de réir mar a bheidh, féadfaidh ionadaí eile, nó fostaí, de chuid an Tí nó an choiste eile, arna údarú nó arna húdarú chuige sin ag an Teach nó ag an gcoiste eile, má thugann an coiste iomchuí breith amhlaidh—

Forálacha
d'fhorlíonadh *alt 83*.

(i) láithriú os comhair an choiste iomchuí, agus aighneachtaí (lena n-áirítear aighneachtaí i scríbhinn) a dhéanamh chuige is aighneachtaí atá iomchuí maidir lena imeachtaí, agus

(ii) fianaise agus doiciméid a thabhairt dó, is fianaise agus doiciméid atá iomchuí maidir leis na himeachtaí sin.

(b) I *mír (a)*, folaíonn “fostaí” státseirbhíseach agus ciallaíonn “fhostóir”, i ndáil le státseirbhíseach, an státseirbhíseach arb é nó í an príomhoifigeach ar an Roinn Stáit nó ar an mbrainse eile nó ar an oifig eile den tseirbhís phoiblí ina bhfuil an státseirbhíseach céadluaite fostaíthe.

(2) Maidir le hordachán a thugtar do dhuine (nach pearsa aonair) faoi *mhír (b) d'alt 83(1)*, déanfar é a dhíriú—

(a) i gcás Roinn Stáit nó brainse eile nó oifig eile den tseirbhís phoiblí, chuig an státseirbhíseach nó an seirbhíseach poiblí arb é nó í an príomhoifigeach ar an Roinn Stáit nó ar an mbrainse nó ar an oifig,

(b) i gcás ionadaí de chuid Tí nó de chuid coiste eile, chuig Ard-Rúnaí Thithe an Oireachtais, agus

(c) in aon chás eile, chuig príomhoifigeach an chomhlachta lena mbaineann,

agus déanfar an lá ar air nó roimhe a cheanglaítear an doiciméad lena mbaineann a chur chuig an gcoiste iomchuí a shonrú san ordachán agus ní luaithe ná 10 lá tar éis dháta an ordacháin an lá sin.

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

(3) D'ainneoin *fho-ailt* (1) agus (2), beidh an fostóir nó an Teach nó an coiste eile lena mbaineann i dteideal ionadaí eile a ainmniú—

- (a) chun láithriú os comhair an choiste iomchuí agus aighneachtaí (lena n-áirítear aighneachtaí i scríbhinn) atá iomchuí maidir lena imeachtaí a dhéanamh chuige, agus
- (b) chun fianaise agus doiciméid a thabhairt dó atá iomchuí maidir leis na himeachtaí sin,

in ionad an duine dár tugadh an t-ordachán.

Cosaint agus srian ar an Acht um Rúin Oifigiúla, 1963.

89.—(1) Ní dochar d'alt 65 den Acht Oifigigh Cúirte, 1926 *ailt* 77 ná 83.

(2) Ní bheidh feidhm ag *ailt* 4 ná 5 den Acht um Rúin Oifigiúla, 1963 maidir le fianaise nó doiciméad arna thabhairt nó arna thabhairt do choiste de bhun ordacháin.

Cionta — *Caibidil* 3.

90.—(1) Aon duine—

- (a) ar ordáíodh dó nó di faoi *mhír* (a) *d'alt* 83(1) teacht i láthair os comhair coiste agus ar tairgeadh aon suim dó nó di i leith na gcaiteachas i ndáil lena theacht nó a teacht i láthair os comhair an choiste, ar suim í a mbeadh teideal ag finné arna thoghairm nó arna toghairm chun teacht i láthair os comhair na Cúirte go dtairgfí dó nó di í, ach a mhainneoidh, gan leithscéal réasúnach, an t-ordachán a chomhlíonadh,
- (b) agus é nó í tagtha i láthair os comhair coiste de bhun ordachán faoi *mhír* (a) *d'alt* 83(1), a dhiúltóidh an mionn a ghlacadh ar an gcoiste dá cheangal sin air nó uirthi nó a dhiúltóidh freagra a thabhairt ar aon cheist a bhfuil an coiste i dteideal de réir dlí a cheangal freagra a thabhairt uirthi,
- (c) a mhainneoidh, gan leithscéal réasúnach, ordachán faoi *mhír* (b), (c), (d) nó (e) *d'alt* 83(1) a chomhlíonadh, nó
- (d) a dhéanfaidh aon ní eile i ndáil le himeachtaí coiste, ar ní é, dá ndéanfadh finné i gcúirt nó aon duine eile é i ndáil le himeachtaí cúirte, a bheadh ina dhíspeagadh ar an gcúirt sin,

tá sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Má thugann duine fianaise bhréagach os comhair coiste in imthosca de shórt a thugann go mbeadh an duine ciontach i mionnú éithigh dá mba rud é gur thug an duine an fhianaise os comhair cúirte, tá an duine ciontach i gcion.

(3) Aon duine atá ciontach i gcion faoi *fho-alt* (1) nó (2)—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, dlitear fíneáil d'Aicme A, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.7 A.90

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, dlítear fineáil nach mó ná €500,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) Aon duine a ndearna an Chúirt smachtbhanna a fhorchur air nó uirthi mar gheall ar mhainneachtain ordú ón gCúirt faoi *alt 99*, a bhaineann le hordachán áirithe, a chomhlíonadh, ní dhéanfar é nó í a thriail i leith cion faoi *fho-alt (2)* i ndáil leis an ordachán sin agus, aon duine a triaileadh i leith cion faoin bhfo-alt sin i ndáil le hordachán áirithe, ní thionscnófar imeachtaí ina aghaidh nó ina haghaidh as mainneachtain ordú ón gCúirt faoi *alt 99*, a bhaineann leis an ordachán sin, a chomhlíonadh.

CAIBIDIL 4

Féadfaidh Coimisiún an Oireachtais caiteachais finnétithe, etc. a íoc

91.—Faoi réir *alt 83(2)*, féadfaidh Coimisiún an Oireachtais na caiteachais réasúnacha (gan costais dlí a áireamh) a thabhoídh finné in imeachtaí coiste, nó aon duine eile a ndéanann imeachtaí coiste difear dó nó di, a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Féadfaidh Coimisiún an Oireachtais caiteachais réasúnacha finnétithe, etc. a íoc.

CUID 8

PRIBHLÉID AGUS DÍOLÚINE CHOISTÍ AGUS CHOMHALTAÍ NA dTITHE
AGUS SRIAN AR FHIANAISE DAOINE ÁIRITHE

92.—(1) Ní bheidh comhalta de Theach, i leith aon chaint i gcoiste nó os comhair coiste, faoi réir aon chúirt nó aon údarás seachas an Teach.

Pribhléid agus díolúine coistí, etc.

(2) Faoi réir *ailt 36(2)* agus *37(2)*, tá na nithe seo faoi phribhléid cibé áit a bhfoilsítear iad:

(a) doiciméid de chuid coiste agus doiciméid de chuid comhaltaí coiste a bhaineann leis an gcoiste nó lena fheidhmeanna,

(b) gach tuarascáil agus foilseachán oifigiúil de chuid coiste, agus

(c) an chaint a dhéantar in imeachtaí coiste.

(3) Maidir le caint a dhéanfar ag cruinnithe coiste nó doiciméid a ullmhófar le haghaidh cruinnithe den sórt sin, ar cruinnithe iad a thionólfar ar shlí seachas go poiblí agus nach dtabharfar fianaise ar bith don choiste lena linn, ní nochtfar an chaint ná na doiciméid sin gan toiliú an chathaoirligh i scríbhinn.

(4) Scoirfidh doiciméad arna thabhairt do choiste ag duine nach comhalta coiste de bheith ina dhoiciméad de chuid an choiste faoi *fho-alt (2)(a)* má thugann an coiste breith amhlaidh.

(5) San alt seo, foláíonn “caint” ráiteas de réir bhrí an Achta um Chlúmhilleadh, 2009.

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna
Imeachta), 2013.

Srian ar fhianaise,
 etc., daoine áirithe.

93.—(1) I gcás go bhfuil aon imeachtaí iomchuí á seoladh ag coiste de thuras na huairé—

(a) féadfaidh státseirbhíseach, comhalta de na Buan-Óglaigh nó den Gharda Síochána, nó duine iomchuí, fianaise a thabhairt don choiste d'fhonn na fíoras a shuíomh agus cuntas fíorasach ar ní a thabhairt don choiste, lena n-áirítear fianaise maidir le haon ní a dúirt aon duine nó a chuir sé nó sí in iúl le linn teagmhais ar ina leith a bheidh cuntas á thabhairt, agus

(b) gan dochar do ghinearáltacht *mhír* (a)—

(i) ní ceadmhach don choiste a iarraidh ar státseirbhíseach, ar chomhalta de na Buan-Óglaigh nó den Gharda Síochána, ná ar dhuine iomchuí, tuairim a nochtadh i dtaobh tuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais ná Aire den Rialtas ná i dtaobh tuillteanais cuspóirí beartais den sórt sin, ná

(ii) ní ceadmhach do státseirbhíseach, do chomhalta de na Buan-Óglaigh nó den Gharda Síochána, ná do dhuine iomchuí, tuairim den sórt sin a nochtadh.

(2) (a) I gcás—

(i) go n-ordóidh coiste do dhuine sonraithe nó do dhuine iomchuí faoin Acht seo doiciméad sonraithe a thabhairt dó nó teacht i láthair os a chomhair chun doiciméad sonraithe a thabhairt dó, agus

(ii) gur deimhin leis an duine iomchuí gurb éard atá i gcuid den doiciméad, ach ní sa doiciméad iomlán, ceistiú ag duine sonraithe nó duine iomchuí, nó nochtadh tuairime ag duine sonraithe nó ag duine iomchuí i dtaobh tuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais ná Aire den Rialtas ná i dtaobh tuillteanais cuspóirí beartais den sórt sin,

ordóidh an duine cuí i scríbhinn don duine sonraithe nó don duine iomchuí, de réir mar a bheidh, cóip (ar féidir gur cóip achomair nó cóip arna cur in eagar foilsithe, nó iad araon, í) a thabhairt don Choiste agus í arna hullmhú faoi mhaoirsiú an duine chuí, den oiread sin den doiciméad nach é an chuid sin é agus comhlíonfaidh an duine sonraithe nó an duine iomchuí, de réir mar a bheidh, an t-ordachán.

(b) Beidh doiciméad arna ullmhú de bhun *mhír* (a) sínithe ag an duine cuí agus beidh ráiteas ann á rá gur ullmhaíodh é de bhun an fho-ailt seo agus gur cóip (ar féidir gur cóip achomair nó cóip arna cur in eagar foilsithe, nó iad araon, í) í den oiread sin den doiciméad sonraithe lena mbaineann an t-ordachán áirithe nach é an chuid é ina gceistíonn duine sonraithe nó duine iomchuí tuillteanais beartais nó cuspóirí dá dtagraítear i *mír* (a), nó ina nochtann sé nó sí tuairim ina leith.

(c) Aon doiciméad a thabharfar do choiste de bhun ordachán ón gcoiste agus a airbheartaíonn gur doiciméad é arna ullmhú de bhun an fho-ailt seo agus a chomhlíonann *mír* (b), measfar, mura súffear a mhalairt, gur cóip í den

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Níosanna*
Imeachta), 2013.

CD.8 A.93

oiread sin den doiciméad sonraithe lena mbaineann an t-ordachán nach é an chuid é ina gceistíonn duine sonraithe nó duine iomchuí tuillteanais beartais nó cuspóirí dá dtagraítear i *mír (a)*, nó ina nochtann sé nó sí tuairim ina leith.

(3) Ní fhorléireofar *fo-alt (2)* mar fho-alt lena gceadaítear, i gcóip achomair nó cóip arna cur in eagar foilsithe de dhoiciméad dá dtagraítear san fho-alt sin, an oiread sin den doiciméad a eisiamh a bhaineann le fíorais a shuíomh agus cuntas fíorasach a thabhairt ar ní, lena n-áirítear cuntas maidir le haon ní a dúirt aon duine nó a chuir aon duine in iúl le linn teagmhais ar a dtugtar cuntas sa doiciméad.

(4) San alt seo—

ciallaíonn “duine cuí”—

- (a) i ndáil le duine sonraithe is státseirbhíseach, arb é nó í an príomhoifigeach ar an Roinn Stáit nó ar bhainse nó oifig eile den tseirbhís phoiblí ina bhfostaítear an duine sonraithe,
- (b) i ndáil le duine sonraithe is comhalta de na Buan-Óglaigh, Ard-Rúnaí na Roinne Cosanta,
- (c) i ndáil le duine sonraithe is comhalta den Gharda Síochána, Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais,
- (d) i ndáil le duine is comhalta foirne de chomhlacht seirbhíse poiblí, príomhoifigeach an chomhlachta sin, agus
- (e) i ndáil le duine iomchuí, príomhoifigeach an chomhlachta lena mbaineann dá dtagraítear san achtachán eile lena mbaineann;

ciallaíonn “duine iomchuí” duine a dtoirmisctear air nó uirthi, faoi aon achtachán eile, le linn dó nó di tuairisciú do Theach nó do choiste, tuairim a nochtadh maidir le tuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas nó maidir le tuillteanais cuspóirí beartais den sórt sin nó focail sa chiall chéanna;

ciallaíonn “doiciméad sonraithe” doiciméad is ábhar d’ordachán chun críocha imeachtaí áirithe de chuid coiste agus a cruthaíodh sular tionscnaíodh na himeachtaí sin;

ciallaíonn “duine sonraithe” duine is státseirbhíseach nó comhalta de na Buan-Óglaigh nó den Gharda Síochána.

CUID 9

IARRATAIS CHUN NA HARD-CHÚIRTE I NDÁIL LE HIMEACHTAÍ IOMCHUÍ,
ETC.

94.—(1) I gcás go bhfuil finné in aon imeachtaí iomchuí nó duine eile a ndéanann aon imeachtaí iomchuí difear dó nó di (dá ngairtear “an t-agóideoir” san alt seo) den tuairim maidir le haon ní i ndáil leis na himeachtaí gur ní é nach bhfuil á fhiosrú, nó nach bhfuiltear ag plé ar shlí eile leis an ní, de réir an Achta seo, féadfaidh sé nó sí

Iarratas chun na Cúirte ar ordacháin maidir le ní a bhaineann le himeachtaí iomchuí.

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Níosanna
Imeachta), 2013.

fógra i scríbhinn (dá ngairtear an “fógra agóide” san alt seo) a thabhairt do chathaoirleach an choiste i dtaobh na tuairime sin agus an ní sin, agus déarfadh sé nó sí, san fhógra, na cúiseanna atá aige nó aici leis an tuairim.

(2) I gcás go dtugtar fógra agóide do chathaoirleach an choiste, déanfaidh sé nó sí, a luaithe is indéanta, cóip den fhógra a thabhairt do gach comhalta eile den choiste, agus, ina dhiaidh sin, breithneoidh an coiste an fógra a luaithe is indéanta, agus déanfaidh sé an gníomh is dóigh leis is mó is cuí agus a shonraítear i *bhfo-alt* (3).

(3) (a) Má aontaíonn an coiste leis an méid a deirtear san fhógra agóide, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don agóideoir á rá go n-aontaíonn sé agus—

(i) ní leanfaidh sé den ní is ábhar don fhógra agóide a fhiosrú ach amháin, nó ní leanfaidh sé de bheith ag plé leis an ní ar shlí eile ach amháin, de réir a aontaithe leis an bhfógra agóide, nó

(ii) scoirfidh sé den ní a fhiosrú tuilleadh, nó scoirfidh sé de bheith ag plé leis an ní ar shlí eile,

de réir mar is cuí leis.

(b) Má easaontaíonn an coiste leis an méid a deirtear san fhógra agóide, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don agóideoir á rá go n-easaontaíonn sé agus tabharfaidh sé na cúiseanna atá leis an easaontú.

(c) Má aontaíonn an coiste go páirteach agus má easaontaíonn sé go páirteach leis an méid a deirtear san fhógra agóide, déanfaidh sé an gníomh a shonraítear i *mír* (a) i leith na coda lena n-aontaíonn sé agus déanfaidh sé an gníomh a shonraítear i *mír* (b) i leith na coda lena n-easaontaíonn sé.

(d) Féadfaidh an coiste, i leith an fhógra agóide, seachas an gníomh a dhéanamh a shonraítear i *mír* (a), (b) nó (c), ar fhógra a thabhairt don agóideoir, iarratas a dhéanamh go hachomair chun na Cúirte ar threoracha maidir leis an méid atá ráite san fhógra agóide agus, in aon chás den sórt sin, scoirfidh sé den ní is ábhar don fhógra agóide a fhiosrú tuilleadh, nó scoirfidh sé de bheith ag plé ar shlí eile leis an ní—

(i) go dtí go dtarraingeofar siar nó go dtréigfear an t-iarratas de bhrí go ndearna an coiste dá éis sin, i leith an fhógra, an gníomh a shonraítear i *mír* (a), nó

(ii) go dtí go dtabharfaidh an Chúirt a cuid ordachán ar an ní.

(4) I gcás go dtugann an coiste fógra don agóideoir faoi *fho-alt* (3)(b), féadfaidh sé nó sí—

(a) fógra i scríbhinn a thabhairt don choiste á rá go bhfuil sé beartaithe aige nó aici iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar ordacháin maidir leis an méid atá ráite san fhógra agóide, agus

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.9 A.94

- (b) laistigh de 14 lá tar éis fógra den sórt sin faoi *fho-alt (3)(b)* a thabhairt dó nó di (nó laistigh de cibé tréimhse is faide (más ann) a cheadóidh an Chúirt), iarratas a dhéanamh go hachomair, ar fhógra a thabhairt don choiste, chun na Cúirte ar ordacháin maidir leis an méid atá ráite san fhógra agóide.

(5) Faoi réir *alt 101*, i gcás go dtugann an t-agóideoir fógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)* don choiste, scoirfidh an coiste den ní is ábhar don fhógra agóide a fhiosrú tuilleadh, nó scoirfidh sé de bheith ag plé ar shlí eile leis an ní—

- (a) tráth nach luaithe ná 14 lá tar éis an fógra dá dtagraítear san *fho-alt* sin a thabhairt dó gan an t-iarratas lena mbaineann a bheith déanta ag an agóideoir chun na Cúirte, nó

(b) má dhéantar an t-iarratas—

- (i) go dtí go dtarraingeofar siar nó go dtréigfear an t-iarratas, nó

(ii) go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach ar an ní.

(6) Gan dochar do ghinearáltacht an ailt seo i leith nithe i ndáil le himeachtaí iomchuí a fhéadfaidh a bheith ina n-ábhar d'iarratais chun na Cúirte faoin alt seo ag an gcoiste nó ag agóideoirí, féadfaidh aon iarratas den sórt sin a bheith ag baint leis na nithe seo a leanas—

(a) díolúintí, pribhléidí nó dliteanais dá dtagraítear in *alt 18* nó *78*,

(b) an lánas atá i ndrúacht de thuarascáil iomchuí, nó an lánas atá i ndrúacht de chuid de thuarascáil iomchuí, arna tabhairt do dhuine faoi *alt 35*,

(c) ábharthacht fianaise nó doiciméad dá dtagraítear in *alt 70* nó *85* maidir le himeachtaí an choiste, nó

(d) an bhfuil nó nach bhfuil feidhm ag an toirmeasc in *alt 71(1)* maidir le hordachán arna thabhairt nó a bheartaítear a thabhairt faoi *alt 67(1)*.

(7) Cinnfidh an Chúirt iarratas faoin alt seo ar ordacháin trí cibé ordacháin a thabhairt is cóir agus is réasúnach léi sna himthosca.

95.—(1) I gcás go bhfuil an coiste den tuairim, sula gcríochnaítear tuarascáil iomchuí, go bhféadfaí a bheith ag súil, le réasún, go ndéanfadh foilsíú na tuarascála dochar d'aon imeachtaí coiriúla atá ar feitheamh nó ar siúl sa Stát nó d'aon imscrúdú coiriúil atá á sheoladh sa Stát an tráth sin, déanfaidh an coiste iarratas chun na Cúirte ar threoracha maidir le foilsíú na tuarascála.

Forálacha a bhfuil feidhm leo i gcás go mbeartaíonn coiste le rún go bhféadfaí dochar a dhéanamh d'imeachtaí coiriúla, etc. le foilsíú tuarascála iomchuí.

(2) Déanfaidh an Chúirt, roimh iarratas faoi *fho-alt (1)* i leith tuarascáil iomchuí a chinneadh, a ordú go dtabharfar fógra i scríbhinn do na daoine seo a leanas—

(a) an tArd-Aighne,

(b) an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí,

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

(c) Coimisinéir an Gharda Síochána, agus

(d) aon duine is cosantóir in imeachtaí coiriúla i ndáil le gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear sa tuarascáil nó a bhaineann leis an bhfiosrúchán agus dá dtagraítear sa tuarascáil.

(3) Féadfaidh an Chúirt, ar iarratas faoi *fho-alt (1)*—

(a) aighneachtaí, agus fianaise a thugtar, a ghlacadh ó aon duine nó thar ceann aon duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, agus

(b) an t-iarratas a éisteacht ar shlí seachas go poiblí más cuí leis an gCúirt déanamh amhlaidh.

(4) I gcás go measann an Chúirt, tar éis iarratas a éisteacht faoi *fho-alt (1)* i leith tuarascáil iomchuí, go bhféadfaí a bheith ag súil, le réasún, go ndéanfadh foilsíú na tuarascála dochar d'aon imeachtaí coiriúla, nó d'imscrúdú coiriúil, mar a shonraítear san *fho-alt* sin, féadfaidh sé a ordú nach bhfoilseofar an tuarascáil nó cuid shonraithe di—

(a) go dtí go mbeidh tréimhse shonraithe ama caite nó go dtí go dtarlóidh teagmhas sonraithe, nó

(b) go dtí go n-ordóidh an Chúirt a mhalairt.

Ról na Cúirte le linn costais dlí tríú páirtí a dhámhachtain faoi *ailt 48, 55, 57* agus *58*.

96.—(1) I gcás go mbeidh fógra i scríbhinn dá dtagraítear in *alt 48(1)* nó *(4)*, *57(1)* nó *58(1)* arna thabhairt do dhuine ag Coimisiún an Oireachtais, féadfaidh Coimisiún an Oireachtais, ar fhógra a thabhairt don duine, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar dhaingniú ar na forais atá leagtha amach san fhógra ar forais iad ar a gcreidtear an tuairim atá leagtha amach san fhógra.

(2) Féadfaidh an Chúirt, ar iarratas faoi *fho-alt (1)* ar ordú lena ndaingnítear na forais arna leagan amach i bhfógra dá dtagraítear san *fho-alt* sin do thuairim atá leagtha amach san fhógra—

(a) ordú a dhéanamh lena ndaingnítear na forais sin uile,

(b) ordú a dhéanamh lena ndaingnítear foras amháin nó níos mó de na forais sin ach ní na forais sin uile, nó

(c) diúltú ordú den sórt sin a dhéanamh.

(3) Aon ordachán faoi *alt 55(1)* nó *(2)* arna thabhairt ag Coimisiún an Oireachtais do dhuine chun caiteachais a íoc is caiteachais dá dtagraítear san alt sin, ní bheidh éifeacht leis go dtí go ndaingneofar é le hordú ón gCúirt ar iarratas ó Choimisiún an Oireachtais ar fhógra don duine sin.

(4) Féadfaidh an Chúirt, ar iarratas faoi *fho-alt (3)* ar ordú lena ndaingnítear ordachán ó Choimisiún an Oireachtais chun caiteachais a íoc le Coimisiún an Oireachtais nó le duine eile—

(a) ordú a dhéanamh lena ndaingnítear an t-ordachán fara modhnú nó gan mhodhnú, nó

(b) diúltú ordú den sórt sin a dhéanamh.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Níosanna*
Imeachta), 2013.

CD.9 A.96

(5) Maidir le duine dár tugadh fógra dá dtagraítear in *alt 48(8)(a)* nó *55(5)(a)* á rá—

- (a) go bhfuil beartaithe ag Coimisiún an Oireachtais gan aon gníomh a dhéanamh i leith na hiarrata lena mbaineann faoi *alt 48(4)* nó *55(2)*, de réir mar a bheidh, arna déanamh ag an duine, nó
- (b) go bhfuil beartaithe ag Coimisiún an Oireachtais beart a dhéanamh ar chuid de na forais, ach ní ar na forais uile, a bheidh sonraithe san iarraidh sin,

féadfaidh an duine, ar fhógra a thabhairt do Choimisiún an Oireachtais, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar threoracha i ndáil leis an ngníomh is cóir do Choimisiún an Oireachtais a dhéanamh i leith na hiarrata, nó leis na forais ar ar cóir do Choimisiún an Oireachtais gníomh a dhéanamh i leith na hiarrata, nó iad araon.

(6) Cinnfidh an Chúirt iarratas faoi *fho-alt (5)* trí cibé treoracha a thabhairt is cóir agus is réasúnach léi sna himthosca.

97.—Féadfaidh an Chúirt, ar iarratas ar mhodh achomair arna dhéanamh chuici ag duine dá dtagraítear in *alt 50* nó *59* a bhfuil fógra faoin iarratas arna thabhairt aige nó aici don duine a bheidh le muirearú agus dá dtagraítear san alt sin, a údarú go dtosófar imeachtaí chun costais a chúiteamh sula mbeidh 3 mhí caite tar éis an bille costas sínithe lena mbaineann, agus dá dtagraítear san alt sin, a sheachadadh.

Féadfaidh Cúirt *alt 50* nó *59* a chur ar ceal.

98.—(1) Féadfaidh breithneoir costas dlí parlaiminteach, cibé acu ar iarraidh a fháil ó pháirtí (lena n-áirítear Coimisiún an Oireachtais) in iarratas faoi *alt 51(1)* ar bhreithniú maidir le costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* (de réir bhrí *alt 42*) nó nach ea, nó ar iarraidh a fháil ó pháirtí i mbreithniú dá dtagraítear in *alt 57(3)* nó *58(3)*, ceist dlí a eascraíonn san iarratas nó sa bhreithniú, de réir mar a bheidh, a tharchur chuig an gCúirt chun tuairim na Cúirte a fháil.

Tarchur chuig an gCúirt i dtaca le costais dlí i ndáil le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* nó costais dlí bille phríobháidigh.

(2) I gcás go bhfuil ceist tarchurtha chuig an gCúirt faoi *fho-alt (1)* ag breithneoir costas dlí parlaiminteach, maidir leis an mbreithneoir costas dlí parlaiminteach sin nó aon chomharba ar an oifigeach sin—

- (a) ní dhéanfaidh sé nó sí cinneadh ar ceist iomchuí ina leith an cheist le linn don tarchur a bheith ar feitheamh, ná
- (b) ní rachaidh sé nó sí ar aghaidh ar mhodh, ná ní dhéanfaidh sé nó sí cinneadh, a bheidh ar neamhréir le tuairim na Cúirte ar an gceist.

99.—I gcás go mainníonn duine déanamh de réir ordachán faoi *alt 67(1)* nó *83(1)*, féadfaidh an Chúirt, ar iarratas chuici ar mhodh achomair chuige sin ag cathaoirleach an choiste lena mbaineann thar ceann an choiste agus ar fhógra a thabhairt don duine, a ordú don duine déanamh de réir an ordacháin.

Iarratas chun na Cúirte i gcás go mainníonn duine déanamh de réir ordachán faoi *alt 67(1)* nó *83(1)*.

100.—(1) Tá feidhm ag *fo-alt (2)* i gcás go dtugann coiste ordachán faoi *alt 67(1)* nó *83(1)* i ndáil le fianaise nó doiciméad agus—

Achomharc chun na Cúirte i gcoinne ordachán áirithe faoi *alt 67(1)* nó *83(1)*.

[*Uimh. 33.*] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna
Imeachta), 2013.

- (a) maidir leis an duine dá dtugtar é, go bhfuil sé nó sí den tuairim, dá dtabharfaí an fhianaise nó an doiciméad don choiste, go bhféadfaí a bheith ag súil, le réasún, go ndéanfadh sí nó sé dochar d'aon imeachtaí coiriúla atá ar feitheamh nó ar siúl sa Stát nó d'aon imscrúdú coiriúil atá á sheoladh sa Stát an tráth sin, agus go gcuireann an duine an méid sin in iúl don choiste, nó
- (b) maidir le haon duine is páirtí in aon imeachtaí coiriúla den sórt sin nó a bhfuil aon imscrúdú coiriúil den sórt sin á sheoladh aige nó aici, go bhfuil sé nó sí den tuairim, dá dtabharfaí an fhianaise nó an doiciméad don choiste, go bhféadfaí a bheith ag súil, le réasún, go ndéanfadh sí nó sé dochar do na himeachtaí nó don imscrúdú, de réir mar a bheidh, agus go gcuireann an duine an méid sin in iúl don choiste.

(2) I gcás go bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo, i gcás ordachán faoi *alt 67(1)* nó *83(1)* arna thabhairt ag coiste, agus maidir le duine dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b) d'fho-alt (1)*, ansin—

- (a) faoi réir *fho-alt (3)*, mura dtarraingíonn an coiste siar an t-ordachán, féadfaidh an duine, tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis don choiste a bhreith gan déanamh amhlaidh a chur in iúl dó nó di agus ar fhógra a thabhairt don choiste, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar mhodh achomair chun an cheist a chinneadh i dtaobh an bhfhéadfaí nó nach bhféadfaí, dá dtabharfaí an fhianaise nó an doiciméad don choiste, a bheith ag súil, le réasún, go mbeadh an éifeacht a shonraítear i *mír (c) d'alt 71(1)* nó i *mír (c) d'alt 86(1)*, de réir mar a bheidh, léi nó leis, nó go ndéanfadh sí nó sé dochar do na himeachtaí coiriúla nó don imscrúdú coiriúil lena mbaineann agus dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b) d'fho-alt (1)*,
- (b) faoi réir *alt 101*, má dhéantar iarratas den sórt sin, déanfaidh an coiste a chuid imeachtaí i ndáil leis an ní áirithe a chur ar athló—
- (i) go dtí go dtarraingeofar siar nó go dtréigfear an t-achomharc, nó
- (ii) go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach ar an gceist dá dtagraítear i *mír (a)*,

agus

- (c) má chinneann an Chúirt go bhféadfadh an éifeacht dá dtagraítear i *mír (a)* a bheith ag an bhfianaise nó an doiciméad, dá dtabharfaí don choiste í nó é, ar na himeachtaí coiriúla nó ar an imscrúdú coiriúil lena mbaineann, tarraingeoidh an coiste siar an t-ordachán.

(3) Féadfaidh an Chúirt an tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(a)* a fhadú, ar ina leith is ceadmhach iarratas dá dtagraítear san *fho-alt* sin a dhéanamh chuici, in aon chás inar deimhin léi go bhfuil cúis mhaith leordhóthanach leis an bhfadú.

101.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le duine—

Dífhéidhmíú *alt*
94(5)(a) nó *(b)* nó
100(2)(b), maidir le
coiste in imthosca
áirithe.

- (a) a bhfuil fógra i scríbhinn dá dtagraítear in *alt 94(4)(a)* arna thabhairt don choiste aige nó aici ach a mhainnigh an t-iarratas a shonraítear san fhógra a dhéanamh chun na Cúirte,
- (b) a rinne iarratas dá dtagraítear in *alt 94(4)(b)* chun na Cúirte ach atá tar éis an t-iarratas a tharraingt siar nó a thréigean, nó
- (c) a rinne iarratas dá dtagraítear in *alt 100(2)(a)* chun na Cúirte ach atá tar éis an t-iarratas a tharraingt siar nó a thréigean.

(2) I gcás go dtugann duine lena mbaineann an t-alt seo fógra garchosúil de chuid *alt 94(4)* don choiste, féadfaidh an coiste, ar fhógra a thabhairt don duine, iarratas ar mhodh achomair a dhéanamh chun na Cúirte ar ordú nach mbeidh feidhm ag *mír (a) d'alt 94(5)* maidir leis an gcoiste i gcás an fhógra sin.

(3) I gcás go ndéanann duine lena mbaineann an t-alt seo iarratas garchosúil de chuid *alt 94(4)* chun na Cúirte, féadfaidh an coiste, ar fhógra a thabhairt don duine, iarratas ar mhodh achomair a dhéanamh chun na Cúirte ar ordú nach mbeidh feidhm ag *mír (b) d'alt 94(5)* maidir leis an gcoiste i gcás an iarratais sin.

(4) I gcás go ndéanann duine lena mbaineann an t-alt seo iarratas garchosúil de chuid *alt 100(2)* chun na Cúirte, féadfaidh an coiste, ar fhógra a thabhairt don duine, iarratas ar mhodh achomair a dhéanamh chun na Cúirte ar ordú nach mbeidh feidhm ag *mír (b) d'alt 100(2)* maidir leis an gcoiste i gcás an iarratais sin.

(5) Féadfaidh an Chúirt, ar iarratas chuici faoi *fho-alt (2), (3)* nó *(4)*—

- (a) an t-ordú atá á iarraidh leis an iarratas a dhéanamh, nó
- (b) diúltú ordú den sórt sin a dhéanamh.

(6) San alt seo—

ciallaíonn “fógra garchosúil de chuid *alt 94(4)*”, i ndáil le duine lena mbaineann an t-alt seo, fógra i scríbhinn dá dtagraítear in *alt 94(4)* arna thabhairt ag an duine don choiste ar fógra é arb ionann é agus an fógra dá dtagraítear i *mír (a) d'fho-alt (1)* a thug an duine don choiste roimhe sin nó atá garchosúil leis an bhfógra sin;

ciallaíonn “iarratas garchosúil de chuid *alt 94(4)*”, i ndáil le duine lena mbaineann an t-alt seo, iarratas dá dtagraítear in *alt 94(4)* arna dhéanamh ag an duine chun na Cúirte ar iarratas é arb ionann é agus an t-iarratas dá dtagraítear i *mír (b) d'fho-alt (1)* a rinne an duine chun na Cúirte roimhe sin nó atá garchosúil leis an iarratas sin;

ciallaíonn “iarratas garchosúil de chuid *alt 100(2)*”, i ndáil le duine lena mbaineann an t-alt seo, iarratas dá dtagraítear in *alt 100(2)* arna dhéanamh ag an duine chun na Cúirte ar iarratas é arb ionann é agus an t-iarratas dá dtagraítear i *mír (c) d'fho-alt (1)* a rinne an duine chun na Cúirte roimhe sin nó atá garchosúil leis an iarratas sin.

Cd.9

[*Uimh. 33.*] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

Rogha na Cúirte
chun nithe áirithe a
éisteacht ar shlí
seachas go poiblí.

102.—Maidir le himeachtaí sa Chúirt faoin Acht seo, a mhéid a bhaineann siad—

- (a) le dréacht de thuarascáil iomchuí,
- (b) le tuarascáil iomchuí neamhfhoilsithe,
- (c) le hábhar rúnda a nochtadh nó gan é a nochtadh, nó
- (d) le *halt 100*,

féadfar iad a éisteacht ar shlí seachas go poiblí más deimhin leis an gCúirt gur cóir agus gur réasúnach déanamh amhlaidh.

Forálacha
d'fhorlíonadh *ailt 94*
go *102*.

103.—Féadfaidh an Chúirt, in aon ordachán, ordú, údarú nó tuairim a thabharfaidh nó a dhéanfaidh sí faoin gCuid seo, cibé orduithe gaolmhara a dhéanamh, cibé acu i leith an choiste nó daoine eile, is cóir agus is réasúnach léi sna himthosca agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, go háirithe chun a chinntiú go n-urramaítear nósanna imeachta córa i ndáil le finnéithe in imeachtaí iomchuí, nó i ndáil le daoine eile a ndéanann imeachtaí iomchuí difear dóibh.

CUID 10

PRIBHLÉID I NDÁIL LE PÁIPÉIR PHRÍOBHÁIDEACHA AGUS CUMARSÁIDÍ RÚNDA

Léiriú — *Cuid 10*.

104.—(1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn “cumarsáid rúnda”, i ndáil le comhalta, cumarsáid faisnéise (nach páipéar príobháideach), ar aon mhodh (cibé acu i scríbhinn nó nach ea), chuig an gcomhalta agus ón gcomhalta, i gcúrsa a cháile nó a cáile mar chomhalta, ar an tuiscint (cibé acu sainráite nó intuigthe) go bpléifí le foinse nó le lánas na cumarsáide, nó leo araon, ar mhodh rúin, agus folaíonn sé aon doiciméad lena bhfianaítear cumarsáid den sórt sin;

ciallaíonn “comhalta”, comhalta de Theach, agus folaíonn sé iarchomhalta den Teach ina cháil nó ina cáil mar iarchomhalta agus, mar a gceanglaíonn an comhthéacs é, comhalta éagtha den Teach;

ciallaíonn “oifig aireachta”, oifig mar Thaoiseach, mar Thánaiste, mar Aire nó mar Aire Stáit, agus forléireofar “Roinn nó Oifig” dá réir;

ciallaíonn “coiste de chuid Chuid 10”, i ndáil le Teach, an coiste arna cheapadh ag an Teach chun na feidhmeanna a thugtar do choistí de chuid *Chuid 10* leis an gCuid seo a chomhlíonadh;

ciallaíonn “páipéar príobháideach”, i ndáil le comhalta, cibé ceann díobh seo a leanas a bhfuil feidhm aige maidir leis an gcomhalta (seachas páipéar atá curtha isteach sa réimse poiblí go dleathach cheana féin):

- (a) i ndáil le comhalta nach sealbhóir oifige aireachta, aon pháipéar atá i seilbh nó faoi rialú an chomhalta i ndáil lena ról polaitiúil (lena n-áirítear ról páirtípholaitiúil) nó ina cháil nó ina cáil mar chomhalta;

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

Cd.10 A.104

- (b) i ndáil le comhalta is sealbhóir oifige aireachta, aon pháipéar atá i seilbh nó faoi rialú an chomhalta i ndáil lena ról polaitiúil (lena n-áirítear ról páirtípholaitiúil) nó ina cháil nó ina cáil mar chomhalta, ach ní fholáíonn sé aon pháipéar (cibé acu atá nó nach bhfuil sé á shealbhú ag a Roinn nó a Oifig nó a hOifig, ag an gcomhalta, nó ag an aon chomhairleoir speisialta ina Roinn nó ina Oifig nó ina hOifig) a bhaineann le feidhmeanna an chomhalta féin i ndáil lena oifig aireachta nó lena hoifig aireachta;
- (c) i ndáil le comhalta arb é nó í an tArd-Aighne é nó í, aon pháipéar atá i seilbh nó faoi rialú an chomhalta i ndáil lena ról polaitiúil (lena n-áirítear ról páirtípholaitiúil) nó ina cháil nó ina cáil mar chomhalta, ach ní fholáíonn sé aon pháipéar (cibé acu atá nó nach bhfuil sé á shealbhú ag a Oifig nó ag a hOifig, ag an gcomhalta, nó ag aon chomhairleoir speisialta) a bhaineann le feidhmeanna an chomhalta féin i ndáil le hoifig an Ard-Aighne;

ciallaíonn “comhairleoir speisialta” comhairleoir speisialta de réir bhrí alt 11 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.

(2) Ní fhorléireofar aon ní sa Chuid seo mar ní lena ndéantar dochar do chumhacht gach Tí rialacha agus buanorduithe a dhéanamh de bhun Airteagal 15.10 den Bhunrecht chun cosaint a chruthú le haghaidh páipéir phríobháideacha dá dtagraítear san Airteagal sin (agus is cuma an gcomhchlúdaíonn an míniú ar “páipéar príobháideach” dá bhforáiltear sna rialacha agus sna buanorduithe sin, go hiomlán nó go páirteach, an míniú ar “páipéar príobháideach” sa Chuid seo).

(3) Maidir le duine do dhearbhu príobhléid arna cruthú faoin gCuid seo i leith doiciméid, ní cosc é sin ar an duine do dhearbhu aon phríobhléid nó cosaint eile i leith an doiciméid.

105.—(1) Ní bheidh rochtain ag duine ar pháipéar príobháideach de chuid comhalta, ná ní cheanglóidh duine nochtadh ar an gcéanna, ach amháin— Cumarsáidí cosanta de chuid comhalta.

- (a) le toiliú i scríbhinn ón gcomhalta, nó
- (b) faoi réir *fho-alt (2)*, i gcás go gcinnfidh an Chúirt, ar iarratas arna dhéanamh chuici faoin alt seo, an rochtain nó an nochtadh, de réir mar a bheidh, a bheith iomchuí maidir le haon chion a líomhnaítear i gcoinne an chomhalta a imscrúdú, nó a bheith bunriachtanach, de bhua leas poiblí sáraitheach a eascraíonn i gcomhthéacs imeachtaí os comhair cúirte, binse, coimisiúin nó fiosrúcháin de chuid *Chuid 2*.

(2) Le linn don Chúirt a chinneadh faoi *mhír (b) d’fho-alt (1)* an cóir nó nach cóir di ordú a dhéanamh lena ndéantar foráil maidir le rochtain ar pháipéar príobháideach de chuid comhalta, nó maidir lena nochtadh, beidh aird aici ar na nithe seo a leanas—

- (a) a mhéid a bhaineann an páipéar le ní a mbaineann tábhacht phoiblí leis nó a bhaineann le leas an phobail,
- (b) cearta agus leasanna aon chomhalta dá ndéantar difear,

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

- (c) cearta agus leasanna aon duine eile a sholáthair faisnéis don chomhalta,
 - (d) cearta agus leasanna aon duine eile lena mbaineann an páipéar,
 - (e) leas an phobail maidir le céannacht daoine a dhéanann cumarsáid le comhaltaí a choimeád faoi rún,
 - (f) leas an phobail maidir leis an lánas atá i bpáipéir phríobháideacha a choimeád faoi rún, agus
 - (g) aon imthosca eile is iomchuí leis an gCúirt.
- (3) Ní cheanglóidh duine cumarsáid faoi rún a nochtadh ach amháin—
- (a) le toiliú i scríbhinn ón gcomhalta a rinne nó a fuair an chumarsáid, nó
 - (b) faoi réir *fho-alt (4)*, i gcás go gcinnfidh an Chúirt, ar iarratas arna dhéanamh chuici faoin alt seo, an nochtadh a bheith iomchuí maidir le haon chion a líomhnaítear i gcoinne an chomhalta a imscrúdú, nó a bheith bunriachtanach de bhua leas poiblí sáraitheach a eascraíonn i gcomhthéacs imeachtaí os comhair cúirte, binse, coimisiúin nó fiosrúchán de chuid *Chuid 2*.
- (4) Le linn don Chúirt a chinneadh faoi *mhír (b) d'fho-alt (3)* an cóir nó nach cóir di ordú a dhéanamh lena ndéantar foráil maidir le cumarsáid faoi rún arna déanamh ag comhalta nó chuig comhalta a nochtadh, beidh aird aici ar na nithe seo a leanas—
- (a) a mhéid a bhaineann an chumarsáid le ní a mbaineann tábhacht phoiblí leis nó a bhaineann le leas an phobail,
 - (b) cearta agus leasanna aon chomhalta dá ndéantar difear,
 - (c) cearta agus leasanna aon duine eile a sholáthair faisnéis don chomhalta,
 - (d) cearta agus leasanna aon duine eile lena mbaineann an chumarsáid,
 - (e) leas an phobail maidir le céannacht daoine a dhéanann cumarsáid le comhaltaí a choimeád faoi rún,
 - (f) leas an phobail maidir leis an lánas atá i gcumarsáidí faoi rún a choimeád faoi rún, agus
 - (g) aon imthosca eile is iomchuí leis an gCúirt.
- (5) I gcás go n-ordóidh an Chúirt, faoin alt seo, go mbeidh rochtain ar pháipéar príobháideach nó ar chumarsáid faoi rún nó go nochtfar an céanna, cinnfidh sí téarmaí agus méid na rochtana nó an nochtana sin, de réir mar a bheidh.
- (6) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 107*, féadfaidh comhalta toiliú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* nó *(3)(a)* a thabhairt gan toiliú ó Theach, ó choiste nó ó aon duine eile.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.10 A.105

(7) Déanfar foráil le rialacha cúirte maidir leis an modh ar a ndéanfar iarratas chun na Cúirte faoin alt seo.

106.—Aon duine a rinne cumarsáid le comhalta agus atá i dteideal thairis sin de réir dlí a nochtadh go ndearnadh an chumarsáid nó lánas na cumarsáide a nochtadh, ní choisctear le haon ní sa Chuid seo air nó uirthi déanamh amhlaidh, is cuma ar thug nó nár thug an duine le fios don chomhalta an tráth a rinneadh an chumarsáid go bpléifí le foinsé nó le lánas na cumarsáide mar ní faoi rún.

Cumarsáid a nochtadh.

107.—(1) Aon chomhalta a bhfuil doiciméad ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú, féadfaidh sé nó sí aon tráth iarratas a dhéanamh chun an choiste de chuid *Chuid 10* ar chinneadh i dtaobh an páipéar príobháideach nó cumarsáid faoi rún an doiciméad.

An ní is páipéar príobháideach nó cumarsáid faoi rún ann a chinneadh.

(2) Féadfaidh an coiste de chuid *Chuid 10*, d'fhonn cinneadh faoi *fho-alt (1)* a dhéanamh i dtaobh an páipéar príobháideach nó cumarsáid faoi rún é doiciméad dá dtagraítear san *fho-alt* sin—

- (a) na cumhachtaí a fheidhmiú a thugtar do choiste dar tugadh, faoi rialacha agus buanorduithe an Tí, an ceart chun fios a chur ar dhaoine, páipéir agus taifid, nó
- (b) más rud é, tar éis réamhbhreithniú ar an ní, go measann an coiste nach gá sna himthosca na cumhachtaí sin a fheidhmiú—
 - (i) aon doiciméad iomchuí a scrúdú (lena n-áirítear tuarascáil arna hullmhú faoi *fhomhír (iii)*),
 - (ii) breithniú a dhéanamh ar ráiteas i scríbhinn ón gcomhalta lena mbaineann agus ó aon duine eile i ndáil leis na himthosca ba bhun leis an doiciméad nó thairis sin i ndáil leis na forais le haghaidh éileamh (más ann) gur páipéar príobháideach nó cumarsáid faoi rún an doiciméad, agus
 - (iii) duine a cheapadh ar deimhin leis an gcoiste go bhfuil cáilíochtaí cuí aige nó aici, agus go bhfuil aige nó aici an leibhéal taithí, agus neamhspleáchas ó aon leas atá le cinneadh idir na páirtithe lena mbaineann—
 - (I) chun an fhaisnéis a scrúdú, agus
 - (II) chun tuarascáil a ullmhú don choiste d'fhonn cabhrú leis an gcoiste an cinneadh a dhéanamh nó an céanna a éascú dó.

(3) Déanfaidh an coiste de chuid *Chuid 10* na bearta go léir is gá chun rúndacht an doiciméid lena mbaineann a chosaint agus rúndacht a chuid imeachtaí faoin alt seo a chaomhnú.

(4) Ní ceadmhach cinneadh ón gcoiste de chuid *Chuid 10* faoin alt seo a athbhreithniú ach amháin ar mhodh athbhreithniú breithiúnach, ar iarratas arna dhéanamh chun na Cúirte laistigh de 14 lá tar éis an dáta a chuirfear an cinneadh in iúl don pháirtí arb éagóir leis nó léi an cinneadh.

Cd.10	<p>[<i>Uimh. 33.</i>] <i>An tAcht um Thithe an Oireachtais</i> [2013.] (<i>Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta</i>), 2013.</p>
Treoirlínte.	<p>108.—Féadfaidh Teach treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint chun críocha na Coda seo ina ndéanfar foráil chun treoir phraiticiúil a thabhairt dá chomhaltaí, lena n-áirítear prótacail a leanfar maidir le doiciméad a chothabháil mar pháipéar príobháideach nó mar chumarsáid faoi rún.</p>
Iarchomhalta nó comhalta éagtha den Teach.	<p>109.—(1) Beidh feidhm ag <i>fo-ailt (1)(a)</i> agus <i>(3)(a) d’alt 105</i> maidir le hiarchomhalta nach bhfuil éagtha amhail is dá mba thagairtí do “iarchomhalta” na tagairtí sna fo-ailt sin do “comhalta”.</p> <p>(2) Beidh feidhm ag <i>fo-ailt (1)(a)</i> agus <i>(3)(a) d’alt 105</i> maidir le hiarchomhalta atá éagtha amhail is dá mba thagairtí do “coiste de chuid <i>Chuid 10</i>” na tagairtí sna fo-ailt sin do “comhalta”.</p>
Páipéar príobháideach a nochtadh ar mhodh fhianaise.	<p>110.—Ní cheanglófar ar aon duine aon cheist a fhreagairt a nochtadh, nó ar dóigh go nochtadh sí, an lánas atá i bpáipéar príobháideach de chuid comhalta, cibé acu is roimh an teagmhas nó an ní is ábhar don cheist nó dá héis nó dá éis a cruthaíodh é, is páipéar príobháideach a mbeadh a nochtadh contrártha don Chuid seo, ach amháin a mhéid is gá chun a chumasú don choiste de chuid <i>Chuid 10</i> cinneadh a dhéanamh faoi <i>alt 107</i>.</p>
Cionta — <i>Cuid 10</i> .	<p>111.—(1) Más rud é, maidir le páipéar príobháideach de chuid comhalta, go ndéanann duine seachas an comhalta é a nochtadh go feasach nó go meargánta agus nach bhfuil an nochtadh sin údaraithe le foráil den Chuid seo, tá an duine ciontach i gcion.</p> <p>(2) Más rud é, maidir le cumarsáid faoi rún, go ndéanann duine seachas an comhalta a rinne nó a fuair an chumarsáid, nó an duine a rinne an chumarsáid leis an gcomhalta, í a nochtadh go feasach nó go meargánta, tá an duine céadluaite ciontach i gcion.</p> <p>(3) I gcás—</p> <p>(a) go nochtfaidh duine páipéar príobháideach de chuid comhalta de shárú ar <i>fho-alt (1)</i>, nó</p> <p>(b) go nochtfaidh duine cumarsáid faoi rún de shárú ar <i>fho-alt (2)</i>,</p> <p>aon duine eile a fhoilsíonn an páipéar príobháideach nó an chumarsáid faoi rún, de réir mar a bheidh, tá sé nó sí ciontach i gcion, is cuma conas a fuair sé nó sí an páipéar príobháideach nó an chumarsáid faoi rún, nó an lánas atá sa pháipéar phríobháideach nó sa chumarsáid faoi rún, de réir mar a bheidh.</p> <p>(4) Aon duine atá ciontach i gcion faoi <i>fho-alt (1)</i>, <i>(2)</i> nó <i>(3)</i>—</p> <p>(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, dlitear fíneáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó</p> <p>(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, dlitear fíneáil nach mó ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.</p>

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Níosanna*
Imeachta), 2013.

CUID 11

PRIBHLÉID I NDÁIL LE DOICIMÉID OIFIGIÚLA

112.—(1) Sa Chuid seo—

Léiriú — *Cuid 11.*

ciallaíonn “doiciméad oifigiúil”, i ndáil le Teach, doiciméad nár cuireadh isteach sa réimse poiblí go dleathach agus atá ainmnithe mar dhoiciméad oifigiúil ag an Teach nó thar a cheann de réir ordacháin faoi *alt 113* arna n-eisiúint—

- (a) i gcás doiciméad atá á shealbhú ag Dáil Éireann, ag an gcoiste de chuid *Chuid 11*,
- (b) i gcás doiciméad atá á shealbhú ag Seanad Éireann, ag an gcoiste de chuid *Chuid 11*,
- (c) i gcás doiciméad atá á shealbhú ag an dá Theach, ag an dá choiste de chuid *Chuid 11*;

ciallaíonn “coiste de chuid *Chuid 11*, i ndáil le Teach, an coiste arna cheapadh ag an Teach chun na feidhmeanna a thugtar do choistí de chuid *Chuid 11* leis an gCuid seo a chomhlíonadh.

(2) Ní fhorléireofar aon ní sa Chuid seo mar ní lena ndéantar dochar do chumhacht gach Tí rialacha agus buanorduithe a dhéanamh de bhun Airteagal 15.10 den Bhunreacht chun cosaint a chruthú le haghaidh doiciméid oifigiúla dá dtagraítear san Airteagal sin (agus is cuma an gcomhchlúdaíonn an míniú ar “doiciméad oifigiúil” dá bhforáiltear sna rialacha agus sna buanorduithe sin, go hiomlán nó go páirteach, an míniú ar “doiciméad oifigiúil” sa Chuid seo).

(3) Maidir le duine do dhearbhu pribhléid arna cruthú faoin gCuid seo i leith doiciméid, ní cosc é sin ar an duine do dhearbhu aon phribhléid nó cosaint eile i leith an doiciméid.

113.—(1) Féadfaidh an coiste de chuid *Chuid 11* ordacháin a eisiúint faoin alt seo ina sonrú na hearnálacha doiciméad (seachas doiciméid a bhaineann le teidlíochtaí airgeadais comhaltaí, lena n-áirítear caiteachais, nó doiciméid de chuid Choimisiún an Oireachtais) atá le bheith ina ndoiciméid oifigiúla. Ordacháin maidir le doiciméid oifigiúla.

(2) Le linn dó ordacháin a eisiúint faoin alt seo, beidh aird ag an gcoiste de chuid *Chuid 11* ar na nithe seo a leanas—

- (a) an gá atá ann seoladh éifeachtúil ghnó an Tí a chosaint,
- (b) an gá atá le trédhearcacht uasta i ndáil le himeachtaí an Tí agus le páipéir a mbaineann leas poiblí suntasach leo agus atá á sealbhú ag an Teach,
- (c) maidir leis na hearnálacha de dhoiciméid oifigiúla is gá a chosaint, an gá atá ann go mbeidh mar theorainn leo na doiciméid oifigiúla sin a ndéanfaí damáiste d’obair an Tí nó a chomhaltaí, nó d’obair an Tí agus a chomhaltaí araon, dá nochtfaí gan údarú iad, agus
- (d) aon nithe eile is iomchuí leis an gcoiste.

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

Srian le rochtain
gan údarú ar
dhoiciméid oifigiúla.

114.—(1) Ní bheidh rochtain ag duine ar dhoiciméad oifigiúil de chuid Tí, ná ní cheanglóidh duine nochtadh ar an gcéanna, ach amháin—

(a) le toiliú i scríbhinn arna thabhairt de réir na rialacha agus na mbuanorduithe, nó

(b) faoi réir *fho-alt (2)*, i gcás go gcinntídh an Chúirt, ar iarratas arna dhéanamh chuici faoin alt seo, an rochtain nó an nochtadh, de réir mar a bheidh, a bheith iomchuí maidir le haon chion a líomhnaítear i gcoinne comhalta a imscrúdú, nó a bheith bunriachtanach, de bhua leas poiblí sáraitheach a eascraíonn i gcomhthéacs imeachtaí os comhair cúirte, binse, coimisiúin nó fiosrúchán de chuid *Chuid 2*.

(2) Le linn don Chúirt a chinneadh faoi *mhír (b) d'fho-alt (1)* an cóir nó nach cóir di ordú a dhéanamh lena ndéantar foráil maidir le rochtain ar dhoiciméad oifigiúil nó maidir lena nochtadh, beidh aird aici ar na nithe seo a leanas—

(a) a mhéid a bhaineann an doiciméad le ní a mbaineann tábhacht phoiblí leis nó a bhaineann le leas an phobail,

(b) cearta agus leasanna aon duine dá ndéantar difear,

(c) cearta agus leasanna aon duine eile a sholáthair faisnéis don Teach,

(d) cearta agus leasanna aon duine eile lena mbaineann an doiciméad,

(e) leas an phobail maidir le céannacht daoine a dhéanann cumarsáid leis an Teach a choimeád faoi rún,

(f) leas an phobail maidir leis an lánas atá i ndoiciméid oifigiúla a choimeád faoi rún, agus

(g) aon imthosca eile is iomchuí leis an gCúirt.

(3) I gcás go n-ordóidh an Chúirt, faoin alt seo, rochtain ar dhoiciméad oifigiúil nó go nochtfar an céanna, cinntídh sí téarmaí agus méid na rochtana nó an nochtadh sin, de réir mar a bheidh.

(4) I gcás go mbeidh breithniú á dhéanamh ag an Teach i dtaobh toiliú faoi *fho-alt (1)(a)* le rochtain ar dhoiciméad oifigiúil, nó leis an gcéanna a nochtadh, beidh aird aige—

(a) ar a mhéid a bhaineann an doiciméad le ní a mbaineann tábhacht phoiblí leis nó a bhaineann le leas an phobail,

(b) ar chearta agus leasanna aon duine dá ndéantar difear, agus

(c) ar aon imthosca eile is cuí leis an Teach.

(5) Déanfar foráil le rialacha cúirte maidir leis an modh ar a bhféadfar iarratas a dhéanamh chun na Cúirte faoin alt seo.

Doiciméad oifigiúil
a nochtadh ar
mhodh fianaise.

115.—Ní cheanglófar ar aon duine aon cheist a fhreagairt a nochtadh, nó ar dóigh go nochtadh sí, an lánas atá i ndoiciméad oifigiúil, cibé acu is roimh an teagmhas nó an ní is ábhar don cheist

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

Cd.11 A.115

nó dá héis nó dá éis a cruthaíodh é, is doiciméad a mbeadh a nochtadh contrártha don Chuid seo, ach amháin a mhéid is gá chun a chumasú don choiste de chuid *Chuid 11* ordacháin a eisiúint faoi *alt 113*.

116.—(1) Más rud é, maidir le doiciméad oifigiúil de chuid Tí, go ndéanann duine seachas comhalta é a nochtadh go feasach nó go meargánta agus nach bhfuil an nochtadh sin údaraithe le foráil den Chuid seo, tá an duine ciontach i gcion.

Cionta — *Cuid 11*.

(2) Más rud é, maidir le doiciméad oifigiúil de chuid Tí, go ndéanann duine é a nochtadh de shárú ar *fho-alt (1)*, tá aon duine eile a fhoilsíonn an doiciméad ciontach i gcion, is cuma conas a fuair sé nó sí an doiciméad nó an lánas atá sa doiciméad.

(3) Aon duine atá ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)* nó (2)—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, dlitear fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, dlitear fíneáil nach mó ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

CUID 12

FIANAISE FAOI MHIONN

117.—(1) Féadfaidh Teach nó coiste finnétithe a cheistiú chun críocha aon cheann dá fheidhmeanna, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, gan dochar do ghinearálacht an mhéid sin roimhe seo—

Cumhacht chun finnétithe a cheistiú agus a chur faoi mhionn.

- (a) a fheidhmeanna faoin Acht seo,
- (b) a bhreithniú ar Bhille (lena n-áirítear bille príobháideach), agus
- (c) aon fheidhm eile ar dóigh leis an Teach nó leis an gcoiste, de réir mar a bheidh, gur cuí finné a cheistiú ina leith.

(2) Féadfaidh Teach nó coiste finné a cheistítear os comhair an Tí nó an choiste, de réir mar a bheidh, a chur faoi mhionn.

(3) Féadfaidh na daoine seo a leanas duine a chur faoi mhionn dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*—

- (a) i gcás duine a bheidh le ceistiú os comhair Dháil Éireann, an Ceann Comhairle nó Cléireach Dháil Éireann nó duine a bheidh údaraithe i scríbhinn ag an gCeann Comhairle nó ag Cléireach Dháil Éireann chun déanamh amhlaidh,
- (b) i gcás duine a bheidh le ceistú ag Seanad Éireann, an Cathaoirleach nó Cléireach Sheanad Éireann nó duine a bheidh údaraithe i scríbhinn ag Cathaoirleach nó Cléireach Sheanad Éireann chun déanamh amhlaidh,

Cd.12 A.117 [Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

- (c) i gcás duine a bheidh le ceistú ag an dá Theach ag gníomhú i gcomhar dóibh, an Ceann Comhairle, Cléireach Dháil Éireann, Cathaoirleach nó Cléireach Sheanad Éireann nó duine a bheidh údaraithe i scríbhinn ag an gCeann Comhairle, ag Cléireach Dháil Éireann, ag Cathaoirleach nó ag Cléireach Sheanad Éireann chun déanamh amhlaidh,
- (d) i gcás coiste, cathaoirleach an choiste nó cléireach an choiste nó duine a bheidh údaraithe i scríbhinn ag an gcathaoirleach nó ag an gcléireach chun déanamh amhlaidh, nó
- (e) aon duine a bheidh údaraithe le rialacha agus le buanorduithe chun déanamh amhlaidh i gcás is infheidhme agus dá dtagraítear i *mír* (a), (b), (c) nó (d).

Cumhacht chun fianaise faoi mhionn a éileamh. **118.**—Maidir le finné os comhair coiste, féadfaidh an coiste a cheangal air nó uirthi a chuid fianaise nó a cuid fianaise don choiste a thabhairt faoi mhionn.

Cionta — *Cuid 12.* **119.**—(1) Aon duine a cuireadh faoi mhionn dá dtagraítear in *alt 117(2)* agus, le linn dó nó di a bheith faoin mionn sin, a thugann fianaise go feasach nó go meargánta atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, agus an Teach nó an coiste lena mbaineann á cheistiú nó á cheistiú, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Maidir le haon duine atá ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)*—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, dlitear fíneáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, dlitear fíneáil nach mó ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

CUID 13

DOICIMÉID A LEAGAN

Míniú ar “reacht”. **120.**—Sa Chuid seo, ciallaíonn “reacht” (seachas i *mír* (b) den mhíniú ar “ionstraim lena mbaineann an t-alt seo” in *alt 122(2)*)—

- (a) Acht den Oireachtas,
- (b) Acht d’Oireachtas Shaorstát Éireann, nó
- (c) Acht arna choinneáil le haon Sceideal, agus dá dtagraítear in aon Sceideal—
 - (i) a ghabhann leis an Acht um Athchóiriú an Dlí Reachtuil, 2007,
 - (ii) a ghabhann leis an Acht um Athchóiriú an Dlí Reachtuil, 2009, nó

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.13 A.120

(iii) a ghabhann leis an Acht um Athchóiriú an Dlí
Reachtúil, 2012,

seachas aon Acht den sórt sin a aisghaireadh i ndiaidh na coinneála
sin.

121.—Déanfar tagairt in aon reacht do dhoiciméad a leagan faoi
bhráid Tí a fhorléiriú—

An nós imeachta
chun doiciméid a
leagan.

- (a) má shonraítear i rialacha agus i mbuanorduithe an Tí, a
bheidh i bhfeidhm de thuras na huair, gurb é an gníomh
atá le déanamh an doiciméad a leagan faoi bhráid an Tí,
mar thagairt don ghníomh sin a dhéanamh, agus
- (b) mura sonraítear amhlaidh sna rialacha agus sna
buanorduithe sin, mar thagairt do cibé gníomh a
dhéanamh a nglactar leis, de bhua chleachtas an Tí de
thuras na huair, gurb é leagan an doiciméid faoi bhráid
an Tí é.

122.—(1) I gcás, de réir foráil in aon reacht (cibé acu a ritheadh
é roimh thosach feidhme an ailt seo nó dá éis)—

Tréimhse fosta
maidir le doiciméid
áirithe a leagan faoi
bhráid Tí.

- (a) nach bhféadfaidh ionstraim lena mbaineann an t-alt seo
teacht i bhfeidhm nó nach bhféadfaidh sí éifeacht a
ghlacadh laistigh de thréimhse tar éis an ionstraim a
leagan faoi bhráid Tí, ar thréimhse í nach sonraítear ina
laethanta suí,
- (b) nach bhféadfar ionstraim bheartaithe lena mbaineann an
t-alt seo a dhéanamh, a eisiúint, a dheonú ná a thabhairt
laistigh de thréimhse tar éis dréacht den ionstraim a
leagan faoi bhráid Tí, ar thréimhse í nach sonraítear ina
laethanta suí, nó
- (c) go bhféadfar ionstraim lena mbaineann an t-alt seo, nó
dréacht d'ionstraim bheartaithe den sórt sin, a neamhniú
nó a dhícheadú, nó go bhféadfar neamhaontú léi nó a
thabhairt, ina leith, nach mbeidh aon fheidhm aici nó
nach dtionscnófar aon imeachtaí eile fúithi, go hiomlán
nó go páirteach trí ghníomh, nó de dhroim gnímh, ag
Teach laistigh de thréimhse tar éis an ionstraim nó an
dréacht a leagan faoi bhráid an Tí, ar thréimhse í nach
sonraítear ina laethanta suí,

ansin, in aon chás ar tar éis thosach feidhme an ailt seo a dhéanfar
an leagan faoi bhráid an Tí, measfar, dá mba rud é, murach an fo-alt
seo, go rachadh sí in éag níos luaithe, an thréimhse gan bheith tar éis
dul in éag sula mbeidh na seachtainí iomchuí dul in éag.

(2) San alt seo—

ciallaíonn “ionstraim lena mbaineann an t-alt seo”—

- (a) aon ordú, rialachán, riail, scéim, fodhlí, barántas,
ceadúnas, cead, deimhniú, ordachán nó aon doiciméad
eile dá samhail, nó
- (b) aon reacht chun ollscoil nó comhcholaíste d'ollscoil a rialú,

[*Uimh. 33.*] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

ar le reacht nó faoi reacht a thugtar ina leith an chumhacht nó an t-údarás faoina bhféadfar í a dhéanamh, a eisiúint, a dheonú nó a thabhairt;

ciallaíonn “seachtainí iomchuí” na seachtainí seo a leanas:

(a) (i) i gcás go dtarlóidh, sa tseachtain ina ndéanfar an leagan faoi bhráid an Tí, go suífidh an Teach aon lá níos déanaí ná an lá a dhéanfar an leagan faoina bhráid, an tseachtain ina ndéanfar an leagan faoi bhráid an Tí, nó

(ii) in aon chás eile, an chéad seachtain, tar éis na seachtaine ina ndéanfar an leagan faoi bhráid an Tí, ina suífidh an Teach,

(b) an chéad seachtain, tar éis na seachtaine a shonraítear i *mír (a)*, ina suífidh an Teach,

(c) an chéad seachtain, tar éis na seachtaine a shonraítear i *mír (b)*, ina suífidh an Teach,

(d) an chéad seachtain, tar éis na seachtaine a shonraítear i *mír (c)*, ina suífidh an Teach,

(3) D’ainneoin *alt 5*, leanfaidh an tAcht um Thithe an Oireachtais (Doiciméid a Leagan faoina mBráid), 1966 d’fheidhm a bheith aige maidir le hionstraimí arna leagan faoi bhráid Tí go dtí tosach feidhme *fho-ailt (1)* agus (2).

CUID 14

ILGHNÉITHEACH

Cionta ag
comhlachtaí
chorpraithe.

123.—(1) I gcás go ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion faoin Acht seo agus go gcruthófar go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí thoiliúil ar thaobh duine arbh éard é nó í stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe nó duine a d’airbheartaigh a bheith ag gníomhú sa cháiil sin, beidh an duine sin, i dteannta an chomhlachta chorpraithe, ciontach i gcion agus féadfar imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(2) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna bainistíochta nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

Imeachtaí sa Chúirt,
etc.

124.—(1) Déanfaidh an Chúirt cibé tosaíocht is féidir léi, le réasún, ag féachaint do na himthosca go léir, a thabhairt d’imeachtaí sa Chúirt sin faoin Acht seo a chur de láimh.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, déanfar iarratas chun na Cúirte i ndáil le haon imeachtaí iomchuí (lena n-áirítear iarratas i ndáil le hathbhreithniú breithiúnach), nach iarratas chun na Cúirte dá dtagraítear i *gCuid 9*, tráth nach déanaí ná 14 lá i ndiaidh an dáta

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.14 A.124

arb eol, nó ar chóir, le réasún, gurbh eol, don iarratasóir an ní is ábhar don iarratas.

(3) Féadfaidh an Chúirt an tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt* (2) a fhadú, ar ina leith is ceadmhach iarratas dá dtagraítear san fho-alt sin a dhéanamh chuici, in aon chás inar deimhin léi go bhfuil cúis mhaith leordhóthanach leis an bhfadú.

(4) (a) In aon imeachtaí iomchuí, seachas iarratas faoi *Chuid 9*, ní dheonóidh an Chúirt bac (seachas bac ar fhógra chun an choiste) ar na himeachtaí sin más deimhin leis an gCúirt go bhféadfadh an t-iarratasóir lena mbaineann an bac atá á lorg a fháil ar mhodh imeachtaí faoin gCuid sin.

(b) Mura deimhin leis an gCúirt amhlaidh, féadfaidh an Chúirt bac *ex parte* a chur ar na himeachtaí sin ach sin amháin—

(i) i gcás gur deimhin léi go bhfuil sé bunriachtanach ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh, agus

(ii) ar feadh cibé tréimhse, nach faide ná 3 lá, is gá chun fógra a thabhairt don choiste maidir le hiarratas ar an mbac *ex parte* a fhadú.

125.—(1) Ní ceadmhach ionchúiseamh mar gheall ar chion faoin Acht seo a thionscnamh ach amháin ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó le toiliú i scríbhinn ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Ionchúisimh.

(2) Féadfaidh Coimisiún an Oireachtais, ag gníomhú dó le toiliú i scríbhinn ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, ionchúiseamh a dhéanamh i leith cion achomair faoin Acht seo.

126.—(1) Maidir le fiosrúchán de chuid *Chuid 2* nó gnó eile coiste a scor, nó maidir le lánscor Dháil Éireann nó an choiste, nó maidir le holltoghchán le haghaidh Sheanad Éireann tar éis lánscor Dháil Éireann, ní fhágfaidh sé sin as féin— Ní thitfidh imeachtaí dlí ar lár ar fhiosrúchán, etc. a scor.

(a) go scoirfear d'aon imeachtaí coiriúla nó eile a bhaineann leis an bhfiosrúchán nó le gnó eile coiste, nó leis an Teach nó leis an gCoiste, ná go dtitfidh siad ar lár ar shlí eile, ar imeachtaí iad atá ar feitheamh nó ar siúl,

(b) go gcoiscfear ar shlí eile ionchúiseamh ciona a rinneadh roimh an scor, an lánscor nó an toghchán sin, de réir mar a bheidh.

(2) Nuair nach féidir leis an gcoiste nó leis an Teach gníomhú mar gheall ar scor, lánscor nó olltoghchán dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1), gníomhóidh Coimisiún an Oireachtais thar ceann an choiste nó an Tí, de réir mar a bheidh, i leith imeachtaí dá dtagraítear i *mír* (a) den fho-alt sin nó i leith ionchúiseamh dá dtagraítear i *mír* (b) den fho-alt sin.

127.—(1) Gan dochar don díolúine maidir le doiciméid oifigiúla agus páipéir phríobháideacha, ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 maidir le taifead a bhaineann le fiosrúchán de chuid *Chuid 2*, nó gnó eile coiste, mura rud é— Srian leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.

- Cd.14 A.127 [Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta*), 2013.
- (a) gur cruthaíodh an taifead roimh thús an fhiosrúcháin nó an ghnó eile choiste, de réir mar a bheidh, nó
- (b) go mbaineann an taifead le caiteachais an choiste nó le nithe eile a bhaineann le riarachán ginearálta an choiste.
- (2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)*, gan beann ar an taifead lena mbaineann a bheith á shealbhú—
- (a) ag an gcoiste,
- (b) ag Coimisiún an Oireachtais,
- (c) ag binse nó coimisiún, tar éis an taifead a chur ar fáil dó faoi *alt 29(3)*, nó
- (d) ag aon Teach nó aon choiste eile, tar éis an taifead a aistriú chuige ar dhíscaoileadh binse nó coimisiún ar cuireadh an taifead ar fáil dó faoi *alt 29(3)*.
- (3) San alt seo, tá le “taifead” an bhrí chéanna atá leis sna hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.
- Leasú ar an *Witnesses (Public Inquiries) Protection Act, 1892.* **128.**—Leasaítear an *Witnesses (Public Inquiries) Protection Act, 1892*—
- (a) in alt 1, trí “under the authority of any Royal Commission or by any committee of either House of Parliament, or” a scriosadh, agus
- (b) in alt 7, trí “any power or privilege possessed by either House of Parliament, or” a scriosadh.
- Leasú ar alt 21 d’Acht na gCuideachtaí, 1990. **129.**—Leasaítear alt 21(1) d’Acht na gCuideachtaí, 1990 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (*fb*):
- “(fb) d’fhonn coiste (is coiste de réir bhrí an Achta um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013 lena mbaineann *Cuid 3* nó *6*, nó *Caibidil 2* nó *3* de *Chuid 7*, nó *alt 118*, den Acht sin) do chomhlíonadh aon cheann dá chuid feidhmeanna.”.
- Leasú ar alt 46 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997. **130.**—Leasaítear alt 46(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997—
- (a) i mír (*e*), trí “an dá Theach sin,” a chur in ionad “an dá Theach sin, nó”, agus
- (b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*e*):
- “(ea) maidir le taifead a bhaineann le haon pháipéar príobháideach nó le haon chumarsáid rúnda, de réir bhrí *Chuid 10* den *Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013*, nó le haon doiciméad oifigiúil, de réir bhrí *Chuid 11* den Acht sin, mura rud é gur tugadh toiliú faoin Acht seo chun é nó í a nochtadh, nó”.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna*
Imeachta), 2013.

CD.14

131.—Leasaítear alt 13(a) den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998 trí “faoi alt 67 nó 83 den *Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta)*, 2013” a chur in ionad “faoi alt 3 den Acht um Choistí Thithe an Oireachtais (Inordaitheacht, Pribhléidí agus Díolúintí Finnéithe), 1997”.
Leasú ar alt 13 den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998.

132.—Leasaítear alt 17(2) den Acht um Chlúmhillleadh, 2009 trí “alt 18(3) nó 78(2) den *Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta)*, 2013” a chur in ionad “alt 11(2) den Acht um Choistí Thithe an Oireachtais (Inordaitheacht, Pribhléidí agus Díolúintí Finnéithe), 1997”.
Leasú ar alt 17 den Acht um Chlúmhillleadh, 2009.

133.—(1) Aon duine a dhéanfaidh, nó a bhagróidh go ndéanfaidh sé nó sí, díobháil, damáiste nó cailteanas d’fhinné, nó a thairgfídh, nó a thabharfaidh, luach saothair d’fhinné i bhfiosrúchán de chuid *Chuid 2* nó i ngnó eile coiste—
Cionta — *Cuid 14*.

(a) le hintinn tionchar a imirt, nó ar shlí atá ceaptha chun tionchar a imirt, ar cibé acu a thabharfaidh nó nach dtabharfaidh aon fhinné den sórt sin fianaise nó ar chineál, méid nó fad na fianaise, nó ar an lánas atá san fhianaise, a thabharfaidh aon fhinné den sórt sin, nó

(b) gan leithscéal dleathach, mar dhíoltas as aon fhinné den sórt sin do thabhairt fianaise, nó de dhroim an chéanna,

tá sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)*, fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le comhalta de Theach nó comhalta de choiste nó comhalta ionchasach de choiste a mbeidh fiosrúchán de chuid *Chuid 2* nó gnó eile coiste á sheoladh aige nó le seoladh aige mar atá feidhm aige maidir le finné ag fiosrúchán nó ag gnó eile coiste faoi seach.

(3) Aon duine atá ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)*—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, dlitear fíneáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, dlitear fíneáil nach mó ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

[Uimh. 33.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [2013.]
(*Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Níosanna*
Imeachta), 2013.

Alt 5.

AN SCEIDEAL

AISGHAIRM

Lua (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na haisghairme (3)
1471–72 (11 & 12 <i>Edw.</i> 4) c. 80 [<i>P.R.O.</i> vol. 3]	<i>Parliamentary Privilege Act</i> , 1471	An tAcht iomlán.
1512 (4 <i>Hen.</i> 8) c. 8	<i>Parliamentary Privilege Act</i> , 1512	An tAcht iomlán.
1514 (6 <i>Hen.</i> 8) c. 16	<i>Parliamentary Attendance Act</i> , 1514	An tAcht iomlán.
1603 (1 <i>Jas.</i> 1) c. 13	<i>Parliamentary Privilege Act</i> , 1603	An tAcht iomlán.
1688 (1 <i>Will. & Mary</i> sess. 2) c. 2	<i>Bill of Rights</i> , 1688	Sa chéad alt, na focail “Freedom of Speech. That the Freedom of Speech and Debates of Proceedings in Parlyament ought not to be impeached or questioned in any Court or place out of Parlyament.”.
1737 (11 <i>Geo.</i> 2) c. 24	<i>Parliamentary Privilege Act</i> , 1737	An tAcht iomlán.
1770 (10 <i>Geo.</i> 3) c. 50	<i>Parliamentary Privilege Act</i> , 1770	An tAcht iomlán.
1847 (10 & 11 <i>Vict.</i>) c. 69	<i>House of Commons Costs Taxation Act</i> , 1847	An tAcht iomlán.
1849 (12 & 13 <i>Vict.</i>) c. 78	<i>House of Lords Costs Taxation Act</i> , 1849	An tAcht iomlán.
1858 (21 & 22 <i>Vict.</i>) c. 78	<i>Parliamentary Witnesses Act</i> , 1858	An tAcht iomlán.
1865 (28 & 29 <i>Vict.</i>) c. 27	<i>Parliamentary Costs Act</i> , 1865	An tAcht iomlán.
1867 (30 & 31 <i>Vict.</i>) c. 136	<i>Parliamentary Costs Act</i> , 1867	An tAcht iomlán.
1871 (34 & 35 <i>Vict.</i>) c. 3	<i>Parliamentary Costs Act</i> , 1871	An tAcht iomlán.
1871 (34 & 35 <i>Vict.</i>) c. 83	<i>Parliamentary Witnesses Oaths Act</i> , 1871	An tAcht iomlán.
1879 (42 & 43 <i>Vict.</i>) c. 17	<i>House of Commons Costs Taxation Act</i> , 1879	An tAcht iomlán.
Uimh. 52 de 1924	An tAcht um Chostaisí Billí Príobháideacha, 1924	Ailt 2 go 5.
Uimh. 53 de 1924	An tAcht Mionnaí Fínnithe Oireachtais, 1924	An tAcht iomlán.
Uimh. 10 de 1966	An tAcht um Thithe an Oireachtais (Doiciméid a Leagan faoina mBráid), 1966	An tAcht iomlán.
Uimh. 22 de 1970	An tAcht fán gCoiste um Chuntais Phoiblí Dháil Éireann (Pribhléid agus Níos Imeachta), 1970	An tAcht iomlán.

[2013.] *An tAcht um Thithe an Oireachtais* [Uimh. 33.]
 (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna
 Imeachta), 2013.

Sc.

Lua (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na haisghairme (3)
Uimh. 10 de 1976	An tAcht um Choistí Thithe an Oireachtais (Pribhléid agus Nós Imeachta), 1976	An tAcht iomlán.
Uimh. 32 de 1994	Acht Roghchoiste um Reachtaíocht agus Slándáil Dháil Éireann (Pribhléid agus Díolúine), 1994	An tAcht iomlán.
Uimh. 17 de 1997	An tAcht um Choistí Thithe an Oireachtais (Inordaitheacht, Pribhléidí agus Díolúintí Finnéithe), 1997	An tAcht iomlán.
Uimh. 47 de 1998	An tAcht um an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus um Choistí Thithe an Oireachtais (Forálacha Speisialta), 1998	An tAcht iomlán seachas ailt 1, 12, 21, agus 24(1) agus (3).
Uimh. 16 de 2004	An tAcht um Choistí Thithe an Oireachtais (Inordaitheacht, Pribhléidí agus Díolúintí Finnéithe), 2004	An tAcht iomlán.